

An Irish and English Parallel Bible

BIOBLA NAOMHTHA
Tiomna Nuadh

AR NA THARRUING GO FIRINNEACH
A NGREIGIS UGH DARACH
WILLIAM O'DOMHNUILL
1817

The HOLY BIBLE
The New Testament

King James Version
1769

Printed in Ireland, 2016

An Irish and English Parallel Bible

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year.

It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on English-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

AN
SOISGEUL DO REIR NAOMH MHATHA.

CAIB. I.

Siansiarrachd, 18 geineamhuin, 21 agus minniughadh ainm Chríod.

IEABHAR gheinealuigh Iósa Críod, mhic Dháibhi, mhic Abraham.

2 Do gheine Abraham Isaac; agus do gheine Isaac Iacob; agus do gheine Iacob Iúdas agus a dhearbhráithre;

3 Agus do gheine Iúdas Pháras agus Sára ó Thamar; agus do gheine Pháras Earom; agus do gheine Earom Aram;

4 Agus do gheine Aram Aminadab; agus do gheine Aminadab Náason; agus do gheine Náason Salmon;

5 Agus do gheine Salmon Boos ó Rachab; agus do gheine Boos Obed ó Rút; agus do gheine Obed Iesse;

6 Agus do gheine Iesse Dáibhi an rí; agus do gheine Dáibhi an rí Solomon on mnáoi do bhí ag Urfas;

7 Agus do gheine Solomon Robóam; agus do gheine Robóam Abia; agus do gheine Abia Asa;

8 Agus do gheine Asa Iósaphat; agus do gheine Iósaphat Ióram; agus do gheine Ióram Osias;

9 Agus do gheine Osias Ióatam; agus do gheine Ióatam Achas; agus do gheine Achas Ezechias;

10 Agus do gheine Ezechias Manasses; agus do gheine Manasses Amon; agus do gheine Amon Iosías;

11 Agus do gheine Iosías Iechonias agus a dhearbhráithre, ag bruid na Babilóne.

12 Agus tar éis bruide na Babilóne, do gheine Iechonias Salatiel; agus do gheine Salatiel Sorobabel;

13 Agus do gheine Sorobabel Abiú; agus do gheine Abiú Eliachim; agus do gheine Eliachim Asor;

14 Agus do gheine Asor Sádóc; agus do gheine Sádóc Achim; agus do gheine Achim Eliú;

15 Agus do gheine Eliú Eleasar; agus do gheine Eleasar Mátan; agus do gheine Mátan Iacob;

16 Agus do gheine Iacob Ióseph fear Mhuire, as ar geineadh Iósa, da ngoirtheair Críod.

17 Uime sin a nuile gheinealach ó Abraham go Dáibhi is ceithre geinealuigh dég ind; agus ó Dháibhi go bruid na Babilóne ceithre géine dég; agus ó

bhruide na Babilóne go Críod ceithre géine dég.

18 ¶ Agus is mar so do bhí geineamhuin Iosa Críod: Oir tar éis daingin do thabhairt eidir a mhathair Muire agus Ioséph, ní is táosa na thangadar a ngar dá chéile, fríoth torrach í ón Spiorad Náomh.

19 Achd ar mbeith do Ióseph a fear, na dhúine combhrum, agus nar bháil leis isionpláir do dhéanamh dhi, bá mian ris a cur iad ó iseall.

20 Agus ag amúineadh na neithse dhó, féuch, do fhoillsigh aingeall an Tighearna é féin dó a naisling, ag rádh, A Ióseph, mhic Dháibhi, na bíodh eagla ort do bhean fein Muire do ghabháil chugad: oir an ní atá ar na gheineamhuin innte is ón Spiorad Náomh é.

21 Agus béaruidh sí mac, agus do bhéaruidh tú Iosa daimn air: Oir sláineochadh sé a phubal féin ó na bpeacúighibh.

22 Agus do rinnendh so uile, do chum go gcomhlíonfaighthe an ní a dubhairt an Tighearna tré an bhfaidh, ag rádh,

23 Tabhairt dod aire, bíadhd maighdean torrach, agus bearuidh sí mac, agus do bhéaruidh tú Emmanuel daimn air, noch ar na mhíniughadh, iseadh, Dia maille rinn.

24 Agus ar mágladh do Ióseph as a chodladh do rinne sé mar do aithin aingeal an Tighearna dhe, agus do ghabh sé chuide a bhean:

25 Agus nior aithin sé í no go rug sí a céudmhac: agus tug sé Iosa daimn air.

CAIB. II.

Donorugh na draóithe Críod; 14 Theith Ióseph leis don Egipt, 16 agus mharbh Ioruaith na leasba.

AGUS an tan do rugadh Iósa a Mbeteem thre Iúdaighe a laithibh Ioruaith an rí, féuch, tangadar droicthe ó náird shoir go Hiarusalem,

2 Ag rádh, Ga háit iona bhfuil an Rí úd na Nírdúigheadh atá ar na bhreith? óir do chunnamáirne a réalt san aird shoir, agus tangamar dá onóruhadh.

3 ¶ Achd an trádh do chusáidh an rí Ioruaith sin, do bhí sé ar na bhúaidheandh, agus Iarusaleim uile maille ris.

4 Agus ar gcrainninghadh éachdarra na sagart uile dhó agus agriobúidheag

811

The Books of the New Testament

The Gospel According to Matthew	6
The Gospel According to Mark.....	78
The Gospel According to Luke	123
The Gospel According to John	199
Acts of the Apostles	255
The Letter of Paul the Apostle to the Romans	329
The First Epistle of Paul to the Corinthians.....	359
The Second Epistle of Paul to the Corinthians	389
The Epistle of Paul to the Galatians	409
The Epistle of Paul to the Ephesians.....	419
The Epistle of Paul to the Philippians	429
The Epistle of Paul to the Colossians	437
The First Epistle of Paul to the Thessalonians.....	444
The Second Epistle of Paul to the Thessalonians.....	451
The First Epistle of Paul to Timothy	455
The Second Epistle of Paul to Timothy	464
The Epistle of Paul to Titus	470
The Epistle of Paul to Philemon.....	474
The Epistle of Paul the Apostle to the Hebrews.....	476
The General Epistle of Paul to James	498
The First General Epistle of Peter	506
The Second General Epistle of Peter	515
The First General Epistle of John	521
The Second Epistle of John	529
The Third Epistle of John.....	531
The General Epistle of Jude	533
Revelation	536

An Soisgeul Do Reir Naomh Mhata

The Gospel According to Matthew

William O'Domhnuill New Testament
of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611
1769 Edition

Caibidil 1

*Sinsiorrachd, 18 geineamhuin, 21 agus
miniughadh ainm Chríod.*

Chapter 1

1 Leabhar gheinealuigh Iósa Críod, mhic Dhaibhi, mhic Abraham.

2 Do ghein Abraham Isaac; agus do ghein Isaac Iacob; agus do ghein Iacob Iúdas agus a dhearbhráithre;

3 Agus do ghein Iúdas Pháres agus Sára ó Thamar; agus do ghein Pháres Esrom; agus do ghein Esrom Aram;

4 Agus do ghein Aram Aminadab; agus do ghein Aminadab Náason; agus do ghein Náason Salmon;

5 Agus do ghein Salmon Boos ó Rachab; agus do ghein Boos Obed ó Rúit; agus do ghein Obed Iesse;

6 Agus do ghein Iesse Dáibhi an rí; agus do ghein Dáibhi an rí Solomon on mnáoi do bhi ag Urías;

7 Agus do ghein Solomon Robóam; agus do ghein Robóam Abía; agus do ghein Abía Asa;

8 Agus do ghein Asa Iósaphat; agus do ghein Iósaphat Ióram; agus do ghein Ióram Osías;

9 Agus do ghein Osías Ióatam; agus do ghein Ióatam Achas; agus do ghein Achas Esechias;

10 Agus do ghein Esechias Manasses; agus do ghein Manasses Amon; agus do ghein Amon Iosías;

11 Agus do ghein Iosías Iechonías agus a dhearbhráithre, ag bruid na Babilóine.

12 Agus tar éis bruide na Babilóine, do ghein Iechonias Salatiel; agus do ghein Salatiel Sorobabel;

13 Agus do ghein Sorobabel Abiúd; agus do ghein Abiúd Eliachim; agus do ghein Eliáchim Asor;

14 Agus do ghein Asor Sádóc; agus do ghein Sádóc Achim; agus do ghein Achim Eliúd;

15 Agus do ghein Eliúd Eleazar; agus do ghein Eleazar Mátan; agus do ghein Mátan Iacob;

16 Agus do ghein Iacob Ióseph fear Mhuire, as ar geineadh Iósa, da ngoirthear Críod.

17 Uime sin a nuile gheinealach ó Abraham go Dáibhi is ceithre gheinealuigh dég iad; agus ó Dháibhi go bruid na Babilóine ceithre glúine

1 The book of the generation of Jesus Christ, the son of David, the son of Abraham.

2 Abraham begat Isaac; and Isaac begat Jacob; and Jacob begat Judas and his brethren;

3 And Judas begat Phares and Zara of Thamar; and Phares begat Esrom; and Esrom begat Aram;

4 And Aram begat Aminadab; and Aminadab begat Naasson; and Naasson begat Salmon;

5 And Salmon begat Booz of Rachab; and Booz begat Obed of Ruth; and Obed begat Jesse;

6 And Jesse begat David the king; and David the king begat Solomon of her *that had been the wife* of Urias;

7 And Solomon begat Roboam; and Roboam begat Abia; and Abia begat Asa;

8 And Asa begat Josaphat; and Josaphat begat Joram; and Joram begat Ozias;

9 And Ozias begat Joatham; and Joatham begat Achaz; and Achaz begat Ezekias;

10 And Ezekias begat Manasses; and Manasses begat Amon; and Amon begat Josias;

11 And Josias begat Jechonias and his brethren, about the time they were carried away to Babylon:

12 And after they were brought to Babylon, Jechonias begat Salathiel; and Salathiel begat Zorobabel;

13 And Zorobabel begat Abiud; and Abiud begat Eliakim; and Eliakim begat Azor;

14 And Azor begat Sadoc; and Sadoc begat Achim; and Achim begat Eliud;

15 And Eliud begat Eleazar; and Eleazar begat Matthan; and Matthan begat Jacob;

16 And Jacob begat Joseph the husband of Mary, of whom was born Jesus, who is called Christ.

17 So all the generations from Abraham to David *are* fourteen generations; and from

dég; agus ó bhruide na Babilóne go Chríod ceithre glúine dég.

18 Agus is mar so do bhí geineamhuin Iosa Chríod: Oir tar éis daingin do thabhairt eidir a mhathair Muire agus Ioséph, ní is táosga na thangadar a ngar dá cheile fríoth torrach í ón Spiorad Náomh.

19 Achd ar mbeith do Ióseph a fear, na *dhuine* comhthrum, agus nar bháill leis isiompláir do dhéanamh dhi, bá mían ris n cur úadh ós íseall.

20 Agus ag smúaineadh na neithise dhó, féuch, do fhoillsigh aingeall an Tighearna e féin dó a naisling, ag rádh, A Ióseph, mhic Dháibhi, na bíodh eagla ort do bhean féin Muire do ghabháil chugad: oir an ní atá ar na gheineamhuin innte is ón Spiorad Náomh é.

21 Agus béaruidh sí mac, agus do bhéaruidh tú Iosa dainm air: óir sláineochadh sé a phubal féin ó na bpeacuighibh.

22 Agus do rinneadh so uile, do chum go gcoimhlíonfuighthe an ní a dubhairt an Tighearna trés an bhfaidh, ag rádh,

23 Tabhair dod aire, bíaidh maighdean tórrach, agus bearuidh sí mac, agus do bhéaruidh tú Emmanuel dainm air, noch ar na mhíniughadh, iseadh, Día maille rinn.

24 Agus ar músghladh do Ióseph as a chodladh do rinne sé mar do aithin aingeal an Tighearna dhe, agus do ghabh sé chuige a bhean:

25 Agus nior aithin sé í no go rug sí a céudmhac: agus tug sé Iosa dainm air.

Caibidil 2

Donoruigh na draóithe Críod; 14 Theith Ióseph leis do Egipt, 16 agus mharbh Ioruaith na leanba.

1 Agus an tan do rugadh Iósa a Mbetleem thíre Iúdaighe a laithibh Iorúaith an rí, féuch, tangadar draóithe ó naird shoir Híarusalem,

2 Ag rádh, Ga háit iona bhfuil an Rí úd na Niúduigheadh atá ar na bhreith? óir do chunncamárne a réalt san aird shoir, agus tangamar dá onórughadh.

3 Achd an tráth do chuálaidh an rí Ioruaith *sín*, do bhí sé ar na bhúaidhreadh, agus Iárusaleim uile maille ris.

4 Agus ar gcruinniughadh úachdarán na sagart uile dhó agus sgriobuidheagh an phubail, do fhiafruigh sé dhióbh, Cía a náit ann a mbéartháoi Chríod.

David until the carrying away into Babylon *are* fourteen generations; and from the carrying away into Babylon unto Christ *are* fourteen generations.

18 Now the birth of Jesus Christ was on this wise: When as his mother Mary was espoused to Joseph, before they came together, she was found with child of the Holy Ghost.

19 Then Joseph her husband, being a just *man*, and not willing to make her a publick example, was minded to put her away privily.

20 But while he thought on these things, behold, the angel of the Lord appeared unto him in a dream, saying, Joseph, thou son of David, fear not to take unto thee Mary thy wife: for that which is conceived in her is of the Holy Ghost.

21 And she shall bring forth a son, and thou shalt call his name JESUS: for he shall save his people from their sins.

22 Now all this was done, that it might be fulfilled which was spoken of the Lord by the prophet, saying,

23 Behold, a virgin shall be with child, and shall bring forth a son, and they shall call his name Emmanuel, which being interpreted is, God with us.

24 Then Joseph being raised from sleep did as the angel of the Lord had bidden him, and took unto him his wife:

25 And knew her not till she had brought forth her firstborn son: and he called his name JESUS.

Chapter 2

1 Now when Jesus was born in Bethlehem of Judaea in the days of Herod the king, behold, there came wise men from the east to Jerusalem,

2 Saying, Where is he that is born King of the Jews? for we have seen his star in the east, and are come to worship him.

3 When Herod the king had heard *these things*, he was troubled, and all Jerusalem with him.

4 And when he had gathered all the chief priests and scribes of the people together, he demanded of them where Christ should be born.

5 Agus a dubhradarsan rís, A Mbeitleem thíre Iúdaighe: óir is mar so atá sé sgríobhtha ag an bhfaigh,

6 Agus tusa a Bhetleem, talamh Iúda, ní tú is lugha eidir dhúibhcidhibh Iúdah: óir is asad thioctas an Duibhce, sdúireóchus mo phubal Israel.

7 Agus ann sin do ghoir Iorúaithe, na dráoithe ós íseal chuige, agus do fhiafruigh sé dhíobh go roighér cía a naimsear ionar foillsigheadh an réult.

8 Agus agá gcur go Beitleem dhó, a dubhairt sé, Imthighe agus iáruigh an náoidhe go díthchiollach; agus tar eís a fhaghala dháobh, innisigh dhamsa é, do chum go rachainnsi féin agus go dtiobhruinn onóir dhó.

9 Agus ar gcúinsin an rígh dhóibh, do imthigheadar; agus, féuch, an réult, do chunncadar sa náird shoir, do chuáidh sé rompa, no go dtáinic sé agus gur chomhnuigh sé ós cionn a nionuid ann a raibh an náoidheanán.

10 Agus ar bhfaicsin na réilte dhóibh, do ghabh gáirdeachus romhór iád.

11 Agus ar ndul a steach don tigh, fúaradar an náoidhe a bhfochair a mhathar Muire, agus ag tuitiom síos, do onóruigheadar é: agus an nosgladh a gcisdeagh, thugadar tiodhluicthe dhó; ór, agus túis, agus mirr.

12 Agus ar bhfagháil teaguis ó Dhía a naisling gan casadh dionsuighe Iorúaithe, do fhilleadar a slighe eile da dtír féin.

13 Agus ar nimtheachd air a nais dóibh, feach, do toibhreadh aingeal an Tighearna a mbrionglóid do Ióseph, ag radh, Eirigh agus gabh a náoidheanán agus a mhathair chugad, agus teith do Néigipt, agus bí ann sin no go labhruidh misi riot: óir iárrfuidh Iorúaithe an náoidhe do chum a mhillte.

14 Agus ar néirghe dhósan, do ghabh sé an náoidhe chuige agus a mhathair ann sa noidhche, agus do imthigh sé do Néigipt:

15 Agus do bhí se ann sin go bás Iorúaithe: do chum go gcoimhlíonfuighthe an ní a dubhairt an Tighearna leis an bhfaigh, a deir, Do ghoir mé mo mhac as a Néigipt.

16 Ann sín an tan do chunnairc Iorúaithe, go ndearnadar na dráoithe fonómhad fáoi, do las sé lé feirg, agus ar gcur úadh, do mharbh sé a raibh do leanbaibh-fear a Mbeitleem, agus ann a teórannaibh uile, ó áois dhá mbliadhán nó fáoi, do réir na haimsire dfoghluim sé go dithchiollach ó na dráoitheibh.

17 Is annsin do coimhlíonadh an ní, a dubhairt Ieremías an fáigh, a deir,

18 Do chlos gúth a Ráma, cáoi, agus gul, agus úallfurtach romhór, Rachel a cáoineadh a

5 And they said unto him, In Bethlehem of Judaea: for thus it is written by the prophet,

6 And thou Bethlehem, *in* the land of Juda, art not the least among the princes of Juda: for out of thee shall come a Governor, that shall rule my people Israel.

7 Then Herod, when he had privily called the wise men, enquired of them diligently what time the star appeared.

8 And he sent them to Bethlehem, and said, Go and search diligently for the young child; and when ye have found *him*, bring me word again, that I may come and worship him also.

9 When they had heard the king, they departed; and, lo, the star, which they saw in the east, went before them, till it came and stood over where the young child was.

10 When they saw the star, they rejoiced with exceeding great joy.

11 And when they were come into the house, they saw the young child with Mary his mother, and fell down, and worshipped him: and when they had opened their treasures, they presented unto him gifts; gold, and frankincense, and myrrh.

12 And being warned of God in a dream that they should not return to Herod, they departed into their own country another way.

13 And when they were departed, behold, the angel of the Lord appeareth to Joseph in a dream, saying, Arise, and take the young child and his mother, and flee into Egypt, and be thou there until I bring thee word: for Herod will seek the young child to destroy him.

14 When he arose, he took the young child and his mother by night, and departed into Egypt:

15 And was there until the death of Herod: that it might be fulfilled which was spoken of the Lord by the prophet, saying, Out of Egypt have I called my son.

16 Then Herod, when he saw that he was mocked of the wise men, was exceeding wroth, and sent forth, and slew all the children that were in Bethlehem, and in all the coasts thereof, from two years old and under, according to the time which he had diligently enquired of the wise men.

17 Then was fulfilled that which was spoken by Jeremy the prophet, saying,

18 In Rama was there a voice heard, lamentation, and weeping, and great

cloinne, agus níor bháil le sólas do ghlacadh, tré nach rabhadar.

19 Agus an tan fúair Iorúaith bás, féuch, do toibhreach aingeall an Tighearna a mbriónglóid do Ióseph sa Néigipt,

20 Ag rádh, Éirigh, gabh chugad an leanabh agus a mhathair, agus imthigh go talamh Israél: óir fúaradar *an dream* do bhí ag iáruidh anma an leinibh bás.

21 Agus do éirigh seisean, agus do ghabh sé an leanabh agus a mhathair chuige, agus tainic sé go talamh Israél.

22 Agus an tan do chúaluidh sé Archeláus do bheith na rí a tír Iúdaighe a nionad Iorúaith a athar, do bhí eagla air dul innte: achd cheana, ar bhfagháil teaguisg ó Dhía dhó a mbrionglóid, do iompóidh sé go críochaibh na Galilé:

23 Agus an tan tháinic sé ann, do chomhnuigh sé sa gcathair dá ngoirthear Násaret: do chum go gcomhlíonfuidhthe an ní a dubhradh ris na fáighibh, Go ngoirfighe Nasardha dhe.

Caibidil 3

Teagasc agus caithe beutha Eóin Bháisde, 13 noch re ar baisdeadh Iosa Criosd.

1 Ann sna laithibh sin do bhí Eóin Baisde, ag déanamh seannmóra a bhfásach tíre Iúdaighe,

2 Agus a rádh, Déanuidh aithríge: óir do dhruid ríoghachd De ribh.

3 Oír a sé so an té úd air ar labhair Isaias faígh, ag radh, Guth an té éimhgheas air an bhfásach, Ullmhuighidh slighe an Tighearna, déanuidh a chasain díreach.

4 Agus a sí culuigh do bhí uime Eóin éadach do rúaidhneach chámhall, agus crios leathair a ttimcheall a leasruigh; agus a sé do budh bíadh dhó lócuiste agus mil fhiáin.

5 Do chúaidh Ierusaléim a mach chuige an tansin, agus Iudéa uile, agus luchd na tálmhan atá a ttimcheall Iordan uile,

6 Agus do ghabhadar baisdeadh úadha ann Iordán, ag admháil a bpeacadh.

7 Agus an tan do chunnairc sé mórán do na Pháirisíneachaibh agus do na Sadúiseachaibh ag teachd do chum a bhaisdigh féin, a dúbhairt sé ríu, A shíol na naithreach neimhe, cía do fhoillsigh dháobh teitheamh ón fheirg atá ag teachd?

8 Ar a nadhbharsin tabhruigh toradh bhus iomchubhuigh do naithríge:

9 Agus na smúainidh a rádh ionnaibh féin, Atá Abraham na athair *aguin*: óir a deirim ribh,

mourning, Rachel weeping *for* her children, and would not be comforted, because they are not.

19 But when Herod was dead, behold, an angel of the Lord appeareth in a dream to Joseph in Egypt,

20 Saying, Arise, and take the young child and his mother, and go into the land of Israel: for they are dead which sought the young child's life.

21 And he arose, and took the young child and his mother, and came into the land of Israel.

22 But when he heard that Archelaus did reign in Judaea in the room of his father Herod, he was afraid to go thither: notwithstanding, being warned of God in a dream, he turned aside into the parts of Galilee:

23 And he came and dwelt in a city called Nazareth: that it might be fulfilled which was spoken by the prophets, He shall be called a Nazarene.

Chapter 3

1 In those days came John the Baptist, preaching in the wilderness of Judaea,

2 And saying, Repent ye: for the kingdom of heaven is at hand.

3 For this is he that was spoken of by the prophet Esaias, saying, The voice of one crying in the wilderness, Prepare ye the way of the Lord, make his paths straight.

4 And the same John had his raiment of camel's hair, and a leathern girdle about his loins; and his meat was locusts and wild honey.

5 Then went out to him Jerusalem, and all Judaea, and all the region round about Jordan,

6 And were baptized of him in Jordan, confessing their sins.

7 But when he saw many of the Pharisees and Sadducees come to his baptism, he said unto them, O generation of vipers, who hath warned you to flee from the wrath to come?

8 Bring forth therefore fruits meet for repentance:

9 And think not to say within yourselves, We have Abraham to *our* father: for I say unto you,

gurab éidir lé Día clann do dhéanamh Dabrahám do na clochuibhsi.

10 Agus a nois atá an túagh ar na cur do chum fréimhe na gerann: air a nadhbharsin giodh bé crann nach iomchrann toradh maith gearrthar é, agus teilgthear san teinidh é.

11 Go deimhin baidimsi sibh lé huisge do chum aithrige: achd cheana an té thig am dhíaigh is láidire é ná mé, agus ní fíu misi a bhróga diomchur: baidfe seisean leis an Spioraid Náomh, agus lé teinigh sibh:

12 Agá bhfuil a criathar ann a láimh, agus glanfuigh sé urlár a bhúailte, agus cruinneochuigh sé an chruithneachd an ait thaisgidhe; agus loisgfídh sé an cháidh lé teinigh nach éidir do mhúchadh.

13 Taínic Iósa an tansin on Ngalilé go Iordán do chum Eóin, ionnas go mbaisdfeadh sé é.

14 Achd *cheana* do thoirmeisg Eóin é, ag rádh, Atá a ríachdanus oramsa thusa dóm bhaisdeadh, agus an bhfuil tusa ag teachd chugamsa?

15 Agus do fhreagair Iósa é agus a dubhairt se ris, **Léig dhó a nóis: óir is mar so is íomchubhaigh dhúinn gach uile cheart do choimhlíonadh.** Do fhulaing sé dhó an tansin.

16 Agus ar mbeith ar na bhaisdeagh Díosa, do chúaidh sé air ball súas as a nuisge: agus, féuch, do hósghadh neamh dhó, agus do chunnairc sé Spiorad Dé ag tuirrling a geosamhlachd choluim, agus ag teachd airsion:

17 Agus féuch gúth ó neamh, ag rádh, Ag so mo Mhac grádhach so, dá bhfuil mo mhórthoil ann.

Caibidil 4

Do chuir an taidhbhirseóir cathughadh ar Criosd, déis fadthrosghadh. 17 Tar eis Iosa da bhúádhudh air, do thionnsgain sé a mhiniostralacht.

1 Ann sin do threóruigh an spiorad Iósa gus an bhfásach do chum go geuirfeadh an díabhal cathughadh air.

2 Agus an tan do throisg sé dá fhíchiot lá agus dá fhíchiot oidhche, do ghabh ocras é na dhíaigh sin.

3 Agus air dteachd do náidhbhirséoir chuige, a dubhairt sé, Mas tusa Mac Dé, aithin do na clochuibhsi bheith na narán.

4 Achd do fhreagair seisean, agus a dubhairt, **Atá sé sgríobhtha, Ní lé harán a mhain mhairfeas duine, achd lé gach uile bhreithir dá dtig ó bhéul Dé.**

5 Rug an díabhal leis é an tansin don chathruigh náomhtha, agus do chuir sé air bhinn an teampuill é,

that God is able of these stones to raise up children unto Abraham.

10 And now also the axe is laid unto the root of the trees: therefore every tree which bringeth not forth good fruit is hewn down, and cast into the fire.

11 I indeed baptize you with water unto repentance: but he that cometh after me is mightier than I, whose shoes I am not worthy to bear: he shall baptize you with the Holy Ghost, and *with* fire:

12 Whose fan *is* in his hand, and he will thoroughly purge his floor, and gather his wheat into the garner; but he will burn up the chaff with unquenchable fire.

13 Then cometh Jesus from Galilee to Jordan unto John, to be baptized of him.

14 But John forbad him, saying, I have need to be baptized of thee, and comest thou to me?

15 And Jesus answering said unto him, **Suffer it to be so now: for thus it becometh us to fulfil all righteousness.** Then he suffered him.

16 And Jesus, when he was baptized, went up straightway out of the water: and, lo, the heavens were opened unto him, and he saw the Spirit of God descending like a dove, and lighting upon him:

17 And lo a voice from heaven, saying, This is my beloved Son, in whom I am well pleased.

Chapter 4

1 Then was Jesus led up of the Spirit into the wilderness to be tempted of the devil.

2 And when he had fasted forty days and forty nights, he was afterward an hungred.

3 And when the tempter came to him, he said, If thou be the Son of God, command that these stones be made bread.

4 But he answered and said, **It is written, Man shall not live by bread alone, but by every word that proceedeth out of the mouth of God.**

5 Then the devil taketh him up into the holy city, and setteth him on a pinnacle of the temple,

6 And saith unto him, If thou be the Son of

6 Agus a dubhairt sé ris, Mas tú Mac Dé, teilg thú féin síos: óir a tá sé sgríobhtha, Go ttiobhruigh sé aithne da ainglibh ad thimcheall: agus toigabhuidh siád thú ann a lámhaibh, do chum nach mbúailfeá do chos fá chloich.

7 A dubhairt Iósa ris, **Atá sé sgríobhtha mar an gceadna, Ní chuirfidh tú cathughadh ar an Tighearna do Dhía féin.**

8 Rug an diabhal a rís é do chum sléibhe ro áird, agus do thaisbeín sé dhó rioghachda an domhain uile, agus a nglóir;

9 Agus a dubhairt sé ris, Do bhéaruidh mise iád so uile dhuit, má shléachdann tú dhamh dom onórughadh.

10 A dubhairt Iósa ris annsin, **Imthigh romhad, a chathuightheóir: óir átá sgríobhtha, Onórfuidh tú an Tighearna do Dhía féin, agus a dó na áonar do dhéuna tú seirbhís.**

11 Do fhágaibh an diabhal é an tansin, agus, féuch, tangadar na haingil agus do rinneadar friotholamh dhó.

12 Agus an tan do cúalaidh Iósa gur cuireadh Eóin a láimh, do imthigh sé don Ghalilé;

13 Agus ar bhfágbháil Nasárét, taínic sé do dhéanamh comhnuighe go Capernaúm, do bhí chois na fairge, a leithimeal Shabulon agus Nephtailim:

14 Do chum go gcoimhlionfuidhthe an ní a dubhairt Esaias fáigh, noch a deir,

15 Talamh Sabulon, agus talamh Nephtalim, slighe na fairge, ar an dtáobh thall do Iórdan, Galilé na Gcineadhach:

16 An pubal do bhí no shuidhe a ndorchadas do chunnaire sé soillse mhór; agus atá solus ar neirghe do na dáoinibh atá na suidhe a gcrich agus a sgáile an bháis.

17 O sin a mach do thionnsgain Iósa seanmóir do dhéanamh ag rádh, **Déanuidh aithrighe: óir dhruid an rioghachd neamhdha ribh.**

18 Agus a siobhal Díosa, ré táobh fhiarge na Gaililé, do chunnaire sé dias dearbhrathar, Símon da ngoirthear Peadar, agus Aindriás a dhearbhrathair, ag teilgean lín san bhfairge: óir dob íasgairghe iád.

19 Agus a deir sé ríu, **Leanaigh misi, agus do dhéana mé íasgairghe air dháoinibh dhibh.**

20 Agus ar bhfagbhaíl a líontadh air ball *dóibh*, do leanadar eísean.

21 Agus ar nimtheachd as sin dó, do chunnaire sé dias eile dearbhrathar, Seúmas *mhac Sébedé*, agus Eóin a dhearbhrathair, a mbád a bhfochair Shebedé a nathar, ag córughadh a líontadh; agus do ghoir sé iád.

22 Agus ar bhfagbhaíl an bhaíd agus a nathar dhóibhsean, do leanadar é.

God, cast thyself down: for it is written, He shall give his angels charge concerning thee: and in *their* hands they shall bear thee up, lest at any time thou dash thy foot against a stone.

7 Jesus said unto him, **It is written again, Thou shalt not tempt the Lord thy God.**

8 Again, the devil taketh him up into an exceeding high mountain, and sheweth him all the kingdoms of the world, and the glory of them;

9 And saith unto him, All these things will I give thee, if thou wilt fall down and worship me.

10 Then saith Jesus unto him, **Get thee hence, Satan: for it is written, Thou shalt worship the Lord thy God, and him only shalt thou serve.**

11 Then the devil leaveth him, and, behold, angels came and ministered unto him.

12 Now when Jesus had heard that John was cast into prison, he departed into Galilee;

13 And leaving Nazareth, he came and dwelt in Capernaum, which is upon the sea coast, in the borders of Zabulon and Nephthalim:

14 That it might be fulfilled which was spoken by Esaias the prophet, saying,

15 The land of Zabulon, and the land of Nephthalim, *by* the way of the sea, beyond Jordan, Galilee of the Gentiles;

16 The people which sat in darkness saw great light; and to them which sat in the region and shadow of death light is sprung up.

17 From that time Jesus began to preach, and to say, **Repent: for the kingdom of heaven is at hand.**

18 And Jesus, walking by the sea of Galilee, saw two brethren, Simon called Peter, and Andrew his brother, casting a net into the sea: for they were fishers.

19 And he saith unto them, **Follow me, and I will make you fishers of men.**

20 And they straightway left *their* nets, and followed him.

21 And going on from thence, he saw other two brethren, James *the son* of Zebedee, and John his brother, in a ship with Zebedee their father, mending their nets; and he called them.

22 And they immediately left the ship and their father, and followed him.

23 And Jesus went about all Galilee, teaching

23 Agus do ghabh Iósa a dtimcheall na Galilé uile, ag teagasg ann a sionagóguibh, agus ag seanmóir shoisgéil na rioghachda, agus ag slánúghadh gach tinnis agus gach éagcrúais a measg an phubail.

24 Agus do chúaidh a chlú feadh na Síria uile: agus tugadar chuige gach áon da raibh easlán agus ar na gcuibhreachd lé gálruighthibh agus le piántúibh éugsamhla, agus agá mbidis deamhain ionnta, agus do bhíodh tinn lé goin na raé, agus luchd pailirise; agus do shlánuigh sé iád.

25 Agus do lean cuideachda mhór é ón Ghaililé, agus ó Dhecapólis, agus ó Ierusalám, agus ó Iudéa, agus ó táobh thall do Iórdán.

in their synagogues, and preaching the gospel of the kingdom, and healing all manner of sickness and all manner of disease among the people.

24 And his fame went throughout all Syria: and they brought unto him all sick people that were taken with divers diseases and torments, and those which were possessed with devils, and those which were lunatick, and those that had the palsy; and he healed them.

25 And there followed him great multitudes of people from Galilee, and *from* Decapolis, and *from* Jerusalem, and *from* Judaea, and *from* beyond Jordan.

Caibidil 5

Seanmóir Chríosa ar an tsléibh, in a bhfuil na hocht beannuigheadh, agus míniúghadh an reachd.

1 Agus an tan chunnairc an slúagh, do chuáidh sé súas ar shliabh: agus ar suighe dhó tangadar a dheisgiobuil chuige:

2 Agus ar nosgladh a bhéil dhó, do theagaisg sé iád, ag rádh,

3 *Is beannuighthe na boichd a sbioruid: óir is léo ríoghachd neimhe.*

4 *Is beannuighthe na daóine do ní do bhrón: óir do gheabha siád sólas.*

5 *Is beannuighthe na daóine ceannsaighe: óir bíaidh oighreachd na talmhan aca.*

6 *Is beannuighthe an dream air a bhfuil ocras agus tart na córa: óir sáiseochthar iád.*

7 *Is beannuighthe na daóine trócaireacha: óir do gheabha siád trócaire.*

8 *Is beannuighthe na daóine na daóine atá glan ná gcroidhe: óir do chífidh siád Día.*

9 *Is beannuighthe luchd na siothchána do dhéanamh: óir goirfidhthear clann Dé dhiobh.*

10 *Is beannuighthe an dream fhuilngeas dochar ar son na córa: óir is léo ríoghachd neimhe.*

11 *Is beannuighthe bheithí, an tan imdheargfuid dáoine sibh, agus dhibeoruid sibh, agus a déuruid gach uile dhrochfhocal ribh go bréugach, ar mo shonsa.*

12 *Bíodh gairdeachas, agus luáthgháir óruibh: óir is mór bhur lúaidheachd ar neamh: óir is mar sin do ghéirleanadar na faidhe tháinic romhaibh.*

13 *Is sibhsi salann na talmhan: gidheadh dá ccaillfeadh an salann a bhlas, creúd lé a saillfidhthear é? ní bhfuil féidhm air ó sin súas, achd a thilgean a mach, agus a shailtart fá chosaibh dáoine.*

14 *Is sibhsi solus an domhain. Ní héidir cathair atá ar na suighuighadh ar shliabh dfolach.*

Chapter 5

1 And seeing the multitudes, he went up into a mountain: and when he was set, his disciples came unto him:

2 And he opened his mouth, and taught them, saying,

3 *Blessed are the poor in spirit: for theirs is the kingdom of heaven.*

4 *Blessed are they that mourn: for they shall be comforted.*

5 *Blessed are the meek: for they shall inherit the earth.*

6 *Blessed are they which do hunger and thirst after righteousness: for they shall be filled.*

7 *Blessed are the merciful: for they shall obtain mercy.*

8 *Blessed are the pure in heart: for they shall see God.*

9 *Blessed are the peacemakers: for they shall be called the children of God.*

10 *Blessed are they which are persecuted for righteousness' sake: for theirs is the kingdom of heaven.*

11 *Blessed are ye, when men shall revile you, and persecute you, and shall say all manner of evil against you falsely, for my sake.*

12 *Rejoice, and be exceeding glad: for great is your reward in heaven: for so persecuted they the prophets which were before you.*

13 *Ye are the salt of the earth: but if the salt have lost his savour, wherewith shall it be salted? it is thenceforth good for nothing, but to be cast out, and to be trodden under foot of men.*

14 *Ye are the light of the world. A city that is set on an hill cannot be hid.*

15 Agus ní lasaid dáoine coinneal do, chum go gcuirfidis fa bhéul buiséal í, achd a gcoinneóir; agus ní sí solas dá a mbíonn a stigh.

16 Go madh mar sin dhealróchus bhur soillsisi a bhfiaghnuisi na ndáione, a gcrúth go bhfaicfidh siad bhur ndeaghoibrighthe, agus do dtiobhruid glóir dá bhur Nathair atá ar neamh.

17 Na measaidh go dtáinic misi do sgáoileadh an dlighidh, nó ná bhféigheann: ní dá sgáoileadh thainic mé, achd dá gcoimhlíonadh.

18 Oir a deirim ribh go fírinneach, No go ndeachaidh neamh agus talamh thort, ní rachaidh éan iota na áonphunc don dlightheadh thort, nó go gcoimhlíontar gach éin ní.

19 Ar a nadhbarsin gíodh bé neach bhrisfeas áonaithe do na haitheantaibh róbheagaso, agus theagaisgfeas na dáoine mar sin, goirfidhthear dhe an duine is lúgha a rioghachd neimhe: achd gíodh bé neach dhéanas agus theagaisfeas *iád*, goirfidhthear *duine* mór dhe a rioghachd neimhe.

20 Oir a deirim ribh, Muna sáruighidh bhur bhfireantachdsa *fíreantachd* na sgríobuigheadh agus na phairisíneach, nach rachdaói a steach sa bhflaitheas neamhdha go bráth.

21 Do chúalabhair go ndubhradh ris na seinnsaraibh, Na déuna dúnmharbhadh; agus gidh bé do dhéanas dúnmharbhadh biaidh sé cionntach ó bhreitheamhnas:

22 Achd a deirimsi ribh, Gach neach do ní fearg re na dhearbhráthair gan adhbhar budh ciontach don bhreitheamhnus é: agus gíodh bé neach a déaruidh ré na dhearbhráthair, Raca, budh cionntach do bhreith na comhairle é: agus gíodh bé a déaruidh, A amadain, budh cionntach é do theinigh ifeirn.

23 Uime sin ma thugann tú do thabhartus chum na haltóra, agus go gcuimhneochaidh tú ann sin go bhfuil ní ar bith ag ad dhearbhrathair a daghaidh;

24 Fágaibh do thabhartus ann sin a bhfiadhnuisi na haltóra, agus imthigh; agus ar tús réidhigh réd dhearbhrathair, agus tar éisi sin ar dteachd duit tabhair uáit do thiodlacadh.

25 Réidhigh go lúath réd easgcaruid, an feadh bhiás tú na fhochair sa tslighe; deagla go dtiobhradh teascara don bhreitheamh thú, agus go dtiobhradh an bhreitheamh thú don mháor, agus go dteilgfidhthi a bpríosún thú.

26 A deirim riot go fírinneach, Nach rachaidh tú as sin a mach, nó go níoca tú an fheórling dheigheanach.

15 Neither do men light a candle, and put it under a bushel, but on a candlestick; and it giveth light unto all that are in the house.

16 Let your light so shine before men, that they may see your good works, and glorify your Father which is in heaven.

17 Think not that I am come to destroy the law, or the prophets: I am not come to destroy, but to fulfil.

18 For verily I say unto you, Till heaven and earth pass, one jot or one tittle shall in no wise pass from the law, till all be fulfilled.

19 Whosoever therefore shall break one of these least commandments, and shall teach men so, he shall be called the least in the kingdom of heaven: but whosoever shall do and teach *them*, the same shall be called great in the kingdom of heaven.

20 For I say unto you, That except your righteousness shall exceed *the righteousness* of the scribes and Pharisees, ye shall in no case enter into the kingdom of heaven.

21 Ye have heard that it was said by them of old time, Thou shalt not kill; and whosoever shall kill shall be in danger of the judgment:

22 But I say unto you, That whosoever is angry with his brother without a cause shall be in danger of the judgment: and whosoever shall say to his brother, Raca, shall be in danger of the council: but whosoever shall say, Thou fool, shall be in danger of hell fire.

23 Therefore if thou bring thy gift to the altar, and there rememberest that thy brother hath ought against thee;

24 Leave there thy gift before the altar, and go thy way; first be reconciled to thy brother, and then come and offer thy gift.

25 Agree with thine adversary quickly, whiles thou art in the way with him; lest at any time the adversary deliver thee to the judge, and the judge deliver thee to the officer, and thou be cast into prison.

26 Verily I say unto thee, Thou shalt by no means come out thence, till thou hast paid the uttermost farthing.

27 Do chúalabhair go ndubhradh ris na seinsearaibh, Ní dhéana tú adhaltrannas:
28 Achd a deirimsi ribh, Giodh bé neach fhéuchas air mhnáoi chum a sanntaighthe go ndearnuidh sé adhaltrannas lé cheana ann a chroidhe.
29 Ar a nadhbharsin mas cionntach do shúil deas, bean asad í, agus teilg uáit í: óir is fearr dhuit áonbhall dod bhallaibh do dhul a múgha, na do chorp uile do theilgean go hifearn.
30 Agus má bheir do lámh dheas sgannail dhuit, gearr dhiot í, agus teilg uait í: óir is fearr dhuit áonbhall dod bhallaibh do dhul a múgha, na do chorp uile theilgean go hifearn.
31 Agus a dubhradh, Giodh bé léigtheas a bhean, tabhradh sé leitir dhealaignthe dhi:
32 Achd a deirimsi ribh, Giodh bé neach léigfeas a bhean, (achd amháin ar son adhaltrannais,) go dtugann se uirthé adhaltrannas do dhéanamh: agus an té do bhéaraidh an bheansin do léigeadh do ní sé adhaltrannas.
33 Mar an gcéadna, do chúalabhair go ndubhradh ris na seinsearaibh, Ní thiobruidh tú héitheach, achd do dhéana tú do mhóid don Tighearna:
34 Achd a deirimsi ribh, Na tabhruidh mionna ar bith; na tabhruidh neamh; óir a sé caithír Dé é:
35 Na tabhraidh an talamh; óir a sé sdól a chos é: na tabhruidh Ierusaléim; óir a si cathair an Rígh mhóir í.
36 Na tabhair do cheann *fein* már mhionna, óir ní héidir riot áonruibe do dhéanamh geal na dubh:
37 Achd go madh é bhús comhrádh dháobh, A seadh, a seadh; Ni headh, ni headh: achd gidh bé ní bhías as a gcionn so is ó nolc atá sé.
38 Do chúalabhair go ndubhradh, Súil ar son súile, agus fíacaíl ar son fíacaile:
39 Achd *cheana* a deirimsi ribh, Na cuiridh a naghaidh a nuilc: achd giodh bé neach bhúailfeas tú air do ghíall deas, iompóigh chuige fos an gíall oile.
40 Agus an té lér ab aill cúis bhreitheamhnuis do chuir ort, agus do chóta do bhúain diot, léig leis do chlóca fós.
41 Agus giodh bé bhéuras leis ar feadh míle ar éigin tú, imthigh leis ar feadh dhá mhíle.
42 Tabhair ní don té iárfus ort é, agus giodh bé le nab mián airleagadh dfaghail uáid na fill uáid é.
43 Do chúalabhair go ndubhradh, Gráidheóchuigh tú do chomharsa, bíadh fúath agad dod námhaid.

27 Ye have heard that it was said by them of old time, Thou shalt not commit adultery:
28 But I say unto you, That whosoever looketh on a woman to lust after her hath committed adultery with her already in his heart.
29 And if thy right eye offend thee, pluck it out, and cast *it* from thee: for it is profitable for thee that one of thy members should perish, and not *that* thy whole body should be cast into hell.
30 And if thy right hand offend thee, cut it off, and cast *it* from thee: for it is profitable for thee that one of thy members should perish, and not *that* thy whole body should be cast into hell.
31 It hath been said, Whosoever shall put away his wife, let him give her a writing of divorcement:
32 But I say unto you, That whosoever shall put away his wife, saving for the cause of fornication, causeth her to commit adultery: and whosoever shall marry her that is divorced committeth adultery.
33 Again, ye have heard that it hath been said by them of old time, Thou shalt not forswear thyself, but shalt perform unto the Lord thine oaths:
34 But I say unto you, Swear not at all; neither by heaven; for it is God's throne:
35 Nor by the earth; for it is his footstool: neither by Jerusalem; for it is the city of the great King.
36 Neither shalt thou swear by thy head, because thou canst not make one hair white or black.
37 But let your communication be, Yea, yea; Nay, nay: for whatsoever is more than these cometh of evil.
38 Ye have heard that it hath been said, An eye for an eye, and a tooth for a tooth:
39 But I say unto you, That ye resist not evil: but whosoever shall smite thee on thy right cheek, turn to him the other also.
40 And if any man will sue thee at the law, and take away thy coat, let him have *thy* cloke also.
41 And whosoever shall compel thee to go a mile, go with him twain.
42 Give to him that asketh thee, and from him that would borrow of thee turn not thou away.
43 Ye have heard that it hath been said, Thou shalt love thy neighbour, and hate thine

44 Achd a deirimsi ribh, Bíodh grádh agaibh dá bhur naimhdibh, beannaighidh na dáoine mhallaigheas sibh, deúnaidh maith do na dáoinibh air ar beag sibh, agus deúnaidh urnaighthe ar son na muinntire bhuaidbreas sibh, agus dhíbreas subh;

45 Do chum go mbeith sibh bhur gcloinn ag bhur Nathair *féin* atá air neamh: óir do bheir seisean *fa deara* go néirghean a ghrían air na droch *dhaóinibh* agus air na deagh *dhaóinibh*, agus do ní sé fearthuinn air na firéunachaibh agus air na neimhfhiréunchuibh.

46 Oir ma bhíonn grádh agaibh don mhuinntir agá bhfuil grádh dháoi, creud é an lúaidheachd do ghéubhthaói? a né nach déunaid na Publicáin an ní ceúdna?

47 Agus ma chuirthí *fáilte roimh* bhur ndearbhraithre *féin* amháin creud do níthi do bhárr air chách? A né deúnuid na puiblicáin mar an géudna?

48 Ar a nadhbharsin bídhidhse deangmhálta, mar atá bhur Nathair atá air neamh deangmhálta.

Caibidil 6

*Leanaidh an tseanmóir ar dhaónacht, 5
urnuighe, 16 trosgadh, 24 shaidhbrios, 33
righeachd De.*

1 Tarbhraidh bhur naire nach deúntáoi bhur ndeirc á bhfiadhnuisi dáoine, do chum go bhfaicfidís sibh: nó ní bhfuighthí lúaidheachd ó bhur Nathair atá air neamh.

2 Ar a nadhbharsin a núair do ní tú déirc, na cuir galltrompa dha sheinm romhad, mar do ní luchd an fhúarchrábhaigh ann sna sionagógaibh agus ann sna sraideannaibh, do chum go bhfuighidís glóir ó dhaóinibh. Go firinneach a deirimsi ribh, Go bhfuil a dtúarasdal aca.

3 Achd an tan do ní tusa déirc, na biodh a fhios aigad laímh chli creud do ní do lámh dheas:

4 Do chum go mbiadh do dhéire a bhfolach: agus do bhéaruidh Hathair do chí a bhfolach luaidheachd dhuit ós áird.

5 Agus an tan do ní tú urnuighe, na bi mar luchd an fhúarchrábhaigh: óir is ionmhain léo urnaighthe dheúnamh sna sionagógaibh agus a gcomhrac na ród na seasamh, do chum go bhfaicfidís na dáoine iád. Go deimhin a deirimsi ribh, Go bhfuil a dtúarusdal aca.

6 Achd *cheana*, an tan do ní tusa urnuighe, imthigh a sdeach ann do sheómra, agus ar dhunadh do dhoruis duit, guidh Hathair féin ata a bhfolach; agus do bhéaraidh Hathair do chí a bhfolach luáigheachd ós áird duit.

enemy.

44 But I say unto you, Love your enemies, bless them that curse you, do good to them that hate you, and pray for them which despitefully use you, and persecute you;

45 That ye may be the children of your Father which is in heaven: for he maketh his sun to rise on the evil and on the good, and sendeth rain on the just and on the unjust.

46 For if ye love them which love you, what reward have ye? do not even the publicans the same?

47 And if ye salute your brethren only, what do ye more *than others*? do not even the publicans so?

48 Be ye therefore perfect, even as your Father which is in heaven is perfect.

Chapter 6

1 Take heed that ye do not your alms before men, to be seen of them: otherwise ye have no reward of your Father which is in heaven.

2 Therefore when thou doest *thine* alms, do not sound a trumpet before thee, as the hypocrites do in the synagogues and in the streets, that they may have glory of men. Verily I say unto you, They have their reward.

3 But when thou doest alms, let not thy left hand know what thy right hand doeth:

4 That *thine* alms may be in secret: and thy Father which seeth in secret himself shall reward thee openly.

5 And when thou prayest, thou shalt not be as the hypocrites *are*: for they love to pray standing in the synagogues and in the corners of the streets, that they may be seen of men. Verily I say unto you, They have their reward.

6 But thou, when thou prayest, enter into thy closet, and when thou hast shut thy door, pray to thy Father which is in secret; and thy Father which seeth in secret shall reward thee openly.

7 Achd *cheana* ag déunamh urnuighe dháobh, na bithi rochainnteach, mar na cineadhacha: óir saoilidh siád go neisdfidhtear riu ann a niomad bríathar.

8 *Uime sin* na samhlaighthear sibh riu: óir atá a fhios ag bhur Nathair *fein* cía híad na neithe atá duireasbhaigh oruibh, ní is táosga na iárfuighthí air iád.

9 Air a nadhbharsin déanaidhsi bhur nurnúighe mar so. Ar Nathair atá ar neamh, Náomthar hainm.

10 Tigheadh do ríoghachd. Deúntar do thoil ar an ttalamh, mar do nithear ar neamh.

11 Ar narán laéthamhail tabhair dhúinn a niu.

12 Agus maith dhúinn ar bhfiacha, mar mhaithmídne dar bhféitheamhnuibh *fein*.

13 Agus na léig sinn a ccathughadh, achd sáor inn ó olc: Oir is leachd féin an ríoghachd, agus an chúmhachd, agus an ghloír, go siórruighe. Amen.

14 Oir ma mhaithi a gcionnta do dháoinibh, maithfidh bhur Nathair neámhdha dáobhhsi mar an gcéadna:

15 Achd muna maithtisi a gcionta do na dáoinibh, ní mhaithfidh bhur Nathair féin dáobhhsi bhur gcionta.

16 Agus an tan do nithi trosgadh, na bidhidh grúama, mar luchd an fhúarchrabháidh: óir dorchuidhid siád a naighthe, do chum go madh follus dona dáoinibh iád do throsgadh. A deirimsi ribh go fírrineach, Go bhfuil a ttúarasdal aca.

17 Ach *cheana*, an tan do dheana tusa trosgadh, cuir ola ar do cheann, agus ionnail haghaidh;

18 Do chum nach budh follas dona dáoinibh go ndéanann tú trosgadh, achd dod Athair atá a bhfolach: agus do bhéuraidh Hathair, do chí a bhfolach, lúaidheachd dhuit ós aird.

19 Na cruinnighidh ionnmhas ar an ttalamh, mar a ttrúailleann an léoghan agus an mheirg é, agus mar a ttochlaid agus mar a ngoidid na biothamhnuigh:

20 Achd cruinnighidh ionnmhas dháobh féin air neamh, ós ann nach dtuáilleann an míoll críon ná an mheirg, agus nach tochlaid agus nach goidid na gaduidhthe:

21 Oir goidh bé ball iona bfuil bhur nionnmhas, is ann sin bhiás bhur gcroidhe mar an gcéadna.

22 Sí an tsúil solas an chuirp: uime sin ma bhíonn do shúil glan, bíaidh do chorp uile soillseach.

23 Achd dá raibh do shúil go holc, biaidh do chorp uile dorcha. Air a nadhbharsin ma atá an solus atá ionnad na dhorchadus, créud é méud an dorchaduis sin!

24 Ní héidir lé neach air bith seirbhis do dhéunamh do dha thighearna: óir bíaidh fúath

7 But when ye pray, use not vain repetitions, as the heathen *do*: for they think that they shall be heard for their much speaking.

8 Be not ye therefore like unto them: for your Father knoweth what things ye have need of, before ye ask him.

9 After this manner therefore pray ye: Our Father which art in heaven, Hallowed be thy name.

10 Thy kingdom come. Thy will be done in earth, as *it is* in heaven.

11 Give us this day our daily bread.

12 And forgive us our debts, as we forgive our debtors.

13 And lead us not into temptation, but deliver us from evil: For thine is the kingdom, and the power, and the glory, for ever. Amen.

14 For if ye forgive men their trespasses, your heavenly Father will also forgive you:

15 But if ye forgive not men their trespasses, neither will your Father forgive your trespasses.

16 Moreover when ye fast, be not, as the hypocrites, of a sad countenance: for they disfigure their faces, that they may appear unto men to fast. Verily I say unto you, They have their reward.

17 But thou, when thou fastest, anoint thine head, and wash thy face;

18 That thou appear not unto men to fast, but unto thy Father which is in secret: and thy Father, which seeth in secret, shall reward thee openly.

19 Lay not up for yourselves treasures upon earth, where moth and rust doth corrupt, and where thieves break through and steal:

20 But lay up for yourselves treasures in heaven, where neither moth nor rust doth corrupt, and where thieves do not break through nor steal:

21 For where your treasure is, there will your heart be also.

22 The light of the body is the eye: if therefore thine eye be single, thy whole body shall be full of light.

23 But if thine eye be evil, thy whole body shall be full of darkness. If therefore the light that is in thee be darkness, how great is that darkness!

aige do dhuine aca, agus grádh don duine eile; nó ceangallfuigh sé do neach aca, agus do bhéuraidh sé tarcuisne ar an dara fhear. Ní héidir libh seirbhis do dhéunamh do Dhía agus do mhammon.

25 Ar a nadhbharsin a deirimsi ribh, Na bidhidh lán do chúram a ttimcheall bhur mbeatha, créud íosdáoi, nó iobhtháoi; na a ttimcheall bhur gcuirp, creúd chuirfí umaibh. A né nach mó an tanam na an bíadh, agus an corp ná an téudach?

65 Agus do thionnsgadar dream áirighe gabháil do sheilidhibh air, agus a aghaidh dfolach, agus dórna do bhúaladh air, agus a rádh ris, Déana fáidheadóireachd: agus do ghabhadar na seirbhísigh do bhasuibh air.

66 Agus ar mbeith do Pheadair ann sa halla shíos, tháinic áon do chailínibh an ardshagairt:

67 Agus ar bhfaicsin Pheadair dá ghoradh dhi, tug sí dha haire é, agus a dubhairt sí, Do bhí tusa fós a bhfochair Iósa Nasardha.

68 Achd do shéan seisean sin, ag rádh, Ní thuigim, agus ní bhfuil a fhios agam créd a deir tú. Agus do chúaidh sé a mach don phóirsi; agus do ghoir an coileach.

69 Agus do chonnaire an cailín é a ris, agus do thionnsgain sí a rádh ris an druing do bhí na seasamh a láthair, Is díobh súd *an fearso*.

70 Agus do shéan seisean a rís. Agus fá cheann beagáin na dhíaighsin, a rís a dubhradar an mhuintir do bhí na seasamh a láthair ré Peadar, Go fírinneach is díobh súd thusa: óir is Galiléach thú, agus is cosmhail hurlabhra ríu.

71 Achd do thionnsgain seisean ag mallughadh, agus mionnughadh, Ní haithne dhamh an duinesi a deirthe.

72 Agus do ghoir an coileach an dara húair. Agus do chuimhnigh Peadar ar an fhocal a dubhairt Iósa ris, **Ní is táosga na ghoirfeas an coileach fá dhó, séanfuidh tú misi trí húaire.** Agus ar ndul a leiththáuibh dhó, do ghuil sé.

Caibidil 15

Fulang, 39 bás, 42 agus adhlacadh onórach Iosa Chríosa Mhic Dé bhi.

1 Agus go moch ar maidin ar ndéanamh comhairle dhóibh rugadar na hárdshagairt maile ris na sinnsearaibh agus ris na sgríobuidhibh agus ris an gcomhairle uile, Iósa ceangailte léo, agus tugadar do Phiolaít é.

thee?

61 But he held his peace, and answered nothing. Again the high priest asked him, and said unto him, Art thou the Christ, the Son of the Blessed?

62 And Jesus said, **I am: and ye shall see the Son of man sitting on the right hand of power, and coming in the clouds of heaven.**

63 Then the high priest rent his clothes, and saith, What need we any further witnesses?

64 Ye have heard the blasphemy: what think ye? And they all condemned him to be guilty of death.

65 And some began to spit on him, and to cover his face, and to buffet him, and to say unto him, Prophecy: and the servants did strike him with the palms of their hands.

66 And as Peter was beneath in the palace, there cometh one of the maids of the high priest:

67 And when she saw Peter warming himself, she looked upon him, and said, And thou also wast with Jesus of Nazareth.

68 But he denied, saying, I know not, neither understand I what thou sayest. And he went out into the porch; and the cock crew.

69 And a maid saw him again, and began to say to them that stood by, This is *one* of them.

70 And he denied it again. And a little after, they that stood by said again to Peter, Surely thou art *one* of them: for thou art a Galilaean, and thy speech agreeth *thereto*.

71 But he began to curse and to swear, *saying*, I know not this man of whom ye speak.

72 And the second time the cock crew. And Peter called to mind the word that Jesus said unto him, **Before the cock crew twice, thou shalt deny me thrice.** And when he thought thereon, he wept.

Chapter 15

1 And straightway in the morning the chief priests held a consultation with the elders and

2 Agus do fhiafruidh Píoláid dheisean, An tusa rí na Níuduigheadh? Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ris, **A deir tusa sin.**

3 Agus do chuireadar úachdaráin na sagart mórán na aghaidh: achd níor fhreagair seisean éinní.

4 Agus do fhiafruidh Píoláid dhe a rís, ag rádh, An né nach dtugann tú freagra éigin úait? féuch gá mheid ann a ndéunaid so fiadhnuisi ad aghaidh.

5 Agus níor fhreagair Iósa ní ar bith ó sin a mach; ionnas gur ghabh iongantus Píoláid.

6 Agus ann sa tsolamain do sgáoileadh sé dhóibh én phríosúnach a mhaín, gidh bé air bith a diarradáois.

7 Agus do bhí *neach* áirighe dar bhainm Barabbas, ceangailte a bhfochair a chompánach ceannairce, noch do rinne marbhadh a gceannairc.

8 Agus ag éighmhe don phobal do thionnsgnadar íarruidh air do réir mar do níodh sé dhóibh a gcomhnuidhe.

9 Do fhreagair Píoláid dhóibh, ag rádh, A náill libh go sgáoilinn dáobh Rí na Níuduigheadh?

10 (Oír do bhí a fhios aige gur ab tré thnúth do thoirbhir úachdaráin na sagart é.)

11 Agus do ghlúaisiodar úachdaráin na sagart an pobal, do chum go madh táosga sgáoilfeadh sé Barabbás chuca.

12 Achd ar bhfreagra do Píoláid, a dubhairt sé riú a rís; Ar a nadhbharsin créd as áill libh do dhéunamh dhamh *ris an tési* dá ngoirthi Rí na Níuduigheadh?

13 Agus do éighmheadarsan a rís, Croch é.

14 Achd a dubhairt Píoláid ríu, Créd é an tolc do rinne sé? agus is moide do gháireadarsan *sin*, Croch é.

15 Agus do bhrígh gur mhían lé Píolaid toil an phobail do dhéunamh, do sgáoil sé Barabbás dóibh, agus tar éis Iósa do sgiúrsughadh, tug sé úadh, chum a chrochda é.

16 Agus rugadar na saighdiuiridh a sdeach don halla é, éadhon go cúirt an úachdaráin; agus do ghoireadar an chuidéachda uile a bhfochair a chéile.

17 Agus do chuireadar *éadach* purpuir uime, agus ag fighe corona spíne dhóibh do chuireadar air í,

18 Agus do thionnsgnadar beannughadh dhó, Día do bheatha, a Rí na Níuduigheadh!

19 Agus do bhúaleadar é an a cheann lé giolcach, agus do ghabhadar do sheilidhibh air, agus ar léigean a nglún *fútha*, do rinneadar úmhla dhó.

20 Agus an tan do rinneadar fonámhad fáoi, do bheanadar an *téadach* purpaír dhe, agus do chuireadar a éaduighe féin uime, agus tugadar a mach é do chum go grochaidís é.

scribes and the whole council, and bound Jesus, and carried *him* away, and delivered *him* to Pilate.

2 And Pilate asked him, Art thou the King of the Jews? And he answering said unto him, **Thou sayest it.**

3 And the chief priests accused him of many things: but he answered nothing.

4 And Pilate asked him again, saying, Answerest thou nothing? behold how many things they witness against thee.

5 But Jesus yet answered nothing; so that Pilate marvelled.

6 Now at *that* feast he released unto them one prisoner, whomsoever they desired.

7 And there was *one* named Barabbas, *which lay* bound with them that had made insurrection with him, who had committed murder in the insurrection.

8 And the multitude crying aloud began to desire *him to do* as he had ever done unto them.

9 But Pilate answered them, saying, Will ye that I release unto you the King of the Jews?

10 For he knew that the chief priests had delivered him for envy.

11 But the chief priests moved the people, that he should rather release Barabbas unto them.

12 And Pilate answered and said again unto them, What will ye then that I shall do *unto him* whom ye call the King of the Jews?

13 And they cried out again, Crucify him.

14 Then Pilate said unto them, Why, what evil hath he done? And they cried out the more exceedingly, Crucify him.

15 And so Pilate, willing to content the people, released Barabbas unto them, and delivered Jesus, when he had scourged *him*, to be crucified.

16 And the soldiers led him away into the hall, called Prætorium; and they call together the whole band.

17 And they clothed him with purple, and platted a crown of thorns, and put it about his *head*,

18 And began to salute him, Hail, King of the Jews!

19 And they smote him on the head with a reed, and did spit upon him, and bowing *their* knees worshipped him.

20 And when they had mocked him, they took off the purple from him, and put his own

21 Agus dó chuireadar d'fíachuibh ar *oglach* áirighthe do bhí ag gabháil thárrsa, *dar bháinm* Simón Siréanach, (athair Alecsander agus Ruphus,) tháinic ón túaith *a muich*, a chroich diomchar.

22 Agus rugadar léo é do nionad *dar ab ainm* Golgota, is sé sin, re na éidirmhíniúghadh, Ionad na cloigne.

23 Agus tugadar fíon air ar cuireadh mirr ré na ól dhó: achd níor ghabh seisean é.

24 Agus an tan do chrochadar é, do roinneadar a éaduighe, air dteilgean crannchuir orrtha, créd do thóigfeadh gach neach dhíobh.

25 Agus do bhí an treas úair ann, agus do chrochadar é.

26 Agus do bhí tiodal a chóire air na sgríobhadh ós a chionn, RI NA NIUDUIGHEADH.

27 Agus do chrochadar días gaduidheadh na fhochair; fear ar a lámh dheis, agus fear ar a lámh chlí.

28 Ann sin do coimhlíonadh an sgríobtuir a deir, Agus a measg dháoine cóirtheach do comháireadh é.

29 Agus an dream do ghabhadh thairis, do bhéirdis aithis dó, ag crathadh a gceann, agus ag rádh, O, thusa leagas an teampoll, agus thógbhas é a dtrí laéthibh,

30 Fóir ort féin, agus tárr a nús as an gcoirch.

31 Agus is mar an gcéudna a dubhradar úachdaráin na sagart agus na sgríobuidhe ré chéile ag fonámhad fáoi, Do fhóir sé ar dháoinibh eile; agus ní héidir leis é féin d'fóirighin.

32 Tigeadh Críosa Rí Israél a nús a nois as an gcoirch, do chum go bhfaicfimis agus go geréidfimis. Agus na dáoine do crochadh na fhochair tugadar aithis dó.

33 Agus an tan tháinic an seiseadh húair, do bhí dorchadas ar feadh na talmhan uile go sóithe an náomhadh húair.

34 Agus ann sa náomhadh húair do éigh Iósa do ghuth árd, ag rádh, **Eloi, Eloi, lámá sabachtáni?** a se sin, ar na eidirmhíniúghadh, **Mo Dhía, mo Dhía, créd fár thréig tú mé?**

35 Agus a dubhradar cuid dá raibh na seasamh a lathair, an tan do chúaladar *sin*, Féuch, a tá sé gairm Elías.

36 Agus do rioth fear dhíobh agus ar líonadh sboinc d'fínegre dhó, agus ar *na* chur a dtimcheall gíolcuigh, tug sé deoch dhó, ag rádh, Leigidh dhó; féacham an dtiocfa Elías dá leagadh a nús.

37 Agus ag éighmhe Díosa do ghúth mhór, do chúaidh a spiorad as.

clothes on him, and led him out to crucify him.

21 And they compel one Simon a Cyrenian, who passed by, coming out of the country, the father of Alexander and Rufus, to bear his cross.

22 And they bring him unto the place Golgotha, which is, being interpreted, The place of a skull.

23 And they gave him to drink wine mingled with myrrh: but he received *it* not.

24 And when they had crucified him, they parted his garments, casting lots upon them, what every man should take.

25 And it was the third hour, and they crucified him.

26 And the superscription of his accusation was written over, THE KING OF THE JEWS.

27 And with him they crucify two thieves; the one on his right hand, and the other on his left.

28 And the scripture was fulfilled, which saith, And he was numbered with the transgressors.

29 And they that passed by railed on him, wagging their heads, and saying, Ah, thou that destroyest the temple, and buildest *it* in three days,

30 Save thyself, and come down from the cross.

31 Likewise also the chief priests mocking said among themselves with the scribes, He saved others; himself he cannot save.

32 Let Christ the King of Israel descend now from the cross, that we may see and believe. And they that were crucified with him reviled him.

33 And when the sixth hour was come, there was darkness over the whole land until the ninth hour.

34 And at the ninth hour Jesus cried with a loud voice, saying, **Eloi, Eloi, lama sabachthani?** which is, being interpreted, **My God, my God, why hast thou forsaken me?**

35 And some of them that stood by, when they heard *it*, said, Behold, he calleth Elías.

36 And one ran and filled a sponge full of vinegar, and put *it* on a reed, and gave him to drink, saying, Let alone; let us see whether Elías will come to take him down.

38 Agus do réubadh brat rointe an teampuill na dhá chuid ó úachdar go híochdár.

39 Agus an tan do chonnaire an senturion, do bhí na sheasamh as a chochair, go ndeachuidh a anam as ag éighmhe mar sin, a dubhairt sé, Go fírinneach do bé an duine so Mac Dé.

40 Agus do bhádar mar an gcéudna mná a bhfad úadh ag féachain: eidir a raibh Muire Mhagdalén, agus Muire mathair Shéumuis bhig agus Ióses, agus Salómé;

41 Noch do lean é, an tan do bhi sé fós sa Ghalile, agus do bhí ag miniosdrálachd dó; agus mórán do mhnáibh eile do chúaidh a néinfheachd ris súas go Híarusaléim.

42 Agus a nois ar dteachd don tráth nóna, (do bhrigh gur bhé lá an ullmhuighthe é, eadhón, an lá roimh an tsabbóid,)

43 Táinic, Ióseph ó Arimatéa, comhairleach onórach, agá raibh fós súil ré ríoghachd Dé, agus do chúaidh sé a sdeachd go dána dionnsuighe Phíoláid, agus do íarr sé corp Iósa.

44 Agus do biongnadh lé Píoláid go mbiadh sé *cheana* tar éis bháis: agus do ghoir sé an sentúríon, agus do fhiafruigh sé dhe an fada ó fúair sé bás.

45 Agus ar bhfagháil fhiosa ón sentúríon, do bhronn sé an corp do Ióseph.

46 Agus do cheannaigh Ióseph línéadach fínealta, agus do leag sé a nús é, agus do chuir sé an línéadach uime, agus do chuir sé é a dtúama do bhí ar na thochailt a mach as charraig: agus do iomluit sé léac ar dhorus an túama.

47 Agus do bhi Muire Mhagdalén, agus Muire mathair Ióses ag féuchain gá háit a gcuirfidh é.

Caibidil 16

Eiserghe Chríod, 12 a thaisbeanadh feín, 19 agus a ghabhala súas ar neamh.

1 Agus ar ndul don tsabbóid thárrsa, do cheannuigh Muire Magdalén agus Muire mathair Shéumuis, agus Salóme, spíosradh deaghbhaluidh, chum go dtiocfaidís agus go nungfaidís é.

2 Agus tangadar go romhoch ar maidin an chéd lá don tseachdmhuin, chum an túama lé héirghe na gréine.

3 Agus a dubhradar eatorra féin, Cía iompeochas dhúinn an leac ó dhorus an túama?

4 Agus ar bhféachain dóibh, do chonncadar an chloch ar na hiomlat: óir do bhí si romhór.

5 Agus ar ndul sdeach ann sa túama dhóibh, do chonncadar ógánach na shuidhe ar a láimh dheis, iomá raibh éudach fada gléghheall; agus do ghabh úathbhás iad.

37 And Jesus cried with a loud voice, and gave up the ghost.

38 And the veil of the temple was rent in twain from the top to the bottom.

39 And when the centurion, which stood over against him, saw that he so cried out, and gave up the ghost, he said, Truly this man was the Son of God.

40 There were also women looking on afar off: among whom was Mary Magdalene, and Mary the mother of James the less and of Joses, and Salome;

41 (Who also, when he was in Galilee, followed him, and ministered unto him;) and many other women which came up with him unto Jerusalem.

42 And now when the even was come, because it was the preparation, that is, the day before the sabbath,

43 Joseph of Arimathaea, an honourable counsellor, which also waited for the kingdom of God, came, and went in boldly unto Pilate, and craved the body of Jesus.

44 And Pilate marvelled if he were already dead: and calling *unto him* the centurion, he asked him whether he had been any while dead.

45 And when he knew *it* of the centurion, he gave the body to Joseph.

46 And he bought fine linen, and took him down, and wrapped him in the linen, and laid him in a sepulchre which was hewn out of a rock, and rolled a stone unto the door of the sepulchre.

47 And Mary Magdalene and Mary *the mother* of Joses beheld where he was laid.

Chapter 16

1 And when the sabbath was past, Mary Magdalene, and Mary the *mother* of James, and Salome, had bought sweet spices, that they might come and anoint him.

2 And very early in the morning the first *day* of the week, they came unto the sepulchre at the rising of the sun.

3 And they said among themselves, Who shall roll us away the stone from the door of the sepulchre?

4 And when they looked, they saw that the stone was rolled away: for it was very great.

5 And entering into the sepulchre, they saw a

6 Agus a dubhairt seisean ríu, Ná bíodh eagla oraibh: A táthaóí ag íarruidh Iósa Nasardha, do céasadh: do éirigh sé; ní bhfuil sé ann so: féuch a náit an ar cuireadar é.

7 Achd imthighidh, innisidh dá dheisciobluibh agus do Pheadar go bhfuil sé ag dul romhuibh don Ghalilé: do chifidhe ann sin é, mar a dubhairt sé ribh.

8 Agus ar nimtheachd dóibhsean a mach go deithniosach, do theitheadar ón túama; óir do bhí críth agus úathbhás orrtha: agus níor labhradar ní ar bith ré héinneach; óir do bhí eagla orrtha.

9 Agus ar neiséirghe *Díosa* ar maidin an céd lá don tseachdmhuin, do thaisbén sé é féin ar tús do Mhuire Mhagdalén, as ar theilg sé seachd ndeamhain.

10 Agus ar nimtheachd disi do fhoillsigh sí sin don druing do bhí na fochair sean, do bhí ag gul agus ag caói.

11 Agus an tan do chúaladarsan, eisean do bheith béo, agus go bhfacuidh sisi é, ní chreideadar.

12 *Achd* tar éis so, do thaisbén seisean é féin do dhías aca, a gcruth eile mar shíubháileadar, agus íad ag dul fan dtudháith.

13 Agus do imthigh siadsan, agus do fhoillsigheadar *sin* do chuid eile: gidheadh níor chreideadar íadsan fós.

14 Fa dheiridh ar mbeith ar áonbhall do naóinfhear dhég do thaisbéan sé é féin dóibh, agus do chuir sé na naghaidh a míchreideamh agus a gcrúas croidhe, tré nár chreideadar don druing do chonnaire é ar neiséirghe.

15 Agus a dubhairt sé ríu, **Imthighidh ar feadh an domhain uile, déanuidh an soisgéul do sheanmóir do gach uile chreatúir.**

16 **Gidh bé chreidfeas agus bhaisdfithear slainéochthar é; achd gidh bé nach ccreidfi daiméontar é.**

17 Agus leanfuid na comharthuighesi an dream de chreidfeas; Sgriosfuid síad deamhuin tré mainmsi; laibhéoruid lé teangthuibh núadha;

18 **Tóigéubhaid naithreacha neimhe; agus má ibhid ní marbhthach ar bith, ní ghoirtéocha sé íad; cuirfid lámha ar na daónibh éagruaidhe, agus béid síad slán.**

19 Agus tar éis an Tighearna do labhairt ríu, do gabhadh súas ar neamh *a rís* é, agus do shuidh sé ar deis láimh Dé.

20 Agus ar ndul a mach dhóibhsean do rinneadar seanmóir ann gach uile áit, ar mbeith don Tighearna ag comhoibriughadh *ríu*, agus ag tabhairt brígh dá mbríathruibh leis na comharthaidhibh do lean íad. Amén.

young man sitting on the right side, clothed in a long white garment; and they were affrighted.

6 And he saith unto them, Be not affrighted: Ye seek Jesus of Nazareth, which was crucified: he is risen; he is not here: behold the place where they laid him.

7 But go your way, tell his disciples and Peter that he goeth before you into Galilee: there shall ye see him, as he said unto you.

8 And they went out quickly, and fled from the sepulchre; for they trembled and were amazed: neither said they any thing to any *man*; for they were afraid.

9 Now when *Jesus* was risen early the first *day* of the week, he appeared first to Mary Magdalene, out of whom he had cast seven devils.

10 *And* she went and told them that had been with him, as they mourned and wept.

11 And they, when they had heard that he was alive, and had been seen of her, believed not.

12 After that he appeared in another form unto two of them, as they walked, and went into the country.

13 And they went and told *it* unto the residue: neither believed they them.

14 Afterward he appeared unto the eleven as they sat at meat, and upbraided them with their unbelief and hardness of heart, because they believed not them which had seen him after he was risen.

15 And he said unto them, **Go ye into all the world, and preach the gospel to every creature.**

16 **He that believeth and is baptized shall be saved; but he that believeth not shall be damned.**

17 **And these signs shall follow them that believe; In my name shall they cast out devils; they shall speak with new tongues;**

18 **They shall take up serpents; and if they drink any deadly thing, it shall not hurt them; they shall lay hands on the sick, and they shall recover.**

19 So then after the Lord had spoken unto them, he was received up into heaven, and sat on the right hand of God.

20 And they went forth, and preached every where, the Lord working with *them*, and confirming the word with signs following.

Amen.

An Soisgeul dó réir Lucais

The Gospel According to Luke

William O'Domhnuill New Testament
of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611
1769 Edition

Caibidil 1

Geinéadh Eóin Bhaisde, 39 le
fáigheadoireacht Elisabet, 46 Mhuire, 67
agus Sacharias.

Chapter 1

1 Do bhrígh gur ghabhadar mórán do láimh
sdaire do sgríobhadh air na neithibh agá bhfuil
a sáirfhios aguinne,

2 Do réir mar thugadar na dáoine do
chonnairc lé na súilibh féin ó thús, agus do bhí
ag miniosdrálachd na bréithre, dhúinne *iad*;

3 Do chonncas damhsa mar an gcéudna, a
Theophilus ro oirdheirc, ar bhfagháil feasa
iomlan gach uile neithe ó na bhfiorthosach
dhamh, a sgríobhadh chugadsa a nórdughadh,

4 Do chum go mbía deimhin na mbriathar, do
múineadh dhuit agad.

5 Re linn Iorúaith, rí *thire* Iúdaighe, do bhí
sagart áirighe dár bhainm Sacharías, do sheal
Abía: agus a bhean dingheanuibh Aaróin, agus
Elísabet do baimn dhi.

6 Agus do bhádar a ráon ná *ndáoinibh* fireanta
a bhfiadhnuisi Dé, ag siobhal go
neimhchiontach ann uile aitheantuibh agus
órduighthibh an Tighearna.

7 Agus ní raibh, sliochd orrtha, do bhrígh go
raibh Elisábet aimrid agus go raibh áois mhór
aca ar áon.

8 Agus tárla, an tan do bhí sé ag déanamh
oifige an tsagairt a bhfiadhnuisi Dé ann a sheal
féin,

9 Do réir ghnáthuighthe oifige an tsagairt, go
ráinic dhó an tús do losgadh tar éis dul a
sdeach go teampoll an Tighearna dhó.

10 Agus do bhí coimhthionól an phubail uile
ag déanamh úrnúighe a muigh a naimsir na
túise.

11 Agus do taidhbhreadh dhó aingeal an
Tighearna na sheasamh ar an dtáobh ndeas
daltóir na túise.

12 Agus ar *na* fhaicsin do Shacharías, do bhí sé
ar na bhúaidhreadh, agus do ghlac eagla é.

13 Achd a dubhairt an taingeal ris, Ná bíodh
eagla ort, a Shacharías: óir do héisdeadh
húrnúighe; agus béaruidh do bhean Elisábet

1 Forasmuch as many have taken in hand to set
forth in order a declaration of those things
which are most surely believed among us,

2 Even as they delivered them unto us, which
from the beginning were eyewitnesses, and
ministers of the word;

3 It seemed good to me also, having had
perfect understanding of all things from the
very first, to write unto thee in order, most
excellent Theophilus,

4 That thou mightest know the certainty of
those things, wherein thou hast been
instructed.

5 There was in the days of Herod, the king of
Judaea, a certain priest named Zacharias, of
the course of Abia: and his wife *was* of the
daughters of Aaron, and her name *was*
Elisabeth.

6 And they were both righteous before God,
walking in all the commandments and
ordinances of the Lord blameless.

7 And they had no child, because that
Elisabeth was barren, and they both were *now*
well stricken in years.

8 And it came to pass, that while he executed
the priest's office before God in the order of his
course,

9 According to the custom of the priest's office,
his lot was to burn incense when he went into
the temple of the Lord.

10 And the whole multitude of the people were
praying without at the time of incense.

11 And there appeared unto him an angel of the
Lord standing on the right side of the altar of
incense.

12 And when Zacharias saw *him*, he was
troubled, and fear fell upon him.

13 But the angel said unto him, Fear not,
Zacharias: for thy prayer is heard; and thy wife

mac dhuit, agus do bhéara tú Eóin mar ainm air.

14 Agus budh gáirdeachus agus lúathgháire dhuit é; agus biaidh lúathghaire ar mhóran fa na bhreith.

15 Oír biaidh sé *na dhuine* mhór a bhfiadhnuisi an Tighearna, agus ní íobha sé fíon na deoch láidir; agus fós biaidh sé lán don Spiorad Náomh, ó bhroinn a mháthar.

16 Agus fillfidh sé mórán do chlannuibh Israél chum an Tighearna a Ndia féin.

17 Oír géubhaidh seisean roimhesan a spioraid agus a shubháilce Elías, dfileadh chroidheadh na naithreach chum na cloinne, agus na neasumhal chum gliocuis na dáoine gcomhthrom; agus dullmhughadh phobuil dhiongmhálda don Tighearna.

18 Agus a dubhairt Sacharías ris an aingeal, Cionnas bhías a fhios so agamsa? oír a táim um dhuine arsuidh, agus a tá áois mhór ag am mhnáoi.

19 Agus ar bhfreagra don aingeal a dubhairt sé ris, Is misi Gabríel, sheasas a bhfiadhnuisi Dé; agus do cuireadh mé do labhairt riotsa, agus dínnsin na núaidheachd maith so dhuit.

20 Agus, féuch, biaidh tú gan úrlabhra, agus ní bá héidir leachd labhairt, go soithe an lá an a dtiocfaid na neithe so chum críche, do bhrígh nár chréid tu dom bhriathraibhsi, noch coimhlíonfuighhear na nam féin.

21 Agus do bhí an pobal ag fuireach ré Sacharías, agus do biongnadh léo an fad do fhan sé sa teampoll.

22 Agus ar ndul a mach dhó, nír bhéidir leis labhairt ríu: agus do aithnigheadar go bhfacaidh sé taidhbhsi sa teampoll: oír do sméid sé orrtha, agus do fhan sé balbh.

23 Agus tárla dhó, an tan do coimhlíonadh laéthe a mhíniosdrálachda, go ndeachaidh sé dhá thigh féin.

24 Agus tar éis na laethesi, do toirrchheadh Elísabet a bheansan, agus do fholaigh sí í féin ar feadh chuig míos, ag rádh,

25 Oír is mar so do rinne an Tighearna rium ann sna laethibh an ar fhéuch sé oram, do thógbháil mo neimhcheana dhíom a measg na ndáoine.

26 Agus an sa seisíodh mí, do cuireadh an taingeall Gabríel ó Dhía go cathruigh don Ghalilé, dár bainm Násaret,

27 Dionnsuighe óighe ar a raibh ceart ag fear do thigh Dháibhí, dár ainm Ióseph; agus *do bé* do bainm do nóigh, Muire.

28 Agus ar ndul a sdeach dá hionnsuighe do naingeal, a dubhairt se, Día do bheatha a *ógh* roghrásamhuil: *a tá* an Tighearna maille riot: *is beannuighe* thú eidir na mnáibh.

29 Agus an tan do chonnairc sí é, do bhí sí ar na búaidhreadh fá na bhriathraibh, agus do

Elisabeth shall bear thee a son, and thou shalt call his name John.

14 And thou shalt have joy and gladness; and many shall rejoice at his birth.

15 For he shall be great in the sight of the Lord, and shall drink neither wine nor strong drink; and he shall be filled with the Holy Ghost, even from his mother's womb.

16 And many of the children of Israel shall he turn to the Lord their God.

17 And he shall go before him in the spirit and power of Elias, to turn the hearts of the fathers to the children, and the disobedient to the wisdom of the just; to make ready a people prepared for the Lord.

18 And Zacharias said unto the angel, Whereby shall I know this? for I am an old man, and my wife well stricken in years.

19 And the angel answering said unto him, I am Gabriel, that stand in the presence of God; and am sent to speak unto thee, and to shew thee these glad tidings.

20 And, behold, thou shalt be dumb, and not able to speak, until the day that these things shall be performed, because thou believest not my words, which shall be fulfilled in their season.

21 And the people waited for Zacharias, and marvelled that he tarried so long in the temple.

22 And when he came out, he could not speak unto them: and they perceived that he had seen a vision in the temple: for he beckoned unto them, and remained speechless.

23 And it came to pass, that, as soon as the days of his ministration were accomplished, he departed to his own house.

24 And after those days his wife Elisabeth conceived, and hid herself five months, saying,

25 Thus hath the Lord dealt with me in the days wherein he looked on *me*, to take away my reproach among men.

26 And in the sixth month the angel Gabriel was sent from God unto a city of Galilee, named Nazareth,

27 To a virgin espoused to a man whose name was Joseph, of the house of David; and the virgin's name *was* Mary.

28 And the angel came in unto her, and said, Hail, *thou that art* highly favoured, the Lord is with thee: blessed *art* thou among women.

bhí sí ag smúaineadh créd an ghné bheannughtheaso.

30 Agus a dubhairt an taingéal ría, Ná bíodh eagla ort, a Mhuire: óir fúair tú grása ó Dhía.

31 Agus, féuch, bíaidh tú torrach ad bhruinn, agus béaraidh tú mac, agus do bhéara tú IOSA dainm air.

32 Bíaidh se mór, agus goirfidhear Mac an té is Airde dhe: agus do bhéura an Tighearna Día caithir Dháibhí, athar *féin* dhó.

33 Agus bíaidh sé na rígh ar thigh Iácob go bráth; agus ní bhía deireadh ar a ríoghachd.

34 Agus a dubhairt Muire ris a naingéal, Cionnas bhías so, óir ní bhfuil fios fir agamsa?

35 Agus ar bhfreagra do naingéal a dubhairt se ría, Tuirléonguidh an Spiorad Náomh ort, agus foiléochaidh cumhachda an té as Airde thú: uime sin an ní náomhtha bhéaras tú goirfighear Mac Dé dhe.

36 Agus, féuch, Elísabet do shiur, a tá sisi leis torrach air mhac ann a hárrsuigheachd: agus is sé so an seisíodh mí don mhnáoi úd, dá ngoirthear *bean* aimrid.

37 Oír ní bhía ní ar bith doidhéunta do Dhía.

38 Agus a dubhairt Muire, Féuch, banóglach an Tighearna; teagmhadh dhamhsa do réir do bhréithrisi. Agus do imthigh an taingéal úaithe.

39 Agus an tan do éirigh Muire ann sna laéthibh sin, do chúaidh sí go dheíthneasach chois sléibhe, go cathraigh Iúda;

40 Agus do chúaidh sí a steach go tigh Shacharías, agus do bheannaigh si Délisabet.

41 Agus tárla, mar do chualaidh Elisabet beannughadh Mhuire, gur bhíog an náoidheanán ann a broinn; agus do bhí Elisábet air na líonadh don Spiorad Naomh.

42 Agus do éigh sí do ghuth mhór, agus a dubhairt sí, Is beannaighthe thú eidir na mnáibh, agus *is* beannaighthe toradh do bhronn,

43 Agus cionnus do éirigh so dhamsa, go dtiocfadh matháir mo Thighearna *féin* chugam?

44 Oír, féuch, comhlúath is tháinic fúaim do bheannaighthe am chlúasaibh, do bhíog an náoidheanán lé gáirdeachus ann mo bhroinn.

45 Agus *is* beannaighthe an bhean do chreid: óir coimhlíonfuidhear na neithe do gheall an Tighearna dhi.

46 Agus a dubhairt Muire, Adhmolaidh manam an Tighearna,

47 Agus do ní mo spiorad gáirdeachus a Ndía mó Shlánuightheóir.

29 And when she saw *him*, she was troubled at his saying, and cast in her mind what manner of salutation this should be.

30 And the angel said unto her, Fear not, Mary: for thou hast found favour with God.

31 And, behold, thou shalt conceive in thy womb, and bring forth a son, and shalt call his name JESUS.

32 He shall be great, and shall be called the Son of the Highest: and the Lord God shall give unto him the throne of his father David:

33 And he shall reign over the house of Jacob for ever; and of his kingdom there shall be no end.

34 Then said Mary unto the angel, How shall this be, seeing I know not a man?

35 And the angel answered and said unto her, The Holy Ghost shall come upon thee, and the power of the Highest shall overshadow thee: therefore also that holy thing which shall be born of thee shall be called the Son of God.

36 And, behold, thy cousin Elisabeth, she hath also conceived a son in her old age: and this is the sixth month with her, who was called barren.

37 For with God nothing shall be impossible.

38 And Mary said, Behold the handmaid of the Lord; be it unto me according to thy word. And the angel departed from her.

39 And Mary arose in those days, and went into the hill country with haste, into a city of Juda;

40 And entered into the house of Zacharias, and saluted Elisabeth.

41 And it came to pass, that, when Elisabeth heard the salutation of Mary, the babe leaped in her womb; and Elisabeth was filled with the Holy Ghost:

42 And she spake out with a loud voice, and said, Blessed *art* thou among women, and blessed *is* the fruit of thy womb.

43 And whence *is* this to me, that the mother of my Lord should come to me?

44 For, lo, as soon as the voice of thy salutation sounded in mine ears, the babe leaped in my womb for joy.

45 And blessed *is* she that believed: for there shall be a performance of those things which were told her from the Lord.

46 And Mary said, My soul doth magnify the Lord,

48 Do bhrígh gur fhéuch sé ar úmhla a bhanóglaighe *féin*: oír, féuch, ó so súas goirfid na huile chine beannuighthe dhíom.

49 Oír do rinne an té a tá cumhachdach neithe móra dhamhsa, agus *is* náomhtha a ainm.

50 Agus *a tá* a thrócaire ó dhíne go díne don dréim ar a bhfuil a eagla.

51 Do rinne sé gníomh láidir lé na láimh; do spréigh sé na *dáoine* úaibhreacha a smúaintighe a gcroidheadh *féin*.

52 Do tharruing sé na *dáoine* cumhachdacha as *a* gcaithíribh, agus do árduigh sé na *dáoine* umhla.

53 Do líon sé na *dáoine* ocracha lé, neithibh maithe; agus do chuir sé úadh na *dáoine* saidhbhre folumh.

54 Do thóg sé súas Israél a shearbhfhoghantuidhe *féin*, do chuimhniughadh ar a thrócaire;

55 (Mar do labhair sé ré ar naith-reachuibh, Abraham, agus ré na shíol go bráth.)

56 Agus do fhan Muire na fochair timcheall thrí míos, agus do fhill sí dhá tigh *féin*.

57 Agus táinic ionbhuidh Elísabet ion ar mhídhid dhigh breath; agus rug sí mac.

58 Agus do chúaladar a comharsain agus a *dáoine* gáoil, gur fhoillsigh an Tighearna a thrócaire mhór *féin* di; agus do rinneadar gáirdeachus má ráon ría.

59 Agus tárrla, go dtangadar air a nochdmhadh lá do chum go ndéanaídís an náoidhe do thimcheallghearradh; agus do ghoireadar Sacharias de, do reir anma a athair.

60 Achd ar bhfreagra dhá mháthair a dubhairt sí, Ní *hámhluidh bhías*; achd Eóin goirfidhear dhe.

61 Agus a dubhradar ría, Ní bhfuil éannduine dod chineadh dá ngoirthear an tainmsi.

62 Agus do rinneadar comhartha dhá athair, créd an tainm bá mían leis do thabhairt air.

63 Agus ar níarruidh cláir sgríobhtha dhosan, do sgríobh sé, ag rádh, Is Eóin is ainm dhó. Agus do ghabh iongantus íad uile.

64 Agus ar an mball do hosgladh a bhéulsan, agus a theanga, agus do labhair sé, ag moladh Dé.

65 Agus do ghabh eagla a gcomharsuin uile: agus do haithriseadh na neithe so uile chois tsléibhe thíre Iúdaighe uile.

66 Agus gach uile dhuine dhá gcúalaidh *sin*, do chuireadar a dtaisgidh an a gcroidhthibh *féin iad*, ag rádh, Créd é an sórt leinibh bhias so! Agus do bhí lámh an Tighearna maille ris.

67 Agus do bhí Sacharías athair, lán don Spíorad Náomh, agus do rinne sé faidheadóireachd ag rádh,

47 And my spirit hath rejoiced in God my Saviour.

48 For he hath regarded the low estate of his handmaiden: for, behold, from henceforth all generations shall call me blessed.

49 For he that is mighty hath done to me great things; and holy is his name.

50 And his mercy is on them that fear him from generation to generation.

51 He hath shewed strength with his arm; he hath scattered the proud in the imagination of their hearts.

52 He hath put down the mighty from *their* seats, and exalted them of low degree.

53 He hath filled the hungry with good things; and the rich he hath sent empty away.

54 He hath holpen his servant Israel, in remembrance of *his* mercy;

55 As he spake to our fathers, to Abraham, and to his seed for ever.

56 And Mary abode with her about three months, and returned to her own house.

57 Now Elisabeth's full time came that she should be delivered; and she brought forth a son.

58 And her neighbours and her cousins heard how the Lord had shewed great mercy upon her; and they rejoiced with her.

59 And it came to pass, that on the eighth day they came to circumcise the child; and they called him Zacharias, after the name of his father.

60 And his mother answered and said, Not so; but he shall be called John.

61 And they said unto her, There is none of thy kindred that is called by this name.

62 And they made signs to his father, how he would have him called.

63 And he asked for a writing table, and wrote, saying, His name is John. And they marvelled all.

64 And his mouth was opened immediately, and his tongue *loosed*, and he spake, and praised God.

65 And fear came on all that dwelt round about them: and all these sayings were noised abroad throughout all the hill country of Judaea.

66 And all they that heard *them* laid *them* up in their hearts, saying, What manner of child shall this be! And the hand of the Lord was with him.

68 *Go madh* beannaighe au Tighearna Dá Israel; ar son gur fhiosruigh sé agus gur fhúasgail sé a phobal *féin*,

69 Agus do thóg sé súas adharc na sláinte dhúinne a dtigh Dháibhi a shearbhfhoghantuidhe *féin*;

70 Do réir mar do labhair sé tré bhéul a fháidheadh náomhtha *féin*, do bhí ann ó thús an domáin:

71 Ga gcuimhdéochadh sé sinn ó ar - naimhdibh, agus ó láimh gach uile *dhuine* agá bhfuil fúath dhúinn;

72 Go ndéanadh sé trócaire air ar naithreachuibh, agus go gcuimhnéochadh sé a thiomna náomhtha *féin*;

73 Agus ar an mionna lé a dtug sé móid Dábrahám ar nathairne, go dtiubhradh sé dhúinn,

74 Go mbémís gan eagla air ar sáoradh ó láimh ar námhad do chum seirbhisi do déanamh dhó *féin*,

75 A náomhthachd agus a bhfiréantachd na fhíadhnuiséan, a láethibh ar mbeatha uile.

76 Agus tusa, a leinibh, goirfithear diot faidh an té as Airde: óir rachuidh tú roimh aghaidh an Thighearna dullmhughadh a shligheadh;

77 Do thabhairt éolus na sláinte dá phobal tré mhaitheamhnus na bpeacadh,

78 Tré thrócaire ro mhóir ar Ndía *féin*; lér fhiosruigh sé sinn ag éirghe ón *ionad* árd,

79 Do thabhairt soillsi don droing do bhí na suidhe a ndorchadas agus a sgáile an bháis, agus do dhíorghadh ar gcos a slighe na síothchána.

80 Agus do fhás an leanabh, agus do neartuigheadh é a spíoruid, agus do bhí sé ar na fásuighibh go soithe an lá an ar fhoillsigh sé é féin Disraél.

Caibidil 2

Beirthear Críosa, 13 moladh na naingil, 28, agus Shimeon, 36 ré fáigheadoireacht Anna.

1 Agus tárla ann sna láethibh sin, go ndeachuidh áithne ó Shéasar Augustus, an domhan uile do mheas,

2 (Ag so an céudmheas do rinneadh an tan do bhí Sirénus na úachdarán ar Shíria.)

3 Agus do chúadar eile dhá meas, gach áon fá leith dhá chathruigh féin,

4 Agus do chúaidh Ióseph mar an gcéudna súas ón Ghalilé, as an gcathraigh Nasarét, go tír Iúdaighe, go cathruigh Dhaibhi, dá ngoirthear Bétleem; do bhrígh go raibh sé do thigh agus do shliochd Dháibhí:

67 And his father Zacharias was filled with the Holy Ghost, and prophesied, saying,

68 Blessed *be* the Lord God of Israel; for he hath visited and redeemed his people,

69 And hath raised up an horn of salvation for us in the house of his servant David;

70 As he spake by the mouth of his holy prophets, which have been since the world began:

71 That we should be saved from our enemies, and from the hand of all that hate us;

72 To perform the mercy *promised* to our fathers, and to remember his holy covenant;

73 The oath which he sware to our father Abraham,

74 That he would grant unto us, that we being delivered out of the hand of our enemies might serve him without fear,

75 In holiness and righteousness before him, all the days of our life.

76 And thou, child, shalt be called the prophet of the Highest: for thou shalt go before the face of the Lord to prepare his ways;

77 To give knowledge of salvation unto his people by the remission of their sins,

78 Through the tender mercy of our God; whereby the dayspring from on high hath visited us,

79 To give light to them that sit in darkness and *in* the shadow of death, to guide our feet into the way of peace.

80 And the child grew, and waxed strong in spirit, and was in the deserts till the day of his shewing unto Israel.

Chapter 2

1 And it came to pass in those days, that there went out a decree from Caesar Augustus, that all the world should be taxed.

2 (And this taxing was first made when Cyrenius was governor of Syria.)

3 And all went to be taxed, every one into his own city.

4 And Joseph also went up from Galilee, out of the city of Nazareth, into Judaea, unto the city

5 Ionnus go measfuigh é maille ré Muire do bhi ar na ceangal ris mar mhnáoi, ar mbeith dhi torrach.

6 Agus tárla, ar mbeith dhóibh ann sin, go dtangadar laéthe a hionbhuidhsean.

7 Agus rug sí mac a céudduine cloinne, agus do chuir sí giobuil cheangail na thimcheall, agus do chuir sí na luighe a mainnséur é; do bhrígh nach raibh ait aca sa tigh ósda.

8 Agus do bhádar áodhairidhe sa dúithche sin na gcomhnuidhe a muigh, agus ag déanamh faire oidhche ar a dtréd.

9 Agus, féuch, do sheas aingeal an Tighearna láimh léo, agus do shoillsigh ghlóir an Tighearna na dtimcheall: agus do ghabh eagla mhór iad.

10 Agus a dubhairt an taingeal riú, Na bíodh eagla oruibh: óir, feuch, a táim ag soisgéulughadh dhíbh gáirdeachus mór, noch bhías do gach uile phobal.

11 Oír rugadh an Slánuightheóir dháoi bh a niu, (éadhon Críosa an Tighearna,) a gcathruigh Dháibhí.

12 Agus ag so comhartha dhíbh; Do ghéubhtháoi an leanabh ceanguilte a ngiobluibh, na luighe a mainnséur.

13 Agus do bhí go hobann cuideachda mhór do shlúagh neamhdha a bhfochair an aingil ag moladh Dé, agus ag rádh,

14 Glóir do Dhía ann sna hárduibh, agus síodhcháin ar an dtalamh, deagthoil do na dáoinibh.

15 Agus tárla, mar do imthigheadar na haingil úatha ar neamh, go ndubhradar na háodhairidhe ré chéile, Imthigheam anois don Bhetléem, agus féucham an ní so do rinneadh, noch do fhoillsigh an Tighearna dhúinn.

16 Agus tangadar go deithneasach, agus fuaradar Muire agus Ióseph, agus an náoidhe na luighe a mainnséur.

17 Agus an tráth do chonncadar *sin*, do aithriseadar an ní a dubhradh riú a dtimcheall an leinibhsin.

18 Agus na huile dháoine da gcúalidh *so* do ghabh iongantus iad fá na neitheibh a dubhradar na háodhairidhe riu.

19 Achd do thaisgidh Muire na bríathrasa uile, dá mbreathnughadh ann a croidhe.

20 Agus do fhilleadar na háodhairidhe, ag tabhairt glóire agus ag moladh Dé tré gach ní da gcúaladar agus da bhfácadar, mar a dubhradh riú.

21 Agus an tan do coimhlíonadh ochd lá chum an leinibh do thimcheallgherradh, tugadh IOSA mar ainm air, éadhon an tainm do ghoir an taingeal de suil do gheineadh a mbroinn é.

of David, which is called Bethlehem; (because he was of the house and lineage of David:)

5 To be taxed with Mary his espoused wife, being great with child.

6 And so it was, that, while they were there, the days were accomplished that she should be delivered.

7 And she brought forth her firstborn son, and wrapped him in swaddling clothes, and laid him in a manger; because there was no room for them in the inn.

8 And there were in the same country shepherds abiding in the field, keeping watch over their flock by night.

9 And, lo, the angel of the Lord came upon them, and the glory of the Lord shone round about them: and they were sore afraid.

10 And the angel said unto them, Fear not: for, behold, I bring you good tidings of great joy, which shall be to all people.

11 For unto you is born this day in the city of David a Saviour, which is Christ the Lord.

12 And this *shall be* a sign unto you; Ye shall find the babe wrapped in swaddling clothes, lying in a manger.

13 And suddenly there was with the angel a multitude of the heavenly host praising God, and saying,

14 Glory to God in the highest, and on earth peace, good will toward men.

15 And it came to pass, as the angels were gone away from them into heaven, the shepherds said one to another, Let us now go even unto Bethlehem, and see this thing which is come to pass, which the Lord hath made known unto us.

16 And they came with haste, and found Mary, and Joseph, and the babe lying in a manger.

17 And when they had seen *it*, they made known abroad the saying which was told them concerning this child.

18 And all they that heard *it* wondered at those things which were told them by the shepherds.

19 But Mary kept all these things, and pondered *them* in her heart.

20 And the shepherds returned, glorifying and praising God for all the things that they had heard and seen, as it was told unto them.

21 And when eight days were accomplished for the circumcising of the child, his name was

22 Agus an tan do coimhlíonadh laéthe glanta *Mhuire* do réir reachda Mháóisi, rugadar léo go Hiarusaléim é, da thaisbéanadh don Tighearna;

23 (Mar a tá scríobhtha a reachd an Tighearna, Gach céudghein mhic thuismheas brú bíaidh sé náomhtha don Tighearna;)

24 Agus do thabhairt ofrála, do réir mar a dearthar a reachd an Tighearna, Cúpla turtair, nó dhá gheirreacach coluim.

25 Agus, féuch, *do bhí* duine a Níarusaléim, dár bhainm Símeon; agus *do bhí* an fearso comhthrom díadha, agus a shúil ré comhfhurtachd Israel: agus do bhí an Spíorad Náomh ann,

26 Agus do fhoillsigh an Spíorad Náomh dhó, nach bhfaicfeadh sé bás, nó go bhfaicfeadh sé Criosd an Tighearna,

27 Agus táinic sé maille ré tréoir na Spioraide don teampoll: agus an tan thug a athair agus a mháthair an leanabh Iósa, do chum go ndéanaídis ar a shon do réir gnáthuighthe an dlighe,

28 Ann sin do ghabh seision chuige ann a uchd é, agus do mhol sé Día, agus a dubhairt sé,

29 A Thighearna, a nois leigeas tú dod shearbhfhoghantuidhe imtheachd a síodhchain, do réir tfhocail *féin*:

30 Oir do chonncadar mo shúile do shlánughadhsá,

31 Noch do ullmhuigh tú a bhfiadhnuisi na nuile phobal.

32 Solus do dhéunadh soillsi do na Cineadhachuibh, agus glóir do phobail *féin* Israél.

33 Agus do ghabh iongantus Ióseph agus a mháthairsion fá na neithibh a dubhhradh na thimcheall.

34 Agus do bheannuigh Símeon íad, agus a dubhairt sé ré Muire a mhathairsion, Féuch, a tá sé so ar na órdughadh do chum *tuitme* agus eiséirghe mhóráin a Nisraél; agus na chomhartha agá gcuirfítheas na aghaidh;

35 (Agus fós, rachaidh cloidheamh tré thanamsa mar an gcéudna,) do chum go nochdfuidhe smúaintighthe as mórán do chroidhibh.

36 Agus fós do bhí Anna, banfhaidh, inghean Phánuel, do thréibh Aser: do bhi áois mhór aiceso, tár éis seachd mblíadhna do chaitheamh dhi ag fear a ndiáigh a maighdeannis;

37 Agus ar mbeith na baintreabhuigh a dtinicheall cheithre mblíadhan agus cheithre fichid dhi, níor fhág sí an teampoll, achd ag déunamh seirbhísi do *Dhía* do ló agus doídhche le trosgadh agus lé húrnuighthe.

called JESUS, which was so named of the angel before he was conceived in the womb.

22 And when the days of her purification according to the law of Moses were accomplished, they brought him to Jerusalem, to present *him* to the Lord;

23 (As it is written in the law of the Lord, Every male that openeth the womb shall be called holy to the Lord;)

24 And to offer a sacrifice according to that which is said in the law of the Lord, A pair of turtledoves, or two young pigeons.

25 And, behold, there was a man in Jerusalem, whose name *was* Simeon; and the same man *was* just and devout, waiting for the consolation of Israel: and the Holy Ghost was upon him.

26 And it was revealed unto him by the Holy Ghost, that he should not see death, before he had seen the Lord's Christ.

27 And he came by the Spirit into the temple: and when the parents brought in the child Jesus, to do for him after the custom of the law,

28 Then took he him up in his arms, and blessed God, and said,

29 Lord, now lettest thou thy servant depart in peace, according to thy word:

30 For mine eyes have seen thy salvation,

31 Which thou hast prepared before the face of all people;

32 A light to lighten the Gentiles, and the glory of thy people Israel.

33 And Joseph and his mother marvelled at those things which were spoken of him.

34 And Simeon blessed them, and said unto Mary his mother, Behold, this *child* is set for the fall and rising again of many in Israel; and for a sign which shall be spoken against;

35 (Yea, a sword shall pierce through thy own soul also,) that the thoughts of many hearts may be revealed.

36 And there was one Anna, a prophetess, the daughter of Phanuel, of the tribe of Aser: she was of a great age, and had lived with an husband seven years from her virginity;

37 And she *was* a widow of about fourscore and four years, which departed not from the

38 Agus táinic so do lathair ar an úair gcéudna agus dadmhuigh sí an Tighearna ma ráon ríu, agus do labhair sí na thimcheall ré gach áon agá raibh súil ré fúasgladh an Iarusaléim.

39 Agus mar do chríochnuigheadar gach uile ní do réir reachda an Thighearna, do fhilleadar don Ghalilé, da gathruigh féin Násarét.

40 Agus do fhás an macáomh, agus do neartuigheadh é a spioraid, agus do bhí sé lán deagna: agus do bhí grása Dé maille ris.

41 Agus do ghnáthuigheagh a athair agus a mháthair dul gach a bliadhna go Híarusaléim a sollamuin na cásg.

42 Agus ar mbeith dhá bhliadhan déug dho, do chúadar súas go Híarusaléim, do réir ghnáthuighthe na sollamna.

43 Agus are gcríochnughadh na, láetheadh sin, an tan do fhilleadarsan, dfan anleanabh Iósa a Níarusaléim; gan fhios do Ióseph ná dhá mháthair.

44 Agus, an tan do shaóileadar go raibh sé na gcuideachda, do shiobhladar asdar laói; agus diarradar é a measg a ndaóine gaóil agus aitheanta.

45 Agus an tan nach bhfúaradar é, do fhilleadar arís go Híarusaléim, dhá iarruigh.

46 Agus tárla, trí lá dá éis sin, go bhfúaradar é ann sa teampoll, na shuidhe a measg na ndoctoréireadh, ag éisdeachd ríu, agus ag cur cheasd ortha.

47 Agus do ghabh iongnadh gach uile dhuine dá gcúalaidh é fá na thuigsin agus fá na fhreagarthaibh.

48 Agus ar na fhaicsin dóibh, do ghabh úathbhás íad: agus a dubhairt a mhathair ris, A mhic, créd fá ndéarna tú mar so rinn? Féuch, do bhí misi agus dathair lán do dhobhrón dod lordaireachd.

49 Agus a dubhairt seision ríu, **Créd fá rabhabhair dom lorgaireachdsá? An né nach raibh a fhios agaibh gur bhéigin damhsa bheith ag déanamh ghnódhaighthe Mathar?**

50 Achd níor thuigeadarsan na bríathra do labhair se ríu.

51 Agus do chuáidh sé léo síos, agus táinic sé go Násarét, agus do bhí sé umhal dóibh: agus do thaisgidh a mháthair na bríathra so uile an a croidhe.

52 Agus dó bhí Iósa ag fás an eagna, agus a naóis, agus a ngean ag Día agus ag daóinibh.

Caibidil 3

Seanmoir agus teasdas Eóin um Chríod, 21 teasdas Dé uime: 23 agus a shinnsiorrachd tháoihb Ioseph.

1 Agus an cúigeadh bliadhan déug dimpireachid Thibérius Séasar, ar mbeith do

temple, but served *God* with fastings and prayers night and day.

38 And she coming in that instant gave thanks likewise unto the Lord, and spake of him to all them that looked for redemption in Jerusalem.

39 And when they had performed all things according to the law of the Lord, they returned into Galilee, to their own city Nazareth.

40 And the child grew, and waxed strong in spirit, filled with wisdom: and the grace of God was upon him.

41 Now his parents went to Jerusalem every year at the feast of the passover.

42 And when he was twelve years old, they went up to Jerusalem after the custom of the feast.

43 And when they had fulfilled the days, as they returned, the child Jesus tarried behind in Jerusalem; and Joseph and his mother knew not *of it*.

44 But they, supposing him to have been in the company, went a day's journey; and they sought him among *their* kinsfolk and acquaintance.

45 And when they found him not, they turned back again to Jerusalem, seeking him.

19 Agus a dubhairtsion ris an tesi, Bisi mar an gcéadna ós cionn cuig gcaithreach.

20 Agus táinic fear eile chuige, ag rádh, **A thighearna, féuch, do phiosa do bhi agamsa a ttaisgidh a naipcin:**

5 And when Jesus came to the place, he looked up, and saw him, and said unto him, **Zacchaeus, make haste, and come down; for to day I must abide at thy house.**

6 And he made haste, and came down, and received him joyfully.

7 And when they saw *it*, they all murmured, saying, That he was gone to be guest with a man that is a sinner.

8 And Zacchaeus stood, and said unto the Lord; Behold, Lord, the half of my goods I give to the poor; and if I have taken any thing from any man by false accusation, I restore *him* fourfold.

9 And Jesus said unto him, **This day is salvation come to this house, forsomuch as he also is a son of Abraham.**

10 For the Son of man is come to seek and to save that which was lost.

11 And as they heard these things, he added and spake a parable, because he was nigh to Jerusalem, and because they thought that the kingdom of God should immediately appear.

12 He said therefore, **A certain nobleman went into a far country to receive for himself a kingdom, and to return.**

13 And he called his ten servants, and delivered them ten pounds, and said unto them, **Occupy till I come.**

14 But his citizens hated him, and sent a message after him, saying, We will not have this *man* to reign over us.

15 And it came to pass, that when he was returned, having received the kingdom, then he commanded these servants to be called unto him, to whom he had given the money, that he might know how much every man had gained by trading.

16 Then came the first, saying, Lord, thy pound hath gained ten pounds.

17 And he said unto him, Well, thou good servant: because thou hast been faithful in a very little, have thou authority over ten cities.

18 And the second came, saying, Lord, thy pound hath gained five pounds.

19 And he said likewise to him, Be thou also over five cities.

20 And another came, saying, Lord, behold, **here is** thy pound, which I have kept laid up in a napkin:

21 Oír do bhi heaglasa oram, tré gur duine forghruáma thú: tógbhuidh tú súas an ní nár chuir tú síós, agus beanuidh tú an ní nár shíolchuir tú.

22 A dubhairtsion ris, As do bhéul féin do bheir imbreith ort, a dhriochshearbhfoghantaigh. Do bhí a fhios agad gur dhuine forghruáma misi, thogbhus súas an ní nach ar chuir mé síós, agus bheanas an ní nach ar shíochuir me:

23 Ar a nadhbharsin créd fá nar chuir tusa mo chuid airgid ann sa mbanc, agus ar dteachd damhsa do thóigeubhuinn é maille lé biseach?

24 Agus a dubhairt sé ris an muinntir do bhi na seasamh, Tóguidh úadh an piósa, agus tabhruidh don té úd agá bhfuilid na deich bpiósa é.

25 (Agus a dubhradarsan ris, A thighearna, atáid deich bpiósa aige.)

26 Oír a deirim ribh, Gur ab do gach áon agá bhfuil do bhéarthar; agus an té ag nach bhfuil, beanfuihear dhe fós an ní atá aige.

27 Tabhruidh libh ann so, na naimhde úd agamsa, le nar bháill misi dó rioghagh ós a gceann, agus marbhaidh am fiadhnuisi *íad*.

28 Agus ar na rádh so, do chúaidh sé rompa, ag dul súas go Hiarusaleim.

29 Agus tárla, an tan do dhruid sé lé Betpháge agus ré Betánia, láimh ris a tsliabh da ngoirthear *slíabh* na Noluidhe, gur chuir sé dias da dheisciobluidh úd,

30 Ag rádh, Imthighidh don bhaile atá as bhur geomhair; ar ndul a sdeach ann dáoiibh do gheabhtháoi searrach ceangailte, ar na shuidh áon nduine riamh: sgáoilidh, agus tabhruidh libh é.

31 Agus dá bhfiafruidhe éin neach dhibh, Créd fa sgáoilte é? is mar so a déartháoi ris, Ar son go bhfuil féidhm ag an Tighearna air.

32 Agus ar nimtheachd do na teachdairidhibh, fúaradar mar a dubhairt sé riu.

33 Agus ar sgáoilidh an tsearraigh dhóibhsion, a dubhradar a thighearnuidhe riu, Créd fá sgáoilte an searrach?

34 Agus a dubhradarsan, Tré go bhfuil féidhm ag an Tighearna air.

35 Agus rugadar léo é chum Iósa: agus ar dteilgean a mbrat ar a tséarrach, do chuireadar Iósa air.

36 Agus ag imtheachd dósan, do leathnuigheadar a néaduighe ar a tsliaghe.

37 Agus an tan do dhruid sé a bhogus, ré casaigh shléibhe na Noluidheadh, do thionnsgain an chuideacha dheisciobal uile go lúathgháireach Día do mholadh do ghuth

21 For I feared thee, because thou art an austere man: thou takest up that thou layedst not down, and reapest that thou didst not sow.

22 And he saith unto him, Out of thine own mouth will I judge thee, *thou* wicked servant. Thou knewest that I was an austere man, taking up that I laid not down, and reaping that I did not sow:

23 Wherefore then gavest not thou my money into the bank, that at my coming I might have required mine own with usury?

24 And he said unto them that stood by, Take from him the pound, and give *it* to him that hath ten pounds.

25 (And they said unto him, Lord, he hath ten pounds.)

26 For I say unto you, That unto every one which hath shall be given; and from him that hath not, even that he hath shall be taken away from him.

27 But those mine enemies, which would not that I should reign over them, bring hither, and slay *them* before me.

28 And when he had thus spoken, he went before, ascending up to Jerusalem.

29 And it came to pass, when he was come nigh to Bethphage and Bethany, at the mount called *the mount* of Olives, he sent two of his disciples,

30 Saying, Go ye into the village over against *you*; in the which at your entering ye shall find a colt tied, whereon yet never man sat: loose him, and bring *him hither*.

31 And if any man ask you, Why do ye loose *him*? thus shall ye say unto him, Because the Lord hath need of him.

32 And they that were sent went their way, and found even as he had said unto them.

33 And as they were loosing the colt, the owners thereof said unto them, Why loose ye the colt?

34 And they said, The Lord hath need of him.

35 And they brought him to Jesus: and they cast their garments upon the colt, and they set Jesus thereon.

36 And as he went, they spread their clothes in the way.

37 And when he was come nigh, even now at the descent of the mount of Olives, the whole multitude of the disciples began to rejoice and praise God with a loud voice for all the mighty works that they had seen;

mhór ar son gach uile subhailcighe dá bhfacadur;

38 Ag rádh, Is beannaighe an Rí thig a nainm an Tighearna: sióthcháin ar neamh, agus glóir an sna hárduibh.

39 Agus a dubhradar Phairisinigh áirighe do tslúagh rís, A Maighisdir, tabhuir achmhusán dod dhéiscioblaibh.

40 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ríu, A deirim ribh, má thochduid so, go néighfid na clocha féin.

41 Agus mar do dhruid sé a radharc na caithreach, do ghuil sé air a son,

42 Ag rádh, O dá naitheantá, ann sa lá agad féin fós, na neithe *bheanas* réd shiothcháin! achd atáid síad a nois foluighthe ód shúilibh.

43 Oír tiocfuid láethe ort, ann a dteilgfid do naimhde diog ad thimcheall, agus iona dtimchiollfaid, agus iona gcuibhreochoaid thú gach éantáobh.

44 Agus do dhéanuid comhchothrom ris an dtalamh thú, agus do chlann ionnad a stigh; agus ní fhúigfid cloch ar muin cloiche ionnad; tré nar aithin tú aimsear thfiosruighthe.

45 Agus ar ndol a sdeach don teampall dhó, do thionnsgain sé an dream do bhí ag reic agus ag ceannach ann, do chur amach;

46 Ag rádh ríu, *Atá sgríobhtha, Mo thighse is tigh urnuighe é; achd cheana do rinneabhairsi tuinighthe bhiothamnach dhe.*

47 Agus do bhíodh sé teagasg gach lá ann sa teampall. Agus díarradar úachdaráin na sagart agus na sgríobuidhe agus cinn an phobuil eisión do mharbhadh,

48 Gidheadh ní raibh a fhios aca créd do dhéunaidis: óir do bhí an pobal uile ro-airreach air éisdeachd risean.

Caibidil 20

Attimcheall ághdarras Chríod, 9 an fhineamhain, 27 agus án Eiseirghe.

1 Agus tárla, áon do na láethibh sin, an tan do theagaisg séisíon an pubal ann sa teampall, agus do sheanmoir sé an soisgéul, go dtangadar úachdaráin na sagart agus na sgríobuidhe maille ris na sinnsearuibh *chuige*.

2 Agus do labhradar ris, ag rádh, Innis dúinne, cia an tughdarrás as a ndéanann tú na neithesi? nó cia thug an tughdarrás so dhuit?

3 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé ríu, *Fiafrochaidh misi fós aonfhocal amháin dibhse; agus tabhruidh freagra oram:*

4 Baisdeadh Éoin, ann ó neamh do bhí se, nó ó dháoinibh?

38 Saying, Blessed *be* the King that cometh in the name of the Lord: peace in heaven, and glory in the highest.

39 And some of the Pharisees from among the multitude said unto him, Master, rebuke thy disciples.

40 And he answered and said unto them, *I tell you that, if these should hold their peace, the stones would immediately cry out.*

41 And when he was come near, he beheld the city, and wept over it,

42 Saying, *If thou hadst known, even thou, at least in this thy day, the things which belong unto thy peace! but now they are hid from thine eyes.*

43 For the days shall come upon thee, that thine enemies shall cast a trench about thee, and compass thee round, and keep thee in on every side,

44 And shall lay thee even with the ground, and thy children within thee; and they shall not leave in thee one stone upon another; because thou knewest not the time of thy visitation.

45 And he went into the temple, and began to cast out them that sold therein, and them that bought;

46 Saying unto them, *It is written, My house is the house of prayer: but ye have made it a den of thieves.*

47 And he taught daily in the temple. But the chief priests and the scribes and the chief of the people sought to destroy him,

48 And could not find what they might do: for all the people were very attentive to hear him.

Chapter 20

1 And it came to pass, *that* on one of those days, as he taught the people in the temple, and preached the gospel, the chief priests and the scribes came upon *him* with the elders,

2 And spake unto him, saying, Tell us, by what authority doest thou these things? or who is he that gave thee this authority?

3 And he answered and said unto them, *I will also ask you one thing; and answer me:*

4 *The baptism of John, was it from heaven, or of men?*

5 And they reasoned with themselves, saying, If we shall say, From heaven; he will say, Why then believed ye him not?

5 Agus do bhádarsan ag tagra eatarra féin, ag rádh, Má dermid, O neamh; déara seisean, Créd fá nar chreideabhairsi dhó?

6 Achd má deirmid, O dháoinibh; géubhuidh an pobal uile do chlochaibh orainn: óir is deimhin léo gur fáigh Eóin.

7 Agus do fhreagradar, nach raibh a fhios aca féiu gá hás dó.

8 Agus a dubhairt Iósa ríu, Ní mó innéosas misi dhíbhsi cíá an túghdarrás as a ndéunuim na neithesi.

9 Agus do thionnsgain sé an chosamhlachd do rádh ris an bpoib; Do chuir duine áirighe fineamhuin, agus tug sé amach do sgoilóibh í, agus do bhí sé féin a gcoigcrích air feadh aimsire faide.

10 Agus na am féin do chuir sé a shearbhfoghantúighe chum na sgoilóg, ionnus go dtiobhraidis ní do thoradh na fineamhna dhó: achd do ghabhadar na sgoilóga air, agus do chuireadar folamh uátha é.

11 Agus do chuir sé searbhfoghantúighe eile úadh a rís: achd ar ngabháil air sin leis, agus ar dtabhairt easonóra dhó, do chuireadar folamh uátha é.

12 Agus na cheann sin do chuir sé an treas úadh: achd do chuireadarsan amach an tésin leis, ar na lot.

13 Achd a dubhairt tighearna na fineamhna, Cred do dhéana mé? cuirfidh mé mó mhac grádach féin chuca: do béidir an tan do chifid é go dtiobhraidis onóir dhó.

14 Agus ar na fhaicsin do na sgoilóibh, do labhradar eatarra féin, ag rádh, A sé so an toighre, tigidh, marbham é, ionnus go mbíadh a noighreachd aguin féin.

15 Agus ar na theilgean don táobh amach don fhíneamhain, do mharbhadar é. Ar a nadhbharsin créd do dhéanas tighearna na fineamhna ríu súd?

16 Tiocfuidh sé agus sgriosfuidh sé na sgoilóga úd, agus do bhéura sé an fhíneamhuin do dháoinibh eile. Agus an tan do chúladarsan so, a dubhradar, Nár liege Día sin.

17 Achd ar bhféachain dósan órrtha, a dubhairt sé, Máseadh créd é an ní so atá sgriobhtha, An chloch do dhiultadar na saoir is di so do rinneadh ceann an chuáinne?

18 Gidh bé duine thuitfeas ar an geloich úd, do dhéantar greamanna dhe; agus gidh bé duine ar a dtuitfidh sí, do dhéana sí luaithreadh dhe.

19 Agus díarradar úachdaráin na sagart agus na sgriobuidhe lámha do chur annsan air a núair sin féin; achd do bhí eagla an phobuil orrtha: óir do aithneadar gur ab na naghuidh féin a dubhairt sé an chosamhlachdso.

6 But and if we say, Of men; all the people will stone us: for they be persuaded that John was a prophet.

7 And they answered, that they could not tell whence *it was*.

8 And Jesus said unto them, **Neither tell I you by what authority I do these things.**

9 Then began he to speak to the people this parable; **A certain man planted a vineyard, and let it forth to husbandmen, and went into a far country for a long time.**

10 And at the season he sent a servant to the husbandmen, that they should give him of the fruit of the vineyard: but the husbandmen beat him, and sent *him* away empty.

11 And again he sent another servant: and they beat him also, and entreated *him* shamefully, and sent *him* away empty.

12 And again he sent a third: and they wounded him also, and cast *him* out.

13 Then said the lord of the vineyard, What shall I do? I will send my beloved son: it may be they will reverence *him* when they see him.

14 But when the husbandmen saw him, they reasoned among themselves, saying, This is the heir: come, let us kill him, that the inheritance may be ours.

15 So they cast him out of the vineyard, and killed *him*. What therefore shall the lord of the vineyard do unto them?

16 He shall come and destroy these husbandmen, and shall give the vineyard to others. And when they heard *it*, they said, God forbid.

17 And he beheld them, and said, What is this then that is written, The stone which the builders rejected, the same is become the head of the corner?

18 Whosoever shall fall upon that stone shall be broken; but on whomsoever it shall fall, it will grind him to powder.

19 And the chief priests and the scribes the same hour sought to lay hands on him; and they feared the people: for they perceived that he had spoken this parable against them.

20 And they watched *him*, and sent forth spies, which should feign themselves just men, that they might take hold of his words, that so they

20 Agus ag tabhairt aire ris, do chuireadar luchd bratha, do léigfeadh orrtha féin a bheith na bhfiréin, ionnus go ngreameóchaidis air a chomhrádh, do chum a thabhartha do chumhachd agus dughdarrás a nuáchdaráin.

21 Agus dfiafraigheadar dhe, ag rádh, á Mhaighisdir, atá a fhios againne gur ceart labhras tú agus theagaisgeas tú, agus nach bhfuil cion agad ar phearsain áonduine, achd go dteagasgann tú slighe Dé do réir na fírinne:

22 An ceaduightheach dhúinne cíós do thábhairt do Shéasar, nó gan a thabhairt?

23 Achd tug seisean a meabhail dá aire, agus a dubhairt sé riú, **Créd fá gcurtháoi cathughadh oram?**

24 **Taisbéanaigh dhamh pighinn. Cia ar leis a níomháigh agus an sgríbhinn atá uirthi?** Agus ar bhfreagra dhoibhsion a dubhradar, Lé Séasar,

25 Achd a dubhairt seision riu, **Ar a nadhbharsin tabhruidh do Shéasar na neithe is lé Séasar, agus na neithe is lé Dá do Dhía.**

26 Agus níor fhéadadar greamughadh air a bhriathra a bhfiadhnuisi an phobuil: agus ag déanamh iongantais ann a fhreagarthuibhsion, do thochdadar.

27 Agus ar dteachd do dhruing do na Saduceachibh chuige, (noch shéanas a neiséirghe do bheith ann;) dfiafruigheadar dhe,

28 Ag rádh, A Mhaighisdir, do sgríobh Máoisí dhúinn, Dá bhfaghadh dearbhráthar dhúine ar bith bás, agá mbía bean phósda, agus go bhfuigheadh sé bás gan chloinn, go ngéubhadh a dhearbhráthair chuige a bhean, agus go tóigéubhadh se sliochd dá dhearbhráthair.

29 Ar a nadhbharsin do bhádar móirsheisior dearbhráthar ann: agus ar ngabháil mná chuige don chédfhear, fúair sé bás gan chloinn.

30 Agus do ghabh an dara dearbhráthair chuige an bhean, agus fúair seision leis bás gan chloinn.

31 Agus do ghabh an treas dearbhráthair chuige í; agus mar an gcéadna an móirsheisior: agus níor fhágbhadar clann, agus fúaradar bás.

32 Agus a ndiaigh cháich uile fúair an bhean bás mar an gcéadna.

33 Ar a nadhbharsin ann sa neiséirghe cíá aca súd dá madh bean í? óir do bhi si ag an mhóirsheisior na mnaoi.

34 Agus ag freagra a dubhairt Iósa riu, **Pósaid clann an tsáoghailsi mná, agus do bheirtheardfearuibh íad:**

35 **Achd cheana an dream mheasfuidhtheardgur fiú íad an sáoghal úd, agus eiséirghe ó na marbhuibh dfagháil, ní phósaid mná, agus ní thugthar dfearuibh íad:**

might deliver him unto the power and authority of the governor.

21 And they asked him, saying, Master, we know that thou sayest and teachest rightly, neither acceptest thou the person *of any*, but teachest the way of God truly:

22 Is it lawful for us to give tribute unto Caesar, or no?

23 But he perceived their craftiness, and said unto them, **Why tempt ye me?**

24 **Shew me a penny. Whose image and superscription hath it?** They answered and said, Caesar's.

25 And he said unto them, **Render therefore unto Caesar the things which be Caesar's, and unto God the things which be God's.**

26 And they could not take hold of his words before the people: and they marvelled at his answer, and held their peace.

27 Then came to *him* certain of the Sadducees, which deny that there is any resurrection; and they asked him,

28 Saying, Master, Moses wrote unto us, If any man's brother die, having a wife, and he die without children, that his brother should take his wife, and raise up seed unto his brother.

29 There were therefore seven brethren: and the first took a wife, and died without children.

30 And the second took her to wife, and he died childless.

31 And the third took her; and in like manner the seven also: and they left no children, and died.

32 Last of all the woman died also.

33 Therefore in the resurrection whose wife of them is she? for seven had her to wife.

34 And Jesus answering said unto them, **The children of this world marry, and are given in marriage:**

35 **But they which shall be accounted worthy to obtain that world, and the resurrection from the dead, neither marry, nor are given in marriage:**

36 **Neither can they die any more: for they are equal unto the angels; and are the children of God, being the children of the resurrection.**

37 **Now that the dead are raised, even Moses shewed at the bush, when he calleth the Lord**

36 Oír ní héidir léo bás dfagháil ní sa mhó: Oír atáid síad mar na haingle; agus na gcloinn ag Día, ar mbeith na gcloinn ag a neiséirghe.

37 Achd go néiréochadh na mairbh, dfoillsigh Máoise leis ag an dos, an tan do ghoireas sé don Tighearna Día Abraham, agus Día Isaac, agus Día Iácob.

38 Oír ní hé Día na marbh é, achd na mbéo: oír atáid síad uile na mbeathaigh dhósan.

39 Agus ar bhfreagra do dhruing do na sgríobuidhibh a dubhradar, A Mhaighisdir, is maith a dubhairt tú *sin*.

40 Agus níor lamhadar ó sin súas ní ar bith fhíafruighe dhe.

41 Agus a dubhairt sé ríu, Cionnas a déirid síad gur mac do Dháibhi Criosd?

42 Agus a deir Dáibhi féin a leabhar na Salm, A dubhairt an TIGHEARNA rém Thighearnasa, Suidh ar mo lámh dheis,

43 No go gcuire mé do námhuid na sdól fád chosaibh?

44 Ar a nadhbharsin goiridh Dáibhi Tighearna dhe, agus cionnas is mac dhó é?

45 Agus a néisdeachd an phobuil uile a dubhairt sé ré na dheisciobluibh féin,

46 Tabhruidh aire dháoi bh féin ó na sgríobuidhibh, le nab aill siobhal a róbuidhibh fada, agus lé nab ionmhuin failtighe ar na marguidhibh, agus na cédionuid suighthe ann sna coimhthionóluibh, agus na céadchuibhrinn ann sna féasduidhibh;

47 Noch shluigeas tighthe na mbaintreabhach, agus sin fós ar sgáth bheith go fada ag urnuighe: do gheabhuid so an damnadh is truime.

Caibidil 21

Féile chhlúthach na baintreabhaigh, 6 Sgrios Ierusalem, 25 agus deireadh an Domhain.

1 Agus ag féuchain dó, do chunnair sé na dáoine saidhbhre ag cur a dtiodhlaiceadh a náit coimhéuda an chisde.

2 Agus do chunnair sé fós baintreabhachd bochd áirighe ag cur dhá leith fheóirlinn ann.

3 Agus a dubhairt sé, A deirim ribh go fírinneach, gur ab mó do chuir an bhaintreabhach bhochdsa ann na cách uile:

4 Oir is do niomarcuidh atá aca, thugadar so uile tiodhlaice do Dhía: achd do chuir sisi da bochdachd féin a beatha uile ann.

5 Agus a dubhairt sé ré druing áirighe, do bhi ag labhairt ar an dteampall, tré go raibh sé ar na dheagmhaisiughadh do chlochaibh áille agus do thiodhluicthibh,

the God of Abraham, and the God of Isaac, and the God of Jacob.

38 For he is not a God of the dead, but of the living: for all live unto him.

39 Then certain of the scribes answering said, Master, thou hast well said.

40 And after that they durst not ask him any question at all.

41 And he said unto them, How say they that Christ is David's son?

42 And David himself saith in the book of Psalms, The LORD said unto my Lord, Sit thou on my right hand,

43 Till I make thine enemies thy footstool.

44 David therefore calleth him Lord, how is he then his son?

45 Then in the audience of all the people he said unto his disciples,

46 Beware of the scribes, which desire to walk in long robes, and love greetings in the markets, and the highest seats in the synagogues, and the chief rooms at feasts;

47 Which devour widows' houses, and for a shew make long prayers: the same shall receive greater damnation.

Chapter 21

1 And he looked up, and saw the rich men casting their gifts into the treasury.

2 And he saw also a certain poor widow casting in thither two mites.

3 And he said, Of a truth I say unto you, that this poor widow hath cast in more than they all:

4 For all these have of their abundance cast in unto the offerings of God: but she of her penury hath cast in all the living that she had.

5 And as some spake of the temple, how it was adorned with goodly stones and gifts, he said,

6 As for these things which ye behold, the days will come, in the which there shall not be left one stone upon another, that shall not be thrown down.

7 And they asked him, saying, Master, but when shall these things be? and what sign will there be when these things shall come to pass?

6 Iádson do chíthise, tiocfuid láethe ann, nách bhfuightheair cloch air chloich dhíobh, nach sgáoilfightheair ó chéile,

7 Agus d'fíafuightheadar dhe, ag rádh, A Mhaighisdir, cía a núair bhéid na neithesi? agus créd é an comhthartha *bhías ann* an tan do dhéantar íad so?

8 Achd a dúbhairt seision, Féachaidh nach meallfuightheair sibh: óir tiocfuid mórán am ainmsi, ag rádh, Is misi é; agus do dhruid a naimsir linn: ar a nadhbharsin ná leanuidh íad.

9 Agus an tan do chluinfidhe cogtha agus búaidheartha, ná bíodh eagla oruibh: óir is éigin íad so do theachd air tús; achd ní deireadh é fós.

10 A dubhairt sé ríu an tansin, Eireochaidh cineadh a naghuidh cinidh, agus rioghachd a naghaidh rioghachda:

11 Agus béid creatha móra talmhan a mórán dáitibh, agus gorta, agus plágha; agus neithe uathbhásacha agus comharthuighe móra ó neamh.

12 Achd rompa so uile, cuirfid siád lámha ionnuibhsi, agus gérfleannfaid sibh, dá bhar dtabhairt do na coimhthionolaibh, agus do na príosúnuibh, da bhur mbreith chum righthe agus chum úachdarán ar son manmasa.

13 Achd teigeamhuidh so dháoihbse mar fhíadhnuisi.

14 Ar a nadhbharsin daingnidhidh ann bhar geroidhthibh, gan a smúaintiughadh roimhe láimh cionnas do fhreagóradh sibh *an bhar son fein*:

15 Oír do bheara misi béul dáoihbh agus eagna, nach budh héidir lé bhur neascáirdidh uile labhairt ná cur na haghuidh.

16 Agus braithfidhtheair sibh fós ó bhar naithreachaibh agus ó bharmaitheachaibh, agus ó bhar ndearbhráithreachaibh, agus ó bhar ngáoltuibh, agus ó bhargáirdibh; agus do bhéaruid fá deara *cuid* dhibh do chur chum báis.

17 Agus biaídh fuáth ag gach uile *dhuine* dháoihbh ar son manmasa.

18 Achd ní racha rúainne do *ghruaig* bhar gcinn a múgha.

19 Sealbhuidhidh bhar nanmanna *fein* lé bhar bhfoighid.

20 Agus an tan do chífí Iérusalem ar na timchealladh ó shlúaghuibh, bíodh a fhios aguibh an tansin gur ab fogas a fásughadh.

21 An sin an dream bhías a tír Iúdáighe teitheadh siád fá na sléibhtibh; agus an luchd bhías ann a lar, imthigheadh siád aisde; agus an dream bhías ar na machairidhibh ná héirgheadh siád a sdeach innte.

8 And he said, Take heed that ye be not deceived: for many shall come in my name, saying, I am *Christ*; and the time draweth near: go ye not therefore after them.

9 But when ye shall hear of wars and commotions, be not terrified: for these things must first come to pass; but the end *is* not by and by.

10 Then said he unto them, Nation shall rise against nation, and kingdom against kingdom:

11 And great earthquakes shall be in divers places, and famines, and pestilences; and fearful sights and great signs shall there be from heaven.

12 But before all these, they shall lay their hands on you, and persecute *you*, delivering *you* up to the synagogues, and into prisons, being brought before kings and rulers for my name's sake.

13 And it shall turn to you for a testimony.

14 Settle *it* therefore in your hearts, not to meditate before what ye shall answer:

15 For I will give you a mouth and wisdom, which all your adversaries shall not be able to gainsay nor resist.

16 And ye shall be betrayed both by parents, and brethren, and kinsfolks, and friends; and *some* of you shall they cause to be put to death.

17 And ye shall be hated of all *men* for my name's sake.

18 But there shall not an hair of your head perish.

19 In your patience possess ye your souls.

20 And when ye shall see Jerusalem compassed with armies, then know that the desolation thereof is nigh.

21 Then let them which are in Judaea flee to the mountains; and let them which are in the midst of it depart out; and let not them that are in the countries enter thereinto.

22 For these be the days of vengeance, that all things which are written may be fulfilled.

23 But woe unto them that are with child, and to them that give suck, in those days! for there

22 Oír a síad so láeithe an dioghaltuis, ionnus go gcoimhlfionfuidhte na huile neithe atá sgríobhtha.

23 Agus budh trúagh do ná mnáibh bhías torrach, agus ag oileamhuinn ann sna láethibh úd! oír bíaidh riachdanas romhór ann sa dúithche, agus fearg ris an bpobalsa.

24 Agus tuitfid lé fáobhar an chloidhimh, agus béarthar a mbraighdeanas íad chum na nuile chinidheach: agus bhíadh Iarúsalem ar na saltairt fáoi a Cineadhachaibh, nó go gcoimhlfiontar aimsearacha na Gcinidheach.

25 Agus béid comharthuíge ann sa ngréin, agus ann sa ngealuigh, agus ann sna réultannuibh: agus combrúghadh na gcinidheach ar an dtalamh, tré úathbhás; ag búirfigh don fhairge agus do na tonnuibh;

26 Agus racha a nanam as na dáoinibh tré eagla, agus tré bheith ag feitheamh ris na neithibh thioctas ar an domhan: oír croithfhear cumhachda neimhe.

27 Agus ann sin do chifid Mac an duine ag teachd a néull maille lé cumhachda agus lé glóir mhóir.

28 Agus an tan thionnsgóntar na neithesi do dhéanamh, féachuidh súas, agus togbhaidh bhár gcinn; oír is fogus dáoibh bhar bhfúasgladh.

29 Agus a dubhairt sé an chosamhlachda ríu; Féachaigh an crann fige, agus na huile chrann;

30 An tan sgeithid a *nduilleabhar*, air na fhaicsin dáoibhsi aitheantáoi úaibh féin gur fogus an samhradh ann sin.

31 Is mar sin dáoibhsi, an tan do chíff na neithesi déanta, bíodh a fhíos aguibh gur ab fogus atá rioghachd Dé.

32 A deirim ribh go fírinneach, Nach racha an dínisi thort, nó go ndéantar na neithesi uile.

33 Rachaidh neamh agus talamh thort: achd ní rachaid mó bhriathrasa thort *go bráth*.

34 Achd tabhruidh bhur naire dhíbh féin, deagla go mbíadh sibh tromchroidhtheach úair ar bith ó chráos, agus ó mheisce, agus ó rochúramuibh na beathasa, agus go dtiocfadh an lá úd go hobann oraibh.

35 Oír tíoctas sé mar dhul ar na huile dháoine dá náitrigheann ar úachdar na talmhan uile.

36 Ar a nadhbharsin déanuidh faire, ag guidhe gach uile úair, ionnus go measfuigh gur fiú sibh dul as ó na neithibhsi uile atá chum teachda, agus go seasmhóchadh sibh a bhfiadhnuisi Mhic an duine.

37 Agus do bhíodh sé teagasg sa ló ann sa teampall; achd ann sa noidhche ar nimtheachd dó amach, do chomhnuigheadh sé ar a tslíabh dá ngoirthear *slíabh* na Noluidheadh.

shall be great distress in the land, and wrath upon this people.

24 And they shall fall by the edge of the sword, and shall be led away captive into all nations: and Jerusalem shall be trodden down of the Gentiles, until the times of the Gentiles be fulfilled.

25 And there shall be signs in the sun, and in the moon, and in the stars; and upon the earth distress of nations, with perplexity; the sea and the waves roaring;

26 Men's hearts failing them for fear, and for looking after those things which are coming on the earth: for the powers of heaven shall be shaken.

27 And then shall they see the Son of man coming in a cloud with power and great glory.

28 And when these things begin to come to pass, then look up, and lift up your heads; for your redemption draweth nigh.

29 And he spake to them a parable; Behold the fig tree, and all the trees;

30 When they now shoot forth, ye see and know of your own selves that summer is now nigh at hand.

31 So likewise ye, when ye see these things come to pass, know ye that the kingdom of God is nigh at hand.

32 Verily I say unto you, This generation shall not pass away, till all be fulfilled.

33 Heaven and earth shall pass away: but my words shall not pass away.

34 And take heed to yourselves, lest at any time your hearts be overcharged with surfeiting, and drunkenness, and cares of this life, and *so* that day come upon you unawares.

35 For as a snare shall it come on all them that dwell on the face of the whole earth.

36 Watch ye therefore, and pray always, that ye may be accounted worthy to escape all these things that shall come to pass, and to stand before the Son of man.

37 And in the day time he was teaching in the temple; and at night he went out, and abode in the mount that is called *the mount* of Olives.

38 And all the people came early in the morning to him in the temple, for to hear him.

38 Agus do thigeadh an pobal uile chuige go moch air maidin, déisdeachd ris ann sa teampall.

Chapter 22

Caibidil 22

Chaith an deamhan ar Iudas chum failliughadh ar Chríost. 54 Do shéan Peadar é. 66 Achd dadaimh sé féin gur ab Mac Dé é.

1 Agus do dhruid féasda a naráin gan laibhín riu, dá ngoirthear an Cháisg:

2 Agus do bhí úachdarain na sagart agus na sgríobuidhe ag íarruidh cionnus do mhuirfidís eision; oir do bhí eagla an phobuil orrtha.

3 Achd do chúaidh Satan a Níudas dar chomhainm Iscáiriot, do bhí no nuibhir an dá fhear dhéag.

4 Agus ar nimtheachd amach dhó, do labhair sé ris na hárdsgartaibh agus ris na húachdaranuibh, cionnas do bhraithfeadh sé eision dhóibh.

5 Agus do gabh lúathgháire íadsan, agus do rinneadar cunnradh ris airgead do thabhairt dó.

6 Agus do gheall seision *sin*, agus díarr sé fail ar eision do bhrath dhóibh ab tan nach mbíadh an pobal a láthair.

7 Achd táinic lá a naráin gan laibhín, ann ar bhéigin an *túan* cásg do mharbhadh.

8 Agus do chuir *Iósa* Peadar and Eóin úadh, ag radh, **Imthigh, agus ullmhuighidh dhuinn an *túan* cásg, do chum go níosamáois é.**

9 Achd a dubhradarsin ris, Cía a náit ann ar toil leachd sinn dá ullmughadh?

10 Agus a dubhairt sé riu, **Féuch, tar éis dul a sdeach sa chathraigh dháobh, teigeamhuidh duine áirghe oruibh, ag iomchar shoighthigh uisge; leanaidh é don tigh iona racha sé a sdeach.**

11 Agus abruidh ré fear an tigh, A deir an Maighisdir riot, Cáit a bhfuil an *Ióisdín*, iona niosa mé an cháisg maille rem dheisciobhuibh?

12 Agus taisbéanuigh seision dáobh séomra mór uachtrach deagmhaisioch: ullmhuighidh ann sin é.

13 Agus ar nimtheachd dóibhsion, fúaradar mar a dubhairt seision riu: agus dullmhuigheadar an cháisg.

14 Agus an tráth tháinic an tam, do shuidh sé síos, agus a dhá dheisciobal deg maille ris.

15 Agus a dubhairt sé riu, **Do bhí *fonn* romhór oram an cháisgse do chaitheamh maille ribhsi suil fhuileongas mé:**

16 Oír a deirim ribh, Nach íosa mé dhe ní as mó, nó go gcoimhlíontar é a ríoghachd Dé.

1 Now the feast of unleavened bread drew nigh, which is called the Passover.

2 And the chief priests and scribes sought how they might kill him; for they feared the people.

3 Then entered Satan into Judas surnamed Iscariot, being of the number of the twelve.

4 And he went his way, and communed with the chief priests and captains, how he might betray him unto them.

5 And they were glad, and covenanted to give him money.

6 And he promised, and sought opportunity to betray him unto them in the absence of the multitude.

7 Then came the day of unleavened bread, when the passover must be killed.

8 And he sent Peter and John, saying, **Go and prepare us the passover, that we may eat.**

9 And they said unto him, Where wilt thou that we prepare?

10 And he said unto them, **Behold, when ye are entered into the city, there shall a man meet you, bearing a pitcher of water; follow him into the house where he entereth in.**

11 And ye shall say unto the goodman of the house, The Master saith unto thee, Where is the guestchamber, where I shall eat the passover with my disciples?

12 And he shall shew you a large upper room furnished: there make ready.

13 And they went, and found as he had said unto them: and they made ready the passover.

14 And when the hour was come, he sat down, and the twelve apostles with him.

15 And he said unto them, **With desire I have desired to eat this passover with you before I suffer:**

16 **For I say unto you, I will not any more eat thereof, until it be fulfilled in the kingdom of God.**

17 And he took the cup, and gave thanks, and said, **Take this, and divide it among yourselves:**

18 **For I say unto you, I will not drink of the fruit of the vine, until the kingdom of God shall come.**

17 Agus ar ngabháil an chupáin chuige, ar mbreith buidheachais dó, a dubhairt sé, Glacaidh so, agus roinnidh eadruibh féin é.

18 Oír a deirim ribh, Nach iobhtha mé do thoradh na fineamhna, no go dtíg rioghachd Dé.

19 Agus ar ngabháil a nárain chuige, ar mbreith buidheachais dó, do bhris, agus tug sé dhóibhsean é, ag rádh, A sé so mo chorpsa do bhearthar áir bhur sonsa: déanuidh so mar chuimhne oramsa.

20 Agus mar an gcéadna an cupán fós tar éis suipéir, ag rádh, A sé an cupánsa an tiomna nua ann mfuilsi, dhóirtear ar bhar sonsa.

21 Achd, féuch, lámh an té bhraitheas misi am fochair ar an mbórd.

22 Agus imthighidh Mac an duine go deimhin, do réir mar do hórduigheadh: gidheadh is mairg don duine úd lé mbraithtear é!

23 Agus do thionnsnadarsan a fhiafruigh eatarra féin, cía aca bhíadh ar tí so dheanamh.

24 Agus fós déirghidh imreasain eatarra, cía aca measfuighthe bheith ní as mó.

25 Achd a dubhairt seision ríu, Atá tíghearnas ag righthibh na Gcinidheach orrtha; agus an dream agá bhfuil cumhachda orrtha goirthear dáoine flaitheamhla dhíobh.

26 Achd ní mar sin dáoibhse: achd an té as mó eadruibh, bhíodh sé mar an té is lugha; agus an té is áired eadruibh, mar an té do ní miniosdralachd.

27 Oír cía aca is mó, an té shuigheas ar an mbórd, nó an tí friothólamh? a né nach é an té shuigheas ag bidh? achd atáimsi eadruibhse mar an té do ní friotholamh.

28 Agus is sibhsi dfan am fochairsi ann mo chathuighthibh.

29 Ar a nadhbharsin órduighim dháoibhshi rioghachd, mar do órduigh Máthair féin damhsa;

30 Ionnus go níosdáoi agus go níobhtháoi ar mó bhórdsá ann mo rioghachd féin, agus go suighfí ar chaithíreachaibh ag breith bhreithe ar dhá threibh dhéug Isráel.

31 Agus a dubhairt an Tighearna, A Shímóin, a Síomóin, féuch, díarr Sátan sibhsi, le bhar gcáthadh mar chruithneachd:

32 Agus do ghuidh misi air do shonsa, ionnus nach dtráioithfeadh do chreideamh: agus air bhfillleadh duitse, neartuigh do dhearbhrathreacha.

33 Agus a dubhairt seision ris; A Thighearna atáim ullamh air dhul leachdsá, chum príosúin, agus chum báis leis.

19 And he took bread, and gave thanks, and brake *it*, and gave unto them, saying, **This is my body which is given for you: this do in remembrance of me.**

20 Likewise also the cup after supper, saying, **This cup is the new testament in my blood, which is shed for you.**

21 But, behold, the hand of him that betrayeth me *is* with me on the table.

22 And truly the Son of man goeth, as it was determined: but woe unto that man by whom he is betrayed!

23 And they began to enquire among themselves, which of them it was that should do this thing.

24 And there was also a strife among them, which of them should be accounted the greatest.

25 And he said unto them, **The kings of the Gentiles exercise lordship over them; and they that exercise authority upon them are called benefactors.**

26 But ye *shall not be so*: but he that is greatest among you, let him be as the younger; and he that is chief, as he that doth serve.

27 For whether *is* greater, he that sitteth at meat, or he that serveth? *is* not he that sitteth at meat? but I am among you as he that serveth.

28 Ye are they which have continued with me in my temptations.

29 And I appoint unto you a kingdom, as my Father hath appointed unto me;

30 That ye may eat and drink at my table in my kingdom, and sit on thrones judging the twelve tribes of Israel.

31 And the Lord said, Simon, Simon, behold, Satan hath desired *to have* you, that he may sift *you* as wheat:

32 But I have prayed for thee, that thy faith fail not: and when thou art converted, strengthen thy brethren.

33 And he said unto him, Lord, I am ready to go with thee, both into prison, and to death.

34 And he said, I tell thee, Peter, the cock shall not crow this day, before that thou shalt thrice deny that thou knowest me.

35 And he said unto them, **When I sent you without purse, and scrip, and shoes, lacked ye any thing? And they said, Nothing.**

34 Achd a dubhairt seision, **A deirim riot, a Pheadair, nach goirfe an coileach a níu, nó go séana tú trí húaire go bhfuil aithne agad oramsa.**

35 Agus a dubhairt sé ríu, **An tan do chuir mé úaim sibh fan sparán, ná mála, ná bróga, an raibh uireasbhuigh éin neithe oruibh? Agus a dubhradarsan, Ní raibh.**

36 Ar a nadhbharsin a dubhairt sé ríu, **Achd a nois, gidh bé agá bhfuil sparán tógbhadh sé é, agus a mhála mar an gcéadna: agus gidh bé ag nach bhfuil, reacadh sé a bhrat, agus ceannchadh sé cloidheamh.**

37 Oír a deirim ribh, **Gur ab éigin fós an ní atá sgriobhtha do choimhlíonadh ionnamsa, Agus atá sé ar na chomháireamh a measg na ndáoine coirtheach: oír na neithe úd atá am thaoibhse atá deireadh aca:**

38 Achd a dubhradarsan, **A Thighearna, féuch, dhá chloidheamh ann so. Achd a dubhairt seision ríu, Is lór sin.**

39 Agus ar nimtheachd amach dhó, do chúaidh sé, do réir a ghnáthuighthe, go slíabh na Noluidheadh; agus fós do leanadar a dheisciobuil é.

40 Agus an tán tháinic sé chum na háite, a dubhairt sé ríu, **Déaunidh urnuighe ionnus nach dteigeamhadh sibh a ccáthughadh.**

41 Agus do tairrgeadh eision úatha a dtimcheall urchair cloiche, agus agá léigean air a ghlúinibh, do rinne sé urnuighe,

42 Ag rádh, **A Athair, mas toil leachd, cuir an cupánsa thoram: achd cheana nar ab í mo thoilsi, achd do thoilsi, do dhéantar.**

43 Achd do taisbéanadh dhó aingeal ó neamh dá chomhfhurtachd.

44 Agus ar mbeith a nanbhuain mhóir dhósan do rinne sé urnuighe ní as díthchiolluighe: agus do bhí a allas mar bhráona mora fola ag tuitim ar talamh.

45 Agus an tan déirigh sé ó urnuighe, tháinic sé chum a dheisciobal, agus fúair sé na geodladh íad tré thuirsi,

46 Agus a dubhairt sé ríu, **Créd fá gcodaltáoi? éirghidh agus déanuidh urnuighe, do chum nach dtuitfeadh sibh a gcathughadh.**

47 Agus ag labhairt dó fós, féuch an slúagh, agus an té dá ngoirthí Iúdas, áon don dá fhear déag, ag gabháil rompa, agus do dhruid sé ré Hiosa do thabhairt póige dhó.

48 Agus a dubhairt Iósa ris, **A Iúdais, an lé póig bhraitheas tú Mac an duine?**

49 Agus an tan do chunncadar an dream do bhí ná thimcheallsan an ní do bhí ag teachd, a dubhradar ris, **A Thighearna, an mbuáilfeam lé cloidheamh?**

50 Agus do bhuáil fear dhíobh searbhfhogantuidhe a nárdshagairt, agus do bhean sé a chlúas dheas de.

36 Then said he unto them, **But now, he that hath a purse, let him take it, and likewise his scrip: and he that hath no sword, let him sell his garment, and buy one.**

37 For I say unto you, that this that is written must yet be accomplished in me, **And he was reckoned among the transgressors: for the things concerning me have an end.**

38 And they said, Lord, behold, here *are* two swords. And he said unto them, **It is enough.**

39 And he came out, and went, as he was wont, to the mount of Olives; and his disciples also followed him.

40 And when he was at the place, he said unto them, **Pray that ye enter not into temptation.**

41 And he was withdrawn from them about a stone's cast, and kneeled down, and prayed,

42 Saying, **Father, if thou be willing, remove this cup from me: nevertheless not my will, but thine, be done.**

43 And there appeared an angel unto him from heaven, strengthening him.

44 And being in an agony he prayed more earnestly: and his sweat was as it were great drops of blood falling down to the ground.

45 And when he rose up from prayer, and was come to his disciples, he found them sleeping for sorrow,

46 And said unto them, **Why sleep ye? rise and pray, lest ye enter into temptation.**

47 And while he yet spake, behold a multitude, and he that was called Judas, one of the twelve, went before them, and drew near unto Jesus to kiss him.

48 But Jesus said unto him, **Judas, betrayest thou the Son of man with a kiss?**

49 When they which were about him saw what would follow, they said unto him, Lord, shall we smite with the sword?

50 And one of them smote the servant of the high priest, and cut off his right ear.

51 And Jesus answered and said, **Suffer ye thus far.** And he touched his ear, and healed him.

52 Then Jesus said unto the chief priests, and captains of the temple, and the elders, which were come to him, **Be ye come out, as against a thief, with swords and staves?**

51 Achd do fhreagair Iósa agus a dubhairt, **Fuilngidh go soithe so. Agus ar mbuáin ré na chluáis súd, do shlánuigh sé é.**

52 Agus a dubhairt Iósa ris na hardsagartaibh, agus úachdaránuibh an teampuill, agus na seinnsearaibh, tháinic chuige, **An dtangabhair amach, le cloidhimhthibh agus le batuidhibh, amhuil chum bhiothamhnuigh?**

53 **An tan do bhí mé gach lá agaibh sa teampall, níor shíneabhair lámha dhamh: achd a sí so bhar nuáirsi, agus cumhachda an dorchaduis.**

54 Achd ar mbreith airsion, rugadar léo é, go tigh an ardshagairt. Agus do lean Peadar a bhfad úadh é.

55 Agus an tráth do lasadar teine ar lár na halla, agus so shuigheadar *na timchioll* a bhfochair a chéile, do shuidh Peadar catarra.

56 Agus an tan do chunnairc cailín áirighe é na shuidhe ag an teinidh, ar bhféachain go gér dhí air, a dubhairt sí, Do bhí an fearso fós na fhochair súd.

57 Agus do shéan seision é, ag rádh, A bhean, níor bhaithnidh damh é.

58 Agus beagán na dhiáigh sin ar na fhaicsin do neach eile, a dubhairt sé, Agus is díobh súd thusa fós. Achd a dubhairt Peadar, A dhuine, ní díobh misi.

59 Agus a dtímcheall áonuáire amháin na dhiáigh sin, do dhearbhuigh neach áirighe eile, ag rádh, Go firinneach do bhí an tési leis na fhochair súd: óir is Galiléeach é.

60 Achd a dubhairt Peadar, A dhaine, ní bhfuil a fhios agam créd a deir tú. Agus ar an mball, an feadh do bhí sé ag labhairt, do ghoir an coileach.

61 Agus ar gcasadh don Tighearna, dféuch sé ar Pheadar. Agus do chuimhnigh Peadar ar chomrádh an Tighearna, cionnas a dubhairt sé ris, **Suil ghoirfeas an coileach, séanfuidh tú mé trí huáire.**

62 Agus ar ndol amach do Pheadar, do ghuil sé go gér.

63 Agus na dáoine do chuinnigh Iósa do rinneadar fonómhad fáoi, dá bhualadh;

64 Agus an tan do fholuigheadar é, do bhuaileadar a aghuidh, agus dfiafruidheadar dhe, ag rádh, Déana fáigheadóireachd, cíabhúail thú?

65 Agus a dubhradar mórán do neithibh eile na aghaidh dhá mhaslughadh.

66 Agus mar déirigh an lá, do chruinighheadar sinnsir an phobuil, agus na hardsagairt, agus na sgríobuidhe a bhfochair a chéile, agus tugadar eision chum a gcomhairle *féin*,

53 **When I was daily with you in the temple, ye stretched forth no hands against me: but this is your hour, and the power of darkness.**

54 Then took they him, and led *him*, and brought him into the high priest's house. And Peter followed afar off.

55 And when they had kindled a fire in the midst of the hall, and were set down together, Peter sat down among them.

56 But a certain maid beheld him as he sat by the fire, and earnestly looked upon him, and said, This man was also with him.

57 And he denied him, saying, Woman, I know him not.

58 And after a little while another saw him, and said, Thou art also of them. And Peter said, Man, I am not.

59 And about the space of one hour after another confidently affirmed, saying, Of a truth this *fellow* also was with him: for he is a Galilaeen.

60 And Peter said, Man, I know not what thou sayest. And immediately, while he yet spake, the cock crew.

61 And the Lord turned, and looked upon Peter. And Peter remembered the word of the Lord, how he had said unto him, **Before the cock crow, thou shalt deny me thrice.**

62 And Peter went out, and wept bitterly.

63 And the men that held Jesus mocked him, and smote *him*.

64 And when they had blindfolded him, they struck him on the face, and asked him, saying, Prophecy, who is it that smote thee?

65 And many other things blasphemously spake they against him.

66 And as soon as it was day, the elders of the people and the chief priests and the scribes came together, and led him into their council, saying,

67 Art thou the Christ? tell us. And he said unto them, **If I tell you, ye will not believe:**

68 **And if I also ask you, ye will not answer me, nor let me go.**

69 **Hereafter shall the Son of man sit on the right hand of the power of God.**

67 Ag rádh, An tusa Críod? innis dúinne. Agus a dubhairt seision ríu, **Má innisim dháobh, ní chreidfidhe mé:**

68 Agus fós ma fhiafruighim ní dhíbh, ní thiothartháoi freagra oram, agus ní léighfi uáibh mé.

69 San aimsir aig teachd biáidh Mac an duine na shuighe ar deis chumhachd Dé.

70 Agus a dubhradar uile ris, mar sin an túsa Mac Dé? Agus a dubhairt seision ríu, **A deirthisi gur ab mé.**

71 Achd a dubhradarsan, Créd é an riachdanus fiadhnuisi atá oruinn feasda? óir do chúalamar féin as a bhéul féin é.

Caibidil 23

Criosd, 11 ar na thaircaisniughadh re Iorúaidh, 24 agus ar na chéasadh lé Píolait, 34 do ghuidh sé arson maitheamhnas dá naimhdíbh.

1 Agus ar néirghe dá ccoimhthional uile, rugadar chum Píoláid é.

2 Agus do thionnsgadar cúis do chuir air, ag radh, Fúaramar an *fearsa* ag iompódh ar gcinidh, agus ag toirmeasg cíosa do thabhairt do Shéasar, ag rádh gur ab é féin Críod an Rí.

3 Agus a dfiafruidh Píoláid dhe, ag rádh, An tusa Rí na Núdaighe? Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ris, **A deir tusa sin.**

4 Agus a dubhairt Píoláid ris na hárdsgartuibh agus ris an tslúagh, Ní fhaghaimsi cúis ar bith air a bhfearso.

5 Achd do theannadarsan orrtha, ag rádh, Buáidhridh sé an pobal, ag teagasg ar feadh tíre Iúdaighe uile, ag tosughadh ón Ghalilé go soithe so.

6 Agus mar do chúaluidh Píoláit teachd thar an Ngalilé, dfiarfruidh sé dhe nar Ghaliléeach é.

7 Agus an tan daithin sé gur ab fá chumhachduibh Iorúaidh do bhí sé, do chuir sé ar ais é chum Iorúaidh, do bhí a Níarusalém ann sna láethibh sin.

8 Agus ar bhfaicsin Iósa Díoruáidh, do ghabh lúathgháire mhór é: óir do bhí fonn air ré fada eision dfaicsin, do bhrígh go gcúaluidh sé mórán air; agus do bhí dóchas aige go bhfaicfeadh sé comtharra éigin ar na dhéanamh leis.

9 Agus dfiafruidh sé mórán do cheasdannuibh dhe; achd ní thug seision freagra ar bith air.

10 Agus do sheasadar na hárdsgairt agus na sgríobuidhe ag déanamh casáoidhe air go dithchiollach.

11 Achd tug Iorúaidh maille ré na luchd coguidh tarcuisne air, agus do rinneadar fonómhad fáoi, agus ar na éadughadh lé héadach, do chúireadar chum Píoláid a rís é.

70 Then said they all, Art thou then the Son of God? And he said unto them, **Ye say that I am.**

71 And they said, What need we any further witness? for we ourselves have heard of his own mouth.

Chapter 23

1 And the whole multitude of them arose, and led him unto Pilate.

2 And they began to accuse him, saying, We found this *fellow* perverting the nation, and forbidding to give tribute to Caesar, saying that he himself is Christ a King.

3 And Pilate asked him, saying, Art thou the King of the Jews? And he answered him and said, **Thou sayest it.**

4 Then said Pilate to the chief priests and to the people, I find no fault in this man.

5 And they were the more fierce, saying, He stirreth up the people, teaching throughout all Jewry, beginning from Galilee to this place.

6 When Pilate heard of Galilee, he asked whether the man were a Galilaean.

7 And as soon as he knew that he belonged unto Herod's jurisdiction, he sent him to Herod, who himself also was at Jerusalem at that time.

8 And when Herod saw Jesus, he was exceeding glad: for he was desirous to see him of a long *season*, because he had heard many things of him; and he hoped to have seen some miracle done by him.

9 Then he questioned with him in many words; but he answered him nothing.

10 And the chief priests and scribes stood and vehemently accused him.

11 And Herod with his men of war set him at nought, and mocked *him*, and arrayed him in a gorgeous robe, and sent him again to Pilate.

12 And the same day Pilate and Herod were made friends together: for before they were at enmity between themselves.

13 And Pilate, when he had called together the chief priests and the rulers and the people,

13 Agus ar a nimtheachd a sdeach, do chúadar súas a seomra úachdarach, mar ar fhan Peadar, agus Séumus, agus Eóin, agus Aindrias, Philip, agus Tomás, Bartoloméus, agus Matha, Séumus *mhac* Alphéi, agus Síomón Selótes, agus Iudás *dearbhrathair* Shéumuis.

14 Do chomhnuigheadar so uile lé héantoil amháin a nurnuighe, agus a nguidhe, maille ris na mnáibh, agus lé Muire mathair Iósa, agus lé na bhráithreachuibh.

15 Agus ann sna láethibhsin ar neirghe do Pheadar a lár na ndeisciobal, a dubhairt sé, (agus do bhí a núimhir anmann do bhí ar an látháirsin a dtimcheall chéud agus fithche,)

16 A dháoine agus a bhráithreacha, dob éigin an sgrioptúrso a choimhliónadh, noch do réamhrádh an Spíorad Náomh tré bhéul Dhaibhi a dtimcheall Iúdais, noch do bhí na éoluighe ag an muinntir do ghabh Iósa.

17 Oir do bhí sé ar na chomháireamh ar measgne, agus fúair sé cuid don mhíniosdralachdso.

18 Uime sin do sholáthair an fearso fearann ré lúach éagcora; agus ar dtuitim dhó a ndiáigh a chinn, do bhris sé ann a lár, agus do sginneadar a inne uile amach.

19 Agus fúaradar aitreabhúigh Ierusalém uile a fhois so; a gruth go ngoirthear don fhearannsin an a dteanguidhsion, Aceldáma, eadhon, Fearan na fola.

20 Oir atá sgríobhtha a leabhar na Salm, Go raibh a áit chomhnuidhe na fhasach, agus ná háitreabhadh duine ar bith innte. Agus glacadh neach eile a easbogoidheachd.

21 Ar a nadhbharsin is éigin áon don mhuintirsi do bhí má ráon rinne ar feadh na haimsire uile ann a ndeachaidh an Tighearna Iósa a sdeach agus amach eadruinn,

22 (Ag tosughadh ó bhaisdeadh Eóin, go soithe an lá ann a rugadh súas uáinn é,) go mbíadh sé ar bhfochairne na fhíadhnuisi ar eiséirghesean.

23 Agus dórduigheadar diás, Ióseph dá ngoirthi Barsabas, dar comhainm Iustus, agus Matthías.

24 Agus ag déanamh urnuighe dhóibh, a dubhradar, As tusa, a Thighearna, aithnidheas croidhthe na nuile dháoine, foillsigh cíá don díasa do thogh tú.

25 Do ghlacadh ionuid na miniosdrálachda so agus na habsdaltachda, ó a ndeachuidh Iudás

Jesus, which is taken up from you into heaven, shall so come in like manner as ye have seen him go into heaven.

12 Then returned they unto Jerusalem from the mount called Olivet, which is from Jerusalem a sabbath day's journey.

13 And when they were come in, they went up into an upper room, where abode both Peter, and James, and John, and Andrew, Philip, and Thomas, Bartholomew, and Matthew, James *the son of Alphaeus*, and Simon Zelotes, and Judas *the brother of James*.

14 These all continued with one accord in prayer and supplication, with the women, and Mary the mother of Jesus, and with his brethren.

15 And in those days Peter stood up in the midst of the disciples, and said, (the number of names together were about an hundred and twenty,)

16 Men *and* brethren, this scripture must needs have been fulfilled, which the Holy Ghost by the mouth of David spake before concerning Judas, which was guide to them that took Jesus.

17 For he was numbered with us, and had obtained part of this ministry.

18 Now this man purchased a field with the reward of iniquity; and falling headlong, he burst asunder in the midst, and all his bowels gushed out.

19 And it was known unto all the dwellers at Jerusalem; insomuch as that field is called in their proper tongue, Aceldama, that is to say, The field of blood.

20 For it is written in the book of Psalms, Let his habitation be desolate, and let no man dwell therein: and his bishoprick let another take.

21 Wherefore of these men which have companied with us all the time that the Lord Jesus went in and out among us,

22 Beginning from the baptism of John, unto that same day that he was taken up from us, must one be ordained to be a witness with us of his resurrection.

23 And they appointed two, Joseph called Barsabas, who was surnamed Justus, and Matthias.

24 And they prayed, and said, Thou, Lord, which knowest the hearts of all *men*, shew whether of these two thou hast chosen,

25 That he may take part of this ministry and apostleship, from which Judas by

ar seachrán, ionnus go rachadh sé dhá ionad féin.

26 Ann sin do theilgeadar a ccrannchar; agus do thuit an crannchar ar Mhatthías, agus do toghadh é go háontadhach a bhfochair a néineasbal dég.

Caibidil 2

A nam na cingcise, tainic an Spiorad Naomh a riocht teangtha sgoiltighe, ar na heasbalaibh.

1 Agus an tan tháinig lá na Cingcise go hiomlan, do bhádar uile dáontoil ar áonbhall.

2 Agus tháinig torann ó neamh go hobann mar do thiocfadh séideadh gháioithe ro aintréun, agus do líon sé an tigh uile mar a rabhadarsan na suidhe.

3 Agus do taisbéanadh dhóibh teangtha sgoiltighe mar theine, noch do shuidh air gach áon díobh.

4 Agus do bhádar uile ar na líonadh don Spiorad Náomh, agus do thosuigheadar labhairt lé teangthuibh eile, do réir mar thug an Spiorad labhairt dhóibh.

5 Agus do bhádar na gcomhnuidh a Niarusalém Iúduidhe, dáoine díadha, do gach uile cheinéul dá bhfuil fáoi neamh.

6 Agus a ndul don tásgso amach, do chruinnigh an coimhthionól, agus do bhádar buáidheartha, do bhrígh go gcúaluidh gach áon aca iádsan ag labhairt ann a dteanguidh féin.

7 Agus do ghábh úathbhás, agus iongantas iád uile, ag rádh ré chéile, Féuch, a né nach Gaililéeanuigh iádso uile labhras?

8 Agus cionnas do chluinn sinne gach áon aguinn a theanguidh féin an a rugadh sinn?

9 Parti, agus Médi, agus Elamíti, agus na dáoine áitigheas a Mesopotámia, agus a Níudéa, agus a Gcappadócia, a Bpontus, agus ann sa Násia,

10 A Bhphrígia, agus a Bpamphília, ann sa Négipt, agus a ranntuibh Libia timcheall Chiréne, agus coigcrióchtha na Rómha, agus Iúduidhe agus Proseliti.

11 Luchd Chréta agus Arábia, do chluinmíd iád ag labhairt ann ar dteangthuibh féin oibreacha mórdhálacha De.

12 Agus do ghabh úathbhás, agus amharas iád úile, ag rádh gach fear ré a chéile, Créd is ciáll dó so?

13 Agus a dubhradar dáoine eile ag fonomhad, Is lán dfion mhilis atáid síad so.

14 Achd ar seasamh do Pheadar a bhfochair a naóin easbuil dég, dárdaigh sé a ghúth, agus do labhair sé ríu, A phobail Iúdaidhe, agus a

transgression fell, that he might go to his own place.

26 And they gave forth their lots; and the lot fell upon Matthias; and he was numbered with the eleven apostles.

Chapter 2

1 And when the day of Pentecost was fully come, they were all with one accord in one place.

2 And suddenly there came a sound from heaven as of a rushing mighty wind, and it filled all the house where they were sitting.

3 And there appeared unto them cloven tongues like as of fire, and it sat upon each of them.

4 And they were all filled with the Holy Ghost, and began to speak with other tongues, as the Spirit gave them utterance.

5 And there were dwelling at Jerusalem Jews, devout men, out of every nation under heaven.

6 Now when this was noised abroad, the multitude came together, and were confounded, because that every man heard them speak in his own language.

7 And they were all amazed and marvelled, saying one to another, Behold, are not all these which speak Galilæans?

8 And how hear we every man in our own tongue, wherein we were born?

9 Parthians, and Medes, and Elamites, and the dwellers in Mesopotamia, and in Judæa, and Cappadocia, in Pontus, and Asia,

10 Phrygia, and Pamphylia, in Egypt, and in the parts of Libya about Cyrene, and strangers of Rome, Jews and proselytes,

11 Cretes and Arabians, we do hear them speak in our tongues the wonderful works of God.

12 And they were all amazed, and were in doubt, saying one to another, What meaneth this?

13 Others mocking said, These men are full of new wine.

14 But Peter, standing up with the eleven, lifted up his voice, and said unto them, Ye men

luchd áitighe Iarusalém uile, bíodh a dheimhin só agaibh, agus éisdigh rém bhriathruibh:

15 Oír ní bhfuilid siad so air misge, mar mheastaóise, an tan nach bhfuil sé achd an treas uáir don lá.

16 Achd a sé so an ní a dubhradh tré san bhfáidh Ióel,

17 Agus tíocfuigh chum críche ann sna laéthibh déigheanacha (a deir DÍA,) dóirtfidh mé dom Spiorad féin air gach uile fheoil: agus do dhéunuid bhur mic agus bhur ningheana fáidheadóireachd, agus do chífid bhur nógánaigh taisbéunta, agus bhur seandáoin aislingthe:

18 Agus fós dóirtfidh mé dom Spiorad féin ar mo shearbhfhoghantuidhibh agus air mo bhanóglachuibh ann sna laéthibhsin; agus do dheanuid faidheadóireachd:

19 Agus foillseochuidh mé iongantuis ar neamh shúas, agus comharthaidhe ar a dtalamh shíos; fuil, agus teine, agus gal deatuighe:

20 Iompóchar an ghrían a ndorchadas, agus an ghealach a bhfuil, suil thioctas an lá mór oirdheirc sin an Tighearna:

21 Agus tíocfuidh chum críche, gidh bé ghuidhfeas ainm an Tighearna sláineochthair é.

22 Eisdigh na bríathrasa, a chlann Israél; Iósa Nasarrdhá, duine dearbhta ó Dhía eadruibhsi maille lé cúmhachduibh agus lé miórbhailibh agus le comharthaidhibh; noch do rinne DÍA thrídsean eadruibhse, mar is aithne dhibh féin:

23 An fearso, ar mbeith ar na thoirbhirt tré chomhairle chinte agus tré réimhfheachuin Dé, do ghabh sibhse, agus ar na chéasadh lé lamhaibh drochdháoin do mharbhabhair é:

24 Noch do thóg DÍA súas, iar sgáoileadh dhoilghis an bháis: ar a nadhbhar nar bhéidir don bhás a chungbháil.

25 Oír a deir Dáibhi na thimcheallsan, Do chunnairc mé an Tighearna am fhíadhnuisi do ghnáth, oír atá sé ar mo láimh dheis, ionnus nach ccorróchtháoi mé:

26 Ar a shon so do bhí mo chroidhe go súbhach, agus do rinne mo theanga lúathgháire; agus na cheann sin suáimhneóchuidh mfeoil a ndóthchas:

27 Ar a nadhbhar nach bhfúigfe tú manam a nifearn, agus ní fhuileóna tú do Aón Náomhta féin truáillidheachd dfaicsin.

28 Dfoillsigh tú dhamhsa slighthe na beatha; líonfuidh tú mé do ghairdeachus léd ghnúis féin.

29 A fheara agus a bhraithreacha, is éidir leamsa labhairt go dána ribh a dtimcheall an phatriárc Daibhí, go bhfuil sé tair éis bháis

of Judæa, and all *ye* that dwell at Jerusalem, be this known unto you, and hearken to my words:

15 For these are not drunken, as ye suppose, seeing it is *but* the third hour of the day.

16 But this is that which was spoken by the prophet Joel;

17 And it shall come to pass in the last days, saith God, I will pour out of my Spirit upon all flesh: and your sons and your daughters shall prophesy, and your young men shall see visions, and your old men shall dream dreams:

18 And on my servants and on my handmaidens I will pour out in those days of my Spirit; and they shall prophesy:

19 And I will shew wonders in heaven above, and signs in the earth beneath; blood, and fire, and vapour of smoke:

20 The sun shall be turned into darkness, and the moon into blood, before that great and notable day of the Lord come:

21 And it shall come to pass, *that* whosoever shall call on the name of the Lord shall be saved.

22 Ye men of Israel, hear these words; Jesus of Nazareth, a man approved of God among you by miracles and wonders and signs, which God did by him in the midst of you, as ye yourselves also know:

23 Him, being delivered by the determinate counsel and foreknowledge of God, ye have taken, and by wicked hands have crucified and slain:

24 Whom God hath raised up, having loosed the pains of death: because it was not possible that he should be holden of it.

25 For David speaketh concerning him, I foresaw the Lord always before my face, for he is on my right hand, that I should not be moved:

26 Therefore did my heart rejoice, and my tongue was glad; moreover also my flesh shall rest in hope:

27 Because thou wilt not leave my soul in hell, neither wilt thou suffer thine Holy One to see corruption.

28 Thou hast made known to me the ways of life; thou shalt make me full of joy with thy countenance.

29 Men *and* brethren, let me freely speak unto

agus ar na adhlacadh, agus atá a thúama eadruinne gus an lá a niu.

30 Ar a nadhbharsin ar mbeith na fháidh dhó, agus a fhios aige go dtug DÍA móid dhó maille lé mionnuibh, go dtóigfeadh sé Críósd súas, do shíol a leasruighsion, do réir na féola, agus go ccuirfeadh sé na shuídhe ann a chatháoirsean é;

31 Ar na réumhfhaisín dó do labhair sé a dtimcheall eiséirghe Chríósd, nach bhfúigfithi a anam a nifearn, agus nach bhfaicfeadh a cholann trúailleadh.

32 Do thóg DÍA an Tiosaso súas, agus atámáoidne uile an bhfiadhnuisibh air.

33 Ar a nadhbharsin ar na bhreith súas lé láimh dheis Dé, agus ar bhfagháil an Spioraid Náóimh do reir gheallamhna a Nathar, do dhóirt sé amach an nísi, do chithísi a nois agus do chluintí.

34 Oír ní dheachuidh Dáibhi súas air neamh: gidheadh a deir sé, A dubhairt an Tighearna rém Thighearnasa, Suídh ar mo láimh dheis,

35 Nó go gcuire mé do námhaid na sdól fád chosuibh.

36 Uime sin bíodh a fhios go dearbhtha ag tigh Israél uile, go ndearnuidh DÍA Tighearna agus Críósd, do Niosasa do chrochabhairsi.

37 Agus ar na chloinsin so dhóibh, do goineadh ann a gcroidhe iad, agus a dubhradar ré Peadar agus ris an gcuid eile do na heasbaluibh, A fheara agus a bhráithreacha, créud do dhéanam?

38 Agus do fhreagair Peadar iad, Déanuidh aithrige, agus baisdear gach áonduine agaibh a nainm Iósa Críósd chum maitheamhnus na bpeacadh, agus géubhtháoi chugaibh tiodhlacadh a Spioruid Naoimh.

39 Oír is dáoibhsi do rinneadh an gealladh, agus dá bhar gcloinn, agus dá gach nduine a ccían, eadhon gach áon ghoirfeas ar Dtighearna DÍA.

40 Agus do ghuidh sé agus do theaguisg sé iad ré morán eile do bhríathruibh, ag rádh, Coimhéaduidh sibh féin on drochghenealachsa.

41 Ann sin na dáoine do ghabh chuca a bhríathra go toileamhail do baisdeadh iad: agus do cuireadh léo an lásin a dtimcheall thrí míle anam.

42 Agus do chomhnuidheadar go daingion a dteagasg na neasbal agus ann a ccumann a mbriseadh aráin, agus a nurnuighibh.

43 Agus do ghabh eagla gach uile anam: agus do rinneadh mórán do mhíorbhuilibh agus do chomharthuibh leis na heasbaluibh.

you of the patriarch David, that he is both dead and buried, and his sepulchre is with us unto this day.

30 Therefore being a prophet, and knowing that God had sworn with an oath to him, that of the fruit of his loins, according to the flesh, he would raise up Christ to sit on his throne;

31 He seeing this before spake of the resurrection of Christ, that his soul was not left in hell, neither his flesh did see corruption.

32 This Jesus hath God raised up, whereof we all are witnesses.

33 Therefore being by the right hand of God exalted, and having received of the Father the promise of the Holy Ghost, he hath shed forth this, which ye now see and hear.

34 For David is not ascended into the heavens: but he saith himself, The LORD said unto my Lord, Sit thou on my right hand,

35 Until I make thy foes thy footstool.

36 Therefore let all the house of Israel know assuredly, that God hath made that same Jesus, whom ye have crucified, both Lord and Christ.

37 Now when they heard *this*, they were pricked in their heart, and said unto Peter and to the rest of the apostles, Men *and* brethren, what shall we do?

38 Then Peter said unto them, Repent, and be baptized every one of you in the name of Jesus Christ for the remission of sins, and ye shall receive the gift of the Holy Ghost.

39 For the promise is unto you, and to your children, and to all that are afar off, *even* as many as the Lord our God shall call.

40 And with many other words did he testify and exhort, saying, Save yourselves from this untoward generation.

41 Then they that gladly received his word were baptized: and the same day there were added *unto them* about three thousand souls.

42 And they continued stedfastly in the apostles' doctrine and fellowship, and in breaking of bread, and in prayers.

43 And fear came upon every soul: and many

44 Agus na huile dháoine do chreid do bhádar a bhfochair a chéile, agus do bhádar na huile neithe coitcheann aca;

45 Agus do reacadar a bhfineachas agus a máoin, agus do roinneadar iad ar gach áon, fá leith do réir a ríachdanuis.

46 Agus ag fanmhuin, gach láoi déantoil ann sa teampoll, agus ag briseadh aráin ó thigh go tigh, do chaithdís bíadh maille lé gáirdeachas agus lé simplidheachd chroidhe,

47 Ag moladh Dé, agus ag fagháil ceana ón phobal uile. Agus do chuir an Tighearna leis a neagluis gach láoi, an dream do sláinéochtháoi.

Caibidil 3

Do leighis Peadar an bacach, 19 agus brosdúigh sé filleadh on olc go creidimh Chríod an Tslanaigheoir.

1 Agus do chúaidh Peadar agus Eóin a néaineachd súas don teampoll a nam urruighe, a dtimcheall a náoimhadh *huáir*.

2 Agus do hiomchradh duine áirighe do bhí na mhairtíneach ó bhruinn a mhathar, noch do chuidís gach láoi ag dorus an teampuill ré a ráitear Breagha, díarruidh déirce ar a ndrúing do théigheadh a sdeach don teampoll;

3 An tan do chunnairc an *fearso* Peadar agus Eóin ar tí dul a steach don teampoll díarr sé déirc.

4 Agus ar bhféuchain go géur do Pheadar air, maille lé Heóin, a dubhairt sé, Féuch oruinne.

5 Agus tug seision aire dhóibh, a ndothchus neithe éigin dfághail úatha.

6 Achd a dubhairt Peadar, Ní bhfuil airgead na ór agamsa; achd an ní atá agam do bheirim dhuitse é: A nainm Iósa Críod Nasárrdha éirigh agus siubhail.

7 Agus ar mbreith air a láimh dheis dó, do thóg sé súas é: Agus ar an mball do neartuigheadh mugharnaigh agus bonnaidhe a chos.

8 Agus do léim sé súas do sheas, agus do shiubhail sé, agus do chuáidh sé ríu a steach don teampoll, ag siubhal, agus ag léimnidh agus ag moladh Dé:

9 Agus do chunnairc an pobal uile é ag siubhal agus ag moladh Dé:

10 Agus daithneadar é gur ab é do bhíodh ag íarruidh déirce na shuidhe ag geata Bréagh an teampuill: agus do lionadh iad diongantas agus dúathbhás fá a ní sin thárla dhó.

11 Agus ag cungmháil Pheadair agus Eóin don mhairtíneach úd do slánughadh, do rioth an pobal uile chuca ag iongantus, don phoirse da ngoirthear *póirse* Sholaimh.

12 Agus ar na fhaicsin *sin* do Pheadar, do fhreagair sé don phobal; A fheara Israél, créd fá bhfuil iongnadh aguibh ann so? nó créd fá

wonders and signs were done by the apostles.

44 And all that believed were together, and had all things common;

45 And sold their possessions and goods, and parted them to all *men*, as every man had need.

46 And they, continuing daily with one accord in the temple, and breaking bread from house to house, did eat their meat with gladness and singleness of heart,

47 Praising God, and having favour with all the people. And the Lord added to the church daily such as should be saved.

Chapter 3

1 Now Peter and John went up together into the temple at the hour of prayer, *being* the ninth *hour*.

2 And a certain man lame from his mother's womb was carried, whom they laid daily at the gate of the temple which is called Beautiful, to ask alms of them that entered into the temple;

3 Who seeing Peter and John about to go into the temple asked an alms.

4 And Peter, fastening his eyes upon him with John, said, Look on us.

5 And he gave heed unto them, expecting to receive something of them.

6 Then Peter said, Silver and gold have I none; but such as I have give I thee: In the name of Jesus Christ of Nazareth rise up and walk.

7 And he took him by the right hand, and lifted *him* up: and immediately his feet and ancle bones received strength.

8 And he leaping up stood, and walked, and entered with them into the temple, walking, and leaping, and praising God.

9 And all the people saw him walking and praising God:

10 And they knew that it was he which sat for alms at the Beautiful gate of the temple: and they were filled with wonder and amazement at that which had happened unto him.

11 And as the lame man which was healed held Peter and John, all the people ran together unto them in the porch that is called Solomon's, greatly wondering.

bhfuilte ag sírfhéachuín oruine, amhuil as gur tré ar gcúmhadhaibh féin nó tré ar náomhthachd do thugamar air an bhfearso siúbhal?

13 Día Abrahám, agus Isáac, agus Iácob, Día ar naithreachne, do ghlóruighe sé a Mhac féin Iósa; noch do bhraitheabhairse, agus do shéunabhair a bhfiadhnuisi Phíolaid, an tan rug sé do bhreith a sgáoileadh.

14 Achd do shéunabhairse an Neach Náomhtha Fíréanta, agus díarrabhair fear dúnmharbhtha do thiodhlacadh dhíbh;

15 Achd do mharbhabhair Ughdar na beatha, noch do dhúisigh Día ó mharbhaibh; agá bhfuilmídne ar bhfiadhnuisibh.

16 Agus tré chreideamh anmasán, do neartaídh a ainm an fearso, do chíthí agus áitheantáoi: agus, an creidheamh atá dhá tháobhsan, tug sé dhó so an tsláinte iomláno ann bhur lathairse uile.

17 Agus a nois, a dhearbhairse, atá a fhios agam gur tré ainbhíos do rinneabhair *na neithe so*, agus bhur núachdaráin mar an gcéadna.

18 Achd is mar so do chomhlíon Día, na neithe do réumhfoillsigh sé tré bhéul a fhaigheadh uile, go bhfuileóngadh Críosa.

19 Ar a nadhbharsin déunaidh aithrige, agus fillidh, ionnus go sgriosfuidhe bhur bpeacaidh, a núair thiocfus aimsir a nfúaraidh ó fhíadnuise an Tighearna;

20 Agus chuirfeas sé úadh Iósa Críosa, noch do seanmórughadh dhíbh roimhe:

21 Dár ab éigin do neamh a ghabháil go teachd daimsearachaibh aiseagtha na nuile neitheann, noch do labhair Día tré bhéul a uile fháigheadh náomhtha ó thús an domhain.

22 Oír a dubhairt Máoise ris na haithreachuibh, Toigéubhaidh bhur Dtighearna Día fáidh súas díbh dá bhur ndearbhraitheachaibh féin, mar misi; éisdfidh sibh ris sna huile neithíbh laibheórus sé ribh.

23 Agus tiocfuidh chum críche, gidh bé anam, nách éisdfidh ris an bhfáidhsin, go sgriosfuightheas é as an bpóbal.

24 Agus, dfoillsigheadar na huile fháidhe mar an gcéadna ó Shámuél agus ón druing do lean é ó shoin, an mhéid do labhair dhíobh, na laéthe so.

25 As sibhsi clann na bhfáigheadh, agus na tiomna do rinne Día ré ar naithreachaibh, ag rádh ré Hábraham, Agus ann do shíolsa bheannóchthar cineadhacha na talmhan uile.

26 As chuguibhse ar tús, do chuir Día a Mhac féin Iósa, ar na dhúsachd ó mharbhuaibh, dá

12 And when Peter saw *it*, he answered unto the people, Ye men of Israel, why marvel ye at this? or why look ye so earnestly on us, as though by our own power or holiness we had made this man to walk?

13 The God of Abraham, and of Isaac, and of Jacob, the God of our fathers, hath glorified his Son Jesus; whom ye delivered up, and denied him in the presence of Pilate, when he was determined to let *him* go.

14 But ye denied the Holy One and the Just, and desired a murderer to be granted unto you;

15 And killed the Prince of life, whom God hath raised from the dead; whereof we are witnesses.

16 And his name through faith in his name hath made this man strong, whom ye see and know: yea, the faith which is by him hath given him this perfect soundness in the presence of you all.

17 And now, brethren, I wot that through ignorance ye did *it*, as *did* also your rulers.

18 But those things, which God before had shewed by the mouth of all his prophets, that Christ should suffer, he hath so fulfilled.

19 Repent ye therefore, and be converted, that your sins may be blotted out, when the times of refreshing shall come from the presence of the Lord;

20 And he shall send Jesus Christ, which before was preached unto you:

21 Whom the heaven must receive until the times of restitution of all things, which God hath spoken by the mouth of all his holy prophets since the world began.

22 For Moses truly said unto the fathers, A prophet shall the Lord your God raise up unto you of your brethren, like unto me; him shall ye hear in all things whatsoever he shall say unto you.

23 And it shall come to pass, *that* every soul, which will not hear that prophet, shall be destroyed from among the people.

24 Yea, and all the prophets from Samuel and those that follow after, as many as have spoken, have likewise foretold of these days.

25 Ye are the children of the prophets, and of the covenant which God made with our fathers, saying unto Abraham, And in thy seed shall all the kindreds of the earth be blessed.

bhur mbeannughadh, ionnus go bhfilleadh gach áon aguibh ó bhur nolcaibh.

Caibidil 4

Admhail dhán Pheadair, 23 urnuighe, 32 agus ionnanus na gcreidmheach.

1 Agus an feadh do bhádar ag labhairt ris an bpobal, tangadar na sagairt, agus úachdarán an teampoill, agus na Saducíni ortha,

2 Ag doilgheas go rabhadarsan ag teagasg an phobail, agus ag seanmórughadh a Níosa eiséirghe ó mharbhuihbh.

3 Agus do chuireadar lámha ionnta, agus do chuireadar a bpríosún *íad go dtáinic* ar na mhárach: oír do bhí sé fá a namsin déigheanach.

4 Gidheadh mórán da ccúaluidh an bhríathar do chreideadar; agus do bhí úibhir na ndáoinne a dtimcheall chúig míle.

5 Agus tárla ar na mhárach, gur chruinnidheadar a núachdaráin, agus a sinnsir, agus a sgríobuidhe,

6 Agus Annas an tárdsagurt, agus Cáiapas, agus Eóin, agus Ailecsandar, agus gach a raibh do chineul na nárdasagart, a bhfochair a chéile a Níarusalém.

7 Agus an tan do chuireadar a lár *íad*, dfafruigheadar, Créud é an tughdarrás, nó an tainm, as a ndearna sibhse a ní so?

8 Ann sin ar mbeith do Pheadair, ar na líonadh don Spiorad Náomh, a dubhairt sé ríu, A úachdaráin an phobuil, agus a shinnseara Israél,

9 O atámáoidne a niugh air ar dtabhairt chum ceasda a dtimcheall na máitheasa do rinneadh don duine éagcrúaidh, cionnus do slánuigheadh é;

10 Bíodh a fhios aguibhse uile, agus ag pobal Israél uile, gur tré ainm Iósa Críosa Nasárrdha, noch do chrochabhairse, noch do dhúisigh Día ó mharbhuihbh, as trídsean sheasus an fearso slán an bhur bhfiadhnuisei.

11 A sí so an chloch úd do bhí fá neimhchion aguibhse a sháora, dá ndearnadh ceann an chuáinne.

12 Agus ní bhfuil slánughadh a neach air bith eile: oír ní bhfuil ainm ar bith eile fáoi neamh ar na thabhairt do dháoinibh, lér ab éidir sinne shlánughadh.

13 Agus an tan thugadar dhá naire dánachd Pheadair, agus Eóin, agus gur thuigeadar a mbeith na ndáoinibh gan fhoghlaim gan éolus, do ghabh iongantus *íad*; agus daithneadar, go rabhadar a bhfochair Iósa.

14 Agus ar bhfaicsin a nfir do bhí ar na shlánughadh na sheasamh na bhfochair, ní raibh éainní aca ré rádh na uaghuidh.

26 Unto you first God, having raised up his Son Jesus, sent him to bless you, in turning away every one of you from his iniquities.

Chapter 4

1 And as they spake unto the people, the priests, and the captain of the temple, and the Sadducees, came upon them,

2 Being grieved that they taught the people, and preached through Jesus the resurrection from the dead.

3 And they laid hands on them, and put *them* in hold unto the next day: for it was now eventide.

4 Howbeit many of them which heard the word believed; and the number of the men was about five thousand.

5 And it came to pass on the morrow, that their rulers, and elders, and scribes,

6 And Annas the high priest, and Caiaphas, and John, and Alexander, and as many as were of the kindred of the high priest, were gathered together at Jerusalem.

7 And when they had set them in the midst, they asked, By what power, or by what name, have ye done this?

8 Then Peter, filled with the Holy Ghost, said unto them, Ye rulers of the people, and elders of Israel,

9 If we this day be examined of the good deed done to the impotent man, by what means he is made whole;

10 Be it known unto you all, and to all the people of Israel, that by the name of Jesus Christ of Nazareth, whom ye crucified, whom God raised from the dead, *even* by him doth this man stand here before you whole.

11 This is the stone which was set at nought of you builders, which is become the head of the corner.

12 Neither is there salvation in any other: for there is none other name under heaven given among men, whereby we must be saved.

13 Now when they saw the boldness of Peter and John, and perceived that they were unlearned and ignorant men, they marvelled; and they took knowledge of them, that they had been with Jesus.

14 And beholding the man which was healed

15 Achd ar na fhógra dhóibh dul amach as an gcomhairle, diomraidheadar eatorra féin,

16 Ag rádh, Créud do dhéanam ris an muinntirse? óir go deimhin atá comhartha foillsightheach aca ar na dheanamh agus is follus do gach áon áitigheas á Niárusalem é; agus ní féidir linne a shénna.

17 Achd deagla leathnuighthe dhó ní as faide a measg an phóbail, toirmisgeam íad go bagrach, fá labhairt feasda sa nainmse ré duine ar bith.

18 Agus ar na ngairm dhóibh, dáithneadar dhóibh gan labhairt air éanchor agus gan teagusg do dhéanamh a nainm Iósa.

19 Achd ar bhfreagra do Pheadar agus Deóin, a dubhradar ríu, Measuigh féin an córa a bhfiadhnuise Dé, sibhsi deisdeachd ná Día.

20 Oír ní héidir linne gan na neithe do chúalamar agus do chunncamar do labhairt.

21 Agus ar ndéanamh bagair dhoibhsean, do léigeadar úatha íad, mar nach bhfúaradar slighe ar bith chum pionúis do thabhairt dóibh, ar son an phobail: oír tugadar uile glóir do Dhía ar son a neithe do rinneadh ann.

22 Oír do bhí an té air a ndearnadh an comhartha slainte úd, ós cionn dá fhichead bhliadhan dáois.

23 Agus ar na léigean amach, tangadar chum a gcompánach, agus dfoillsigheádar gach a ndubhradar na hárdsgairt agus ná sinnsir ríu.

24 Agus ar na chlós so dhóibhsean, do thógbhadar súas a ngúth déantoil chum Dé, agus a dubhradar, a Tighearna, is tusa an Día do rinne neamh, agus talamh, agus an fháirge, agus gach a bhfuil ionnta:

25 Noch a dubhairt tré béul Dáibhi do shearbhfhoghantuíge féin, Créud fár líonadar na cineadhacha dfeirg, agus fár smuáineadar na puibleacha neithe díomháoineacha?

26 Do sheasadar ríghthe na talmhan, agus do chruinnigheadar na húachdaráin a bhfochair a chéile, a naghaidh an Tighearna, agus a naghaidh a Chríosa.

27 Oír do chruinnigheadar gan chonntabhairt a bhfochair a chéile, sa chathraighse, Ioruaidh, agus Poinnsius Píoláid, maille ris na Cineadhachuibh, agus ré puibleachaibh Israél, a naghaidh do Mhic náomtha Iósa, noch do óng tú,

28 Do dhéanamh gach neithe dár réumhórdaigh do lámhsa agus do chomhairle a dhéanamh.

29 Agus a nois, a Thighearna, tabhair aire dá mbagur: agus tabhair dod

standing with them, they could say nothing against it.

15 But when they had commanded them to go aside out of the council, they conferred among themselves,

16 Saying, What shall we do to these men? for that indeed a notable miracle hath been done by them is manifest to all them that dwell in Jerusalem; and we cannot deny it.

17 But that it spread no further among the people, let us straitly threaten them, that they speak henceforth to no man in this name.

18 And they called them, and commanded them not to speak at all nor teach in the name of Jesus.

19 But Peter and John answered and said unto them, Whether it be right in the sight of God to hearken unto you more than unto God, judge ye.

20 For we cannot but speak the things which we have seen and heard.

21 So when they had further threatened them, they let them go, finding nothing how they might punish them, because of the people: for all men glorified God for that which was done.

22 For the man was above forty years old, on whom this miracle of healing was shewed.

23 And being let go, they went to their own company, and reported all that the chief priests and elders had said unto them.

24 And when they heard that, they lifted up their voice to God with one accord, and said, Lord, thou art God, which hast made heaven, and earth, and the sea, and all that in them is:

25 Who by the mouth of thy servant David hast said, Why did the heathen rage, and the people imagine vain things?

26 The kings of the earth stood up, and the rulers were gathered together against the Lord, and against his Christ.

27 For of a truth against thy holy child Jesus, whom thou hast anointed, both Herod, and Pontius Pilate, with the Gentiles, and the people of Israel, were gathered together,

28 For to do whatsoever thy hand and thy counsel determined before to be done.

shearbhfhoghantuidhibh féin, do bhriathar a lábhairt maille ré gach uile dhánachd,

30 Ag sineadh do lámhe amach chum leighis; agus comharthadh agus miorbhuileadh do dhéanamh tré ainm do mhic náomtha féin Iósa.

31 Agus ar ndéunamh úrnuighe dhóibh, do chríohtnuighe a náit a rabhadar a bhfochair a chéile; agus do líonadh iad uile don Spiorad Náomh, agus do lábhradar bríathar Dé maille ré dánachd.

32 Agus do bhí áon chróidhe agus áon anam amháin ag an druing do chreid: agus ní dúbhairt éainneach *aca* go madh leis féin áon ní dhá raibh na sheilbh; achd do bhádar na huile neithe comhchoitcheann *aca*.

33 Agus tugadar na habsduil maille ré cúmhachdaibh móra fíadhuise eiséirghe an Tighearna Iósa úatha: agus do bhádar grásá móra orrtha uile.

34 Oír ní raibh éainneach eatorra ar a raibh riachdanus: oír an mhéid do bhí na sealbhaigheoiribh fearuinn nó tighthe, ar na réic, do bheirdís lúach na neithe do bhí ar na reac leó,

35 Agus do chuidís ag cósaibh na nabsdal é: agus do roinntí é ar gach áon do réir a riachdanuis.

36 Agus Ióses, dar ghoireadar na habsdail Barnabas, (sé sin, ar na eidirmhíniughadh, Mac na comhfhurthachda,) ar mbeith dhó na Lebhíte, agus do fhreimh na Sioprus,

37 Ar mbeith go raibh fearann aige, do reac sé é, agus tug sé ris an tairgead, agus do chuir sé ag cosaibh na nabsdal é.

Caibidil 5

Bás úathbhasach Ananías agus Shaphírah arson chealgoireacht, 33 agus na heasbuil, a mbaóghal báis ar son na firinne, do sháoradh iad tre chomhairle Ghamaliel.

1 Agus do reac fear áirighe dar bhainm Ananías, maille ré na mhnáoi Saphira, fearann do bhí ann a sheilbh,

2 Agus do chonnaimh aige go folaightheach *cuid* dá lúach, go bhfios da mhnáoi, agus ar dtabhairt choda éigin ris, do chuir sé ag cosaibh na nabsdal é.

3 Ann sin a dubhairt Peadar, A Ananías, créd fár líon Sátan do chróidhe do dhéunamh bréige leis an Spiorad Náomh, agus do chungbháil *coda* éigin do lúach an fhearainn go foluidhtheach?

4 A né nár leachd féin é dá gcongabhtha é, agus an é nach raibh sé ad chúmhachdaibh féin, iar na reic? créd far smúain tú a ní so ad chróidhe? ní lé dáoinibh do rinne tú brég, achd ré Día.

29 And now, Lord, behold their threatenings: and grant unto thy servants, that with all boldness they may speak thy word,

30 By stretching forth thine hand to heal; and that signs and wonders may be done by the name of thy holy child Jesus.

31 And when they had prayed, the place was shaken where they were assembled together; and they were all filled with the Holy Ghost, and they spake the word of God with boldness.

32 And the multitude of them that believed were of one heart and of one soul: neither said any *of them* that ought of the things which he possessed was his own; but they had all things common.

33 And with great power gave the apostles witness of the resurrection of the Lord Jesus: and great grace was upon them all.

34 Neither was there any among them that lacked: for as many as were possessors of lands or houses sold them, and brought the prices of the things that were sold,

35 And laid *them* down at the apostles' feet: and distribution was made unto every man according as he had need.

36 And Joses, who by the apostles was surnamed Barnabas, (which is, being interpreted, The son of consolation,) a Levite, *and* of the country of Cyprus,

37 Having land, sold *it*, and brought the money, and laid *it* at the apostles' feet.

Chapter 5

1 But a certain man named Ananias, with Sapphira his wife, sold a possession,

2 And kept back *part* of the price, his wife also being privy *to it*, and brought a certain part, and laid *it* at the apostles' feet.

3 But Peter said, Ananias, why hath Satan filled thine heart to lie to the Holy Ghost, and to keep back *part* of the price of the land?

4 Whiles it remained, was it not thine own?

5 Agus ar gcloinsin na mbríatharsa Dananías, do thuit sé síos, agus do chúaidh a anam as: agus do bhí eagla mhór ar gach duine dhá ccúaluidh na neithe so.

6 Agus ar éirghe do na hóganaibh, rugadar air, agus ar ná iomchor dhóibh dadhlacadar é.

7 Agus tárla a dtimcheall thrí núair na dhiáigh sin, go dtáinig a bhean a steach, gan fios an neithe do rinneadh aice.

8 Agus a dubhairt Peadar ría, Innis damh an ar a noiread so do reacabhair an fearán? agus a dubhairt sise, Seadh, air a noiread sin.

9 Ann sin a dubhairt Peadar ría, Créud fár chomháontuigh sibh cathughadh do chur ar Spioruid an Tighearna? féuch, atáid cosa na muinntire dadhluic thfear ag an dorus, agus béuruid síad thúsa ríu.

10 Agus ar a núairsin féin do thuit sise agá chosaibh, agus do chúaigh a spiorad aisde: agus ar dteachd a steach do na hogánuibh, fúaradar marbh í, agus ar na breith leó, dadhluiceadar í a naice a fir.

11 Agus do bhí eagla mhór air a neagluis uile, agus ar na huile dháoinibh do chúaladh na neithe so.

12 Agus do nithí mórán do chomharthadhaibh agus do mhíorbhailibh, tré lámhuibh na nabsdal a measg an phobail; agus do bhídis uile déantoil a bpóirse Sholaimh.

13 Achd don druing eile níor lamh éainneach aca greamughadh léo: gidheadh do bhí meas mór ag an phobal orrtha.

14 Achd is móide do mhéudaigh an úimhir fhear agus bhan, do chreid don Tighearna.

15 Ionnis go niomchraidís amach fá na sráidibh na daoine éugcruáidhe, agus go gcuirdís ar leapachuibh *íad*, ionnis ag teachd do Pheadar go gcuirfeadh a sgáile amháin sgáile ar neach éigin díobh.

16 Agus do thígíds morán a gceann a chéile as na caithreachaibh timcheall go Hiárusalem, ag tabhairt dháoine éagcrúaidhe, agus búaidheartha ó spioradaibh neamhghlana ríu; noch do slánuighthi uile.

17 Achd ar néirghe súas don nárdshagart, agus gach a raibh na fhochair, (mar atá airiceachd na Saducíneach,) do líonadh do thnúdh *íad*.

18 Agus do chúireadar a lámha sna habsdalaibh, agus do chuireadar sa bpríosún choitcheann *íad*.

19 Achd dfosgail aingeal an Tighearna sa nóidhche dóirse an phríosúin, agus ar na dtreórughadh amach, a dubhairt sé,

20 Imthighidh rómhaibh, agus ar seasamh sa teampall dáoibh labhruidh ris an bpobal na huile bhríathra na beathasa.

and after it was sold, was it not in thine own power? why hast thou conceived this thing in thine heart? thou hast not lied unto men, but unto God.

5 And Ananias hearing these words fell down, and gave up the ghost: and great fear came on all them that heard these things.

6 And the young men arose, wound him up, and carried *him* out, and buried *him*.

7 And it was about the space of three hours after, when his wife, not knowing what was done, came in.

8 And Peter answered unto her, Tell me whether ye sold the land for so much? And she said, Yea, for so much.

9 Then Peter said unto her, How is it that ye have agreed together to tempt the Spirit of the Lord? behold, the feet of them which have buried thy husband *are* at the door, and shall carry thee out.

10 Then fell she down straightway at his feet, and yielded up the ghost: and the young men came in, and found her dead, and, carrying *her* forth, buried *her* by her husband.

11 And great fear came upon all the church, and upon as many as heard these things.

12 And by the hands of the apostles were many signs and wonders wrought among the people; (and they were all with one accord in Solomon's porch.

13 And of the rest durst no man join himself to them: but the people magnified them.

14 And believers were the more added to the Lord, multitudes both of men and women.)

15 Insomuch that they brought forth the sick into the streets, and laid *them* on beds and couches, that at the least the shadow of Peter passing by might overshadow some of them.

16 There came also a multitude *out* of the cities round about unto Jerusalem, bringing sick folks, and them which were vexed with unclean spirits: and they were healed every one.

17 Then the high priest rose up, and all they that were with him, (which is the sect of the Sadducees,) and were filled with indignation,

18 And laid their hands on the apostles, and put them in the common prison.

19 But the angel of the Lord by night opened the prison doors, and brought them forth, and

21 Agus ar na chloinsin só dhóibhsean, do chúadar a steach don teampall go móch ar maidin, agus do theaguisgeadar. Achd ar dteachd don árdshagart, agus don druing do bhí na fhochair, do ghoireadar cómhairle, agus sinnsir chloinne Israél uile a gceann a chéile, agus do chuíreadar teachda ar a gceannsan chum an phríosúin.

22 Agus ar dteachd do na máoruibh, ní fhúaradar iadsan sa bpríosún, agus ar bhfillleadh dhóibh, dinniseadar *sin*,

23 Ag radh, Fúaramar go deimhin an príosún dúnta go dúthrachdach, agus an luchd coimhéuda na seasamh a muigh as comhair na ndóirreadh: achd ar nosgladh dhúinn, ní fhúaramar áonduine a stigh.

24 Agus ar gclós na mbríatharsa do nárdshagart agus dúachdarán an teampuill agus dúachdaránaibh na sagart, do bhí conntabhairt aca na dtimcheallsan créud do thiocfadh as so.

25 Achd ar dteachd do neach áirighe dinnis sé dhóibh, ag rádh, Féuch, na fir do chuireabhair a bpríosún atáid síad na seasamh sa teampall, agus ag teagusg an phobail.

26 Ann *sin* ar nimtheachd don chauptín maille ris na máoruibh, tug sé leis iad gan choimhéigneadh: oír do bhí eagla an phobail ortha, go ngéubhaidís do chlochaibh orrtha.

27 Ar a nadhbharsin tar éis iad dhá dtabhairt leó, do chuireadar a bhfiadhnuise na cómhairle *iad*, agus dfiafruigh an tárdsagart díobh,

28 Ag rádh, A né nar áithneamairne go ródhithcheallach dhíbh gan teagusg do dhéunamh sa nainmse? agus, féuch, do líonabhair Ierusalem le bhur dteagusg, agus as mían libh fuil an duinese do thairruing oruinne.

29 Agus ar bhfreagra do Pheadar agus do na habsdaluibh a dubhradar, Is mó is éigin úmhlughadh do Dhía, ná do dháoinibh.

30 Do thóg Día ar naithreachne Iósa súas, noch do mharbhabhairse ar na chrochadh a gerann.

31 Do thóg Día re na láimh dheis féin é só súas na Phríonnsa agus na Shlánaightheóir, do thabhairt aithrighe, agus maithmheachais na bpeacadh Disraél.

32 Agus atámáoidne ar bhfiadhnuisibh dhó ar na neithibhse *a deirmíd*; agus mar an gcéudna an Spiorad Náomh, nóch thug Día dón druing úmhlaiheas dó.

33 Agus ar gclós na *neitheadhsa* dhóibhsean, do bhádar air a ngearradh, agus do rinneadar cómhairle iadsan do mharbhadh.

34 Achd ar néirghe súas Dfairisíneach áirighe, sa gcómhairle, dár bhainm Gamáiel, doctúr dlíge, do bhí fá chion ag an bpobal uile,

said,

20 Go, stand and speak in the temple to the people all the words of this life.

21 And when they heard *that*, they entered into the temple early in the morning, and taught. But the high priest came, and they that were with him, and called the council together, and all the senate of the children of Israel, and sent to the prison to have them brought.

22 But when the officers came, and found them not in the prison, they returned, and told,

23 Saying, The prison truly found we shut with all safety, and the keepers standing without before the doors: but when we had opened, we found no man within.

24 Now when the high priest and the captain of the temple and the chief priests heard these things, they doubted of them whereunto this would grow.

25 Then came one and told them, saying, Behold, the men whom ye put in prison are standing in the temple, and teaching the people.

26 Then went the captain with the officers, and brought them without violence: for they feared the people, lest they should have been stoned.

27 And when they had brought them, they set *them* before the council: and the high priest asked them,

28 Saying, Did not we straitly command you that ye should not teach in this name? and, behold, ye have filled Jerusalem with your doctrine, and intend to bring this man's blood upon us.

29 Then Peter and the *other* apostles answered and said, We ought to obey God rather than men.

30 The God of our fathers raised up Jesus, whom ye slew and hanged on a tree.

31 Him hath God exalted with his right hand *to be* a Prince and a Saviour, for to give repentance to Israel, and forgiveness of sins.

32 And we are his witnesses of these things; and *so is* also the Holy Ghost, whom God hath given to them that obey him.

33 When they heard *that*, they were cut *to the*

daithin sé na habsdail chur amach ar feadh tamuill;

35 Agus a dubhairt sé ríu, A fhiora Israél, tabhraidh bhur naire ribh féin créd do dhéuntáoi a dtáobh na muinntírese.

36 Oír roimhe a naimsirse déirghe Teúdas súas, ag rádh, Go madh neach éigin *mór* é féin; lércheangail úibhir dháoine, a dtimcheall cheithre gcéud: noch do marbhadh; agus an mhéid dáontuigh dhó, do spréaghadh, agus do chuireadh a neimbrígh íad.

37 Tar éis an fhirse déirghe Iúdás an Galileánach súas a laéthibh an dáoirchíosa, agus do tharruing sé mórán dón phóbal chuige féin: agus do sgriosadh an fearsa fós; agus do spréaghadh uile, an mhéid tug a náonta dhó.

38 Agus a deirim ribh a nois, Seachnuidh sibh féin ar an muinntirse, agus léigidh dhóibh: oír más ó dháoinibh thig an chómhairle nó a nóbairse, cuirfightear a neimbrígh é.

39 Achd mas ó Dhía thig sé, ní héidir libh a chur a neimbrígh; air eagla go bhfuighthí ag troid a naghaidh Dé sibh.

40 Agus do áontuigheadar dho: agus ar ngairm na nabsdal dóibh, agus ar ngabháil *ortha*, tugadar fógra dhóibh gan labhairt a nainm Iósa, agus do léigeadar úatha íad.

41 Ar a nadhbharsin do imthigheadar san go lúathgháireach as amharc na cómhairle, do bhrígh gur measadh gur bhfu íad easonóir dfulang ar son anma *Iósa*.

42 Agus gach lá sa teampall, agus ó thigh go tigh, níor sguireadar do bheith ag teagasg agus ag seanmórughadh Iósa Críosa.

Caibidil 6

Seacht deachanna ar na ndtoigha, 5 dar díobh Stephanus.

1 Agus an sna laéthibhsin, ag méudughadh do úibhir na deisciobluibh, déirigh monmhur na Ngréugach a naghaidh na Neabhruigheach, do bhrígh go ttugtháoi neimhchion air a mbaintrabhachuibh sa miniosdrálachd laétheamhuil.

2 Uime sin ar ngairm iomuid do na deisciobluibh a gceann a chéile don dá fhear dhéug, a dubhradar, Ní hiomchubhuíge dhúinne briathar Dé gfgábháil do chum na mbórd do fhriothólamh.

3 Ar a nadhbharsín, a dheartbhraithreacha, féuchaidh amach bhur measg féin mórsheisear do dháoinibh deaghtreasda, lán don Spioruid Náomh agus deagna, noch do chuirfeam a dtimcheal na hóibreise.

4 Agus bíadhmaidne go cómhnuightheach a nurnuighe, agus a miniosdrálachd na bréithre.

heart, and took counsel to slay them.

34 Then stood there up one in the council, a Pharisee, named Gamaliel, a doctor of the law, had in reputation among all the people, and commanded to put the apostles forth a little space;

35 And said unto them, Ye men of Israel, take heed to yourselves what ye intend to do as touching these men.

36 For before these days rose up Theudas, boasting himself to be somebody; to whom a number of men, about four hundred, joined themselves: who was slain; and all, as many as obeyed him, were scattered, and brought to nought.

37 After this man rose up Judas of Galilee in the days of the taxing, and drew away much people after him: he also perished; and all, *even* as many as obeyed him, were dispersed.

38 And now I say unto you, Refrain from these men, and let them alone: for if this counsel or this work be of men, it will come to nought:

39 But if it be of God, ye cannot overthrow it; lest haply ye be found *even* to fight against God.

40 And to him they agreed: and when they had called the apostles, and beaten *them*, they commanded that they should not speak in the name of Jesus, and let them go.

41 And they departed from the presence of the council, rejoicing that they were counted worthy to suffer shame for his name.

42 And daily in the temple, and in every house, they ceased not to teach and preach Jesus Christ.

Chapter 6

1 And in those days, when the number of the disciples was multiplied, there arose a murmuring of the Grecians against the Hebrews, because their widows were neglected in the daily ministration.

2 Then the twelve called the multitude of the disciples *unto them*, and said, It is not reason that we should leave the word of God, and serve tables.

3 Wherefore, brethren, look ye out among you

5 Agus dáontuigheadar an comhlúadar uile don rádh so: agus do thóghadar Steaphán, fear lán do chreideamh agus don Spíoruid Náomh, agus Philip, agus Procórus, agus Nícánor, agus Tímon, agus Parménas, agus Nicolás neach ó Aintióchia do cheanguil é féin don neagluis:

6 Do chuireadar iad so a bhfiadhnuise na nabsdal: agus ar ndéunamh urnuighe dhóibhsean, do chuireadar a lámha orrtha.

7 Agus dfás briathar Dé; agus do mhéudaigh úibhir na ndeisciobal go romhór a Niarusalém; agus dúmhluidh cuid mhór do na ságartuibh don chreideamh.

8 Achd Steaphán, lán do chreideamh agus do chúmhachdaibh, do rinne sé miorbhuile agus cómharthadha móra a meas an phobail.

9 Agus déirgheadar súas dream áirighe don tsinagóig, dar ab ainm *Sionagóg* na libertinigh, agus na Cirenianach, agus luchd Alecsandria, agus Cilícia agus na Háisia, ag díosbórachd lé Steaphán.

10 Achd níor bhféidir léo cur a naghaidh na heagna agus na spioraide tré ar labhair sé.

11 An sin tugadar a steach dream airighe, noch a dubhairt, do chúalamar féin é ag labhairt bhríathra masluigheacha a naghaidh Mháoise, agus Dé.

12 Agus do bhogadar an pobal, agus na sinnsir, agus na sgriobuidhe, agus ag cur chuige, rugadar air, agus tugadar léo chum na comhairle é,

13 Agus do chuireadar amach fiadhnuiseadha bréugacha, noch a dubhairt, Ní sguireann an fearso dá bheith ag labhairt bhríathra masluigheacha a naghaidh na háite náomhthasa, agus an reachda:

14 Oír do chúalamar é ag rádh, Go sgriosfáidh Iósa Násarrdhaso a naitse, agus go niompochaidh sé na hórduighthe tug Máoise dhúinne.

15 Agus gach a raibh na suídhe sa ccómhairle, ag féuchuin go friochnamhach airsion, do chunncadar a aghaidh mar aghaidh aingil.

Caibidil 7

Freagra dhíagha Stephain, ag foillsiughadh brígh an dlígh; 59 agus arís a bhás féin áindligheach.

1 Ann sin a dubhairt an tárdsagárt, An bhfuilid na neithese mar so?

2 Agus a dubhairt seision, A bhraithreacha, agus a aithreacha, éisdigh; Dfoillsigh Día na glóire é féin dar nathair Abraham, an tan do bhí sé sa Mésopotámia, suil do chómhnuidh sé a Gcárran,

3 Agus a dubhairt sé ris, Fág do thír féin, agus do chineadh, agus tárr don tír fhoillseochus misi dhuit.

seven men of honest report, full of the Holy Ghost and wisdom, whom we may appoint over this business.

7 Howbeit there is not in every man that knowledge: for some with conscience of the idol unto this hour eat it as a thing offered unto

8 Achd ní moltar sinn ar son bídh a bhfiadhnúise Dé: óir dá nítheam, ní saidhbhríde sinn é; agus muna nítheam, ní dáibhríde sinn é.

9 Gidheadh tugaidh bhur naire ribh nach mbiáidh an cúmhachdasa atá aguibh a gcail ar bith na adhbhar oilbhéime don druing atá lag.

10 Oír da bhfaicidh éundúine thusa agá bhfuil eólas ad shuídhe ar bhórd a dteampoll na niodhal, a né nach neirteóchar connsías an tí atá meiribh chum na neitheann iodhbarthar diodhaluibh íthe;

11 Agus do bhrígh heolúise an rachaidh an dearbhráthair éugruaidh amúgha, agá bhfúair Críós bús ar a shon?

12 Agus mar sin ag peacughadh dhíbh a naghaidh na ndearbhraithreach, agus ag lot a ccoinnsiáis éugruaidh, do ní sibh peacadh a naghaidh Chríós.

13 Uime sin, dá dtugaidh bíadh adhbhar oilbhéime dom dhearbhráthair, ní íosaídh mé feól go bráth, ionnus nach dtiubhrainn adhbhar oilbhéime dom dhearbhráthair.

Caibidil 9

Cumas na neasbal. 7 Beathughadh na minisdreadh, 24 agus an bheathasa mar choimhliong.

1 A ne nách easbal misi? a né nach bhfuilim sáor? a né nach bhfacaidh mé Iósa Críós ar Dtighearna? a né nach sibhse mobair sa Tighearna?

2 Bíodh nach easbal mé do dháoinibh eile, go dearbhtha a seadh dháoihbhse: oír as sibhse séula mabsdaltachda sa Tighearna.

3 A sí so mo fhreagra don druing chuirfeas ceisd oram,

4 A né nach bhfuil cúmhachd íthe agus íbhte aguinne?

5 A né nach bhfuil cúmhachd aguinn bean, ná deirbhshiúr, do bhreith linn fá gcuáirt, amháil do níd an chuid eile do na habsdalaibh, agus bráithreacha an Tighearna, agus Céphas?

6 Nó an bhfuilimse amháin agus Barnabas, gan chúmhachd aguinn bheith sáor ó obair?

7 Cía théid chum cogaidh uáir ar bith ar a chosdús féin? cía chúireas fineamhuín, agus nach ítheann féin dá thoradh? nó cía bheathuigheas tréud, agus nach blaiseann do bhainne an tréuda?

8 An mar dhuine labhrum na neitheso? a né nach abair an reachd na neithesi mar an gcéudna?

9 Oír atá sgríobhtha a reachd Mháoisi, Ná cuir ceangal ar bhéul an daimh bhriseas an tarbhar. An bhfuil cúram damh ar Dhía?

an idol; and their conscience being weak is defiled.

8 But meat commendeth us not to God: for neither, if we eat, are we the better; neither, if we eat not, are we the worse.

9 But take heed lest by any means this liberty of yours become a stumblingblock to them that are weak.

10 For if any man see thee which hast knowledge sit at meat in the idol's temple, shall not the conscience of him which is weak be emboldened to eat those things which are offered to idols;

11 And through thy knowledge shall the weak brother perish, for whom Christ died?

12 But when ye sin so against the brethren, and wound their weak conscience, ye sin against Christ.

13 Wherefore, if meat make my brother to offend, I will eat no flesh while the world standeth, lest I make my brother to offend.

Chapter 9

1 Am I not an apostle? am I not free? have I not seen Jesus Christ our Lord? are not ye my work in the Lord?

2 If I be not an apostle unto others, yet doubtless I am to you: for the seal of mine apostleship are ye in the Lord.

3 Mine answer to them that do examine me is this,

4 Have we not power to eat and to drink?

5 Have we not power to lead about a sister, a wife, as well as other apostles, and as the brethren of the Lord, and Cephas?

6 Or I only and Barnabas, have not we power to forbear working?

7 Who goeth a warfare any time at his own charges? who planteth a vineyard, and eateth not of the fruit thereof? or who feedeth a flock, and eateth not of the milk of the flock?

8 Say I these things as a man? or saith not the law the same also?

10 Nó a né nach air ar soinne go huilidhe a déir sé so? Go deimhin, as air ar soinne, atá sé sgríobhtha: oír as maille ré dóthchas is cóir don treabhaire treabhadh do dhéanamh; agus don bhuáilteoir *búaladh* a muinighin go bhfuigheadh sé tairbhe a dhóthchais.

11 Má shiólchuir sinne neithe sbiorádalta dháuibhse, *an* mór *libhsi* sinne do bhuáin bhur neitheann sáoghaltasa?

12 Má gheibhid dáoine eile toradh an chúmhachdasa uáibh, *créud fá* nách bhfuighemisne é ní sa mhó? Gidheadh níor chuireamar na cúmhachdasa a ngnás; achd iomchramáoid na huile neithe, ionnus nach dtiocfadh dhínn toirmeasg ar bith do chur ar shoisgéul Chríod.

13 A né nách bhfuil a fhios aguibh an dream shaothruigheas a dtimcheall na neitheann náomhtha go níthid síad do *neithibh* an teampoill? agus an dream bhíos do ghnáth ag fritheóladh na haltóra go bhfaghaid cuid ranna don naltóir?

14 As mar an gcéudna do órdaigh an Tighearna don druing fhoillsigheas an soisgéul a mbeatha dfagháil ón tsoisgéul.

15 Gidheadh níor chuir misi éinní dhíobh so a gnás: agus fós ní huime do sgríobh mé na neithesi, ionnus go ndéantáoi mar sin leam féin: oír do bhfear leam bás dfagháil, ná go ccuirfeadh éainneach mo mháothfeachus a neimhbhrígh.

16 Oír bíodh go ndeanuinn an soisgéul do sheanmórughadh, ní bhfuil *adhbhar* máoithfeachuis agam: do bhrígh go bhfuil sé na éigean oram; agus, as trúagh dhamh, muna ndéana mé an soisgéul do sheanmórughadh!

17 Oír más ó thoil do ním so, atá luáidheachd agam: más a nadhaigh mo thoile, atá *fós* a chúram ar na léigean táobh ríom.

18 Uime sin créd í mo luáidheachd? Go *firinneach*, soisgéul Chríod do thabhairt uáim, a naisgidh an tan sheanmóruim é, do chum gan na cúmhachda atá agam sa tsoisgél díslighadh.

19 Oír bíodh go bhfuilim sáor ó na huile *dháoinibh*, do rinne mé searbhfhoghantuidhe dhíom féin do na huile dháoinibh, chum ní sa mhó do gnodhughadh dhamh.

20 Agus do bhí mé mar Iúduighe do na Iúduighibh, chum na Niúduigheadh do gnodhughadh; don druing atá fáoi an reachd, amhuil *mar bheinn* fáoi an reachd, chum na druinge atá fáoi an reachd do ghnódhughadh dhamh;

21 Don druing atá gan reachd, mar *do bhéinn* gan reachd, (bíodh nach bhfuilim gan reachd do tháobh Dé, achd úmhal do reachd Chríod,)

9 For it is written in the law of Moses, Thou shalt not muzzle the mouth of the ox that treadeth out the corn. Doth God take care for oxen?

10 Or saith he it altogether for our sakes? For our sakes, no doubt, this is written: that he that ploweth should plow in hope; and that he that thresheth in hope should be partaker of his hope.

11 If we have sown unto you spiritual things, is it a great thing if we shall reap your carnal things?

12 If others be partakers of this power over you, are not we rather? Nevertheless we have not used this power; but suffer all things, lest we should hinder the gospel of Christ.

13 Do ye not know that they which minister about holy things live of the things of the temple? and they which wait at the altar are partakers with the altar?

14 Even so hath the Lord ordained that they which preach the gospel should live of the gospel.

15 But I have used none of these things: neither have I written these things, that it should be so done unto me: for it were better for me to die, than that any man should make my glorying void.

16 For though I preach the gospel, I have nothing to glory of: for necessity is laid upon me; yea, woe is unto me, if I preach not the gospel!

17 For if I do this thing willingly, I have a reward: but if against my will, a dispensation of the gospel is committed unto me.

18 What is my reward then? Verily that, when I preach the gospel, I may make the gospel of Christ without charge, that I abuse not my power in the gospel.

19 For though I be free from all men, yet have I made myself servant unto all, that I might gain the more.

20 And unto the Jews I became as a Jew, that I might gain the Jews; to them that are under the law, as under the law, that I might gain them that are under the law;

21 To them that are without law, as without

chum na druinge gan reachd do ghnodhughadh dhamh.

22 Do bhí mé do na dáoinibh anbhann mar *dhuine* anbhann, amhuil *mar do bheinn* meirbh chum na ndáoine anbhann do ghnodhughadh dhamh: Do bhí mé sa nuile chrúth do na huile dhaóinibh, chum go sáorfuinn cuid éigin ar gach uile chor.

23 Agus as ar son an tsoisgéil do ním so, ionnus go mbíadh cuid agum dhe máráon ríbhse.

24 A né nach bhfuil a fhios aguibh, an dream bhíos ag coimhridh ré chéile go riothaid uile, bíodh gur ab éundúine bheireas an geall? Go madh hamhluidh dhéantáoisí rioth, ionnus go madh éidir libh gnodhughadh.

25 Agus gach áon chleachdus sbáirn is measardha é sna huile neithibh. Agus is uime do níd síadsan *sin* chum coróine truáillighe dfagháil; achd inne chum *coróine* neamhthruáillighe.

26 Uime sin as amhluidh riothaimsi, ní mar fá thuáirim; as amhluidh do ním sbáirn, ní mar neach bhuáileas an taiéur:

27 Achd cuirim fá smachd an cholann, agus do bheirim fá umhlachd í: deagla ar éunchor, ar ndéunamh seanmóra do dhruing eile dhamh, cuirfidh mé féin air ccúl.

Caibidil 10

Gurab peacadh uaibhreach, agus iodholadhradh, fleadh na ndeamhan; 21 creideamh agus grád, bord Chríod.

1 Tuilleadh eile fós, a dhearbhraithreacha, ní háill leam bheith dhíbh ainbhfeasach, go rabhadar ar naithre uile fáoi an néul, agus go ndeachadar uile thríd a nfairrge:

2 Agus gur baisdeadh íad uile lé Máoisí sa néull agus sa bhfáirge;

3 Agus gur itheadar uile áon bhíadh amháin sbioradálta;

4 Agus gur ibheadar uile dáoindigh amháin sbioradálta: oír do ibheadar don Charruic sbioradálta do lean *íad*: agus dob í an Charruic sin Críod.

5 Achd ní raibh Día réidh re mórán aca: oír do sgriosadh íad sa bhfásach.

6 Atáid na neithesi a nois na néisiompláiribh aguinne, ionnus nách bíadh fonn droichneithe orainne, amhail do bhí orrthasán fós.

7 Uime sin na bíghídhsi bhur luchd iodhaladhruigh, mar *do bhí* dream acasan; amhail atá sgríobhtha, Do shuigh an pobal síos chum ithe agus ibhthe, agus do éirgheadar na seasamh chum súgartha.

law, (being not without law to God, but under the law to Christ,) that I might gain them that are without law.

22 To the weak became I as weak, that I might gain the weak: I am made all things to all men, that I might by all means save some.

23 And this I do for the gospel's sake, that I might be partaker thereof with you.

24 Know ye not that they which run in a race run all, but one receiveth the prize? So run, that ye may obtain.

25 And every man that striveth for the mastery is temperate in all things. Now they do it to obtain a corruptible crown; but we an incorruptible.

26 I therefore so run, not as uncertainly; so fight I, not as one that beateth the air:

27 But I keep under my body, and bring it into subjection: lest that by any means, when I have preached to others, I myself should be a castaway.

Chapter 10

1 Moreover, brethren, I would not that ye should be ignorant, how that all our fathers were under the cloud, and all passed through the sea;

2 And were all baptized unto Moses in the cloud and in the sea;

3 And did all eat the same spiritual meat;

4 And did all drink the same spiritual drink: for they drank of that spiritual Rock that followed them: and that Rock was Christ.

5 But with many of them God was not well pleased: for they were overthrown in the wilderness.

6 Now these things were our examples, to the intent we should not lust after evil things, as they also lusted.

7 Neither be ye idolaters, as were some of them; as it is written, The people sat down to

8 Agus ná déanamne sdríopachas, amhuil do rinneadar cuid acasan, agus do thuiteadar a néunló trí mhíle fhichiot *pearsa*.

9 Agus ná cuireamne cathughadh ar Chríod, amhuil ceadna do chuireadar cuid acasan, agus do sgriosadh íad ré haithreachaibh neimhe.

10 Agus na déunaidhsi munmhur, amhuil do rinneadar cuid acasan, agus do sgriosadh íad ris an sgriosdóir.

11 Agus tárla na neithesi uile dhóibhsion ná neisiompláraibh: agus is chum fógartha do thabhairt dúinne ar a rug deireadh an domhuin, do sgríobhadh íad.

12 Uime sin an tí sháoileas bheith na sheasamh tugadh aire ris féin deagla go bhfuigheadh sé leagadh.

13 Ní thárla cathughadh *ar bith* dhíbh achd an cathughadh leanus gach áon: agus *atá* Día fírinneach, nách bhfuileóngaidh cathúghadh do chur oraibh ós cionn bhur neirt; achd do dhéuna sé slighe imtheachd dhíbh ann sa gcathúghadh, ionnus go madh éidir libh a iomchar.

14 Ar a nadhbharsin, a dhearbhráithre grádhacha, seachnaidh iodhaladhradh.

15 Labhruim, mar *laibheóruinn* ré dáoinibh tuigsionacha; beiridh *féin* breith air a ní labhruim.

16 A né nach é cumáoin fhola Chríod, cupán na mbeannachd do níomáoidne do bheannughadh? A né nách é cumáoin choirp Chríod, an tarán bhrismíd?

17 Oír as áonarán *agus* áonchorp sinne, *bíodh go bhfuilmíd* morán: do bhrígh go nglacmáoid uile ar gcuid déunarán.

18 Tabhruidh aire re Hisraél do réir na feóla: a né nách bí cuid ronna don naltóir ag an druing itheas na hiódhbartha?

19 Uime sin créud a deirim? a né go bhfuil éifeachd sa niodhail, nó go bhfuil éifeachd sa ní iódhbarthar diodhaluibh?

20 Achd *a deirim*, gur do dhiabhlaibh iódhbuid na Cineadhacha, na neithe iódhbuid síad, agus nach do Dhía: agus ní háill leam cumann do bheith aguibhsi ris na diabhluibh.

21 Ní héidir libh cupán an Tighearna díbhe, agus cupán na ndeamhan: ní héidir libh comhrúinn bhuid an Tighearna dfagháil, agus bhuid na ndeamhan.

22 An bhfuilmíd ag brosdughadh an Tighearna chum feirge? an treisi linne na leision?

23 Atáid na huile neithe ddisdeanach dhamh, gidheadh ní bhfuilid uile tarbhach: atáid na huile neithe ddisdeanach dhamh, gidheadh ní fhollamnuighid uile.

eat and drink, and rose up to play.

8 Neither let us commit fornication, as some of them committed, and fell in one day three and twenty thousand.

9 Neither let us tempt Christ, as some of them also tempted, and were destroyed of serpents.

10 Neither murmur ye, as some of them also murmured, and were destroyed of the destroyer.

11 Now all these things happened unto them for ensamples: and they are written for our admonition, upon whom the ends of the world are come.

12 Wherefore let him that thinketh he standeth take heed lest he fall.

13 There hath no temptation taken you but such as is common to man: but God is faithful, who will not suffer you to be tempted above that ye are able; but will with the temptation also make a way to escape, that ye may be able to bear it.

14 Wherefore, my dearly beloved, flee from idolatry.

15 I speak as to wise men; judge ye what I say.

16 The cup of blessing which we bless, is it not the communion of the blood of Christ? The bread which we break, is it not the communion of the body of Christ?

17 For we being many are one bread, and one body: for we are all partakers of that one bread.

18 Behold Israel after the flesh: are not they which eat of the sacrifices partakers of the altar?

19 What say I then? that the idol is any thing, or that which is offered in sacrifice to idols is any thing?

20 But I say, that the things which the Gentiles sacrifice, they sacrifice to devils, and not to God: and I would not that ye should have fellowship with devils.

21 Ye cannot drink the cup of the Lord, and the cup of devils: ye cannot be partakers of the Lord's table, and of the table of devils.

22 Do we provoke the Lord to jealousy? are we stronger than he?

23 All things are lawful for me, but all things are not expedient: all things are lawful for me,

24 Nár ab é *a ní bheanus* ris féin shírfeas neach ar bith, achd síreadh gach áon a ní rachus a sochar da chomharsuin.

25 Ithidh, gach ní reacthar sa margadh, gan cheisd ar bith do tháobh coinnsiáis.

26 Oir *as* leis an Dtighearna an talamh, gon a líonmhaireachd.

27 Agus dá dtugaidh éunnduine don druing atá gan chreideamh, cuíreadh dhíbh agus go mádh toil libh dul rin; íthidh, gach ní churthar bhur bhfiadhnuisi, gan cheisd ar bith do chur do tháobh coinnsiáis.

28 Gidheadh dá nabrudh éunnduine ribh, Is diodhaluibh do híodhbradh so, ná híthidh é ar son an tí do fhiollsigh dhíbh é, agus ar son coinnsiáis: oir *as* leis an Tighearna an talamh, gon a líonmhaireachd:

29 Agus ní hé do choinnsiás a deirim, achd *choinnsiás* an duine eile sin: oir créud fá a ndaimeóntáoi mo sháoirsise ré coinnsiás *dhuine* eile?

30 Agus más tré ghrás *Dé* ránntar riomsa é, créud fá labharthar go holc oram ar son a neithe fá dtugam buidheachas?

31 Uime sin mas íthe, nó íbhe dháobh, nó gidh bé ar bith ní do ní sibh, go madh chum glóire *Dé* dhéana sibh na huile *neithe*.

32 Ná tábhruidh *adhbhar* oilbhéime do na Iúduigheadhaibh, ná do na Gréugachaibh, ná deagluis *Dé*:

33 Do réir már do nímse toil gach áoin sna huile *neithibh*, agus ní díarraidh eudála dhamh féin, achd do mhorán, chum a slánaighthe.

Caibidil 11

Ceann an fhir do nochdadh sa neireachd, 5 ceann na mná fá fholach. 21 Cleachda neamhnáomhtha an chumainigh 23 ar na athdhíorghadh.

1 Bighidh bhur *luchd* leanmhana dhamhsa do réir mar atáimse do Chríod.

2 Agus anóis moluim sibh, a dhearbhráithreacha, fá choimhne do bheith aguibh oram sna huile neithibh, agus fá bheith dhíbh ag coimhéud na norduightheadh, amhuil tug mé dhíbh *iad*.

3 Gidheadh as mian riom a fhíos do bheith aguibh, gurab é Críod ceann gach fir; agus gur ab é an fear ceann na mná; agus gur ab é *Día* ceann Chríod.

4 Gach uile fhear agá mbí folach ar a cheann, ag urnaighe dhó nó ag fáidheadóireachd, do bheir sé easonóir dhá cheann.

5 Gidheadh gach bean agá mbí a ceann nochdaighe ag urnaighe nó ag

but all things edify not.

24 Let no man seek his own, but every man another's wealth.

25 Whatsoever is sold in the shambles, that eat, asking no question for conscience sake:

26 For the earth is the Lord's, and the fulness thereof.

27 If any of them that believe not bid you to a feast, and ye be disposed to go; whatsoever is set before you, eat, asking no question for conscience sake.

28 But if any man say unto you, This is offered in sacrifice unto idols, eat not for his sake that shewed it, and for conscience sake: for the earth is the Lord's, and the fulness thereof:

29 Conscience, I say, not thine own, but of the other: for why is my liberty judged of another man's conscience?

30 For if I by grace be a partaker, why am I evil spoken of for that for which I give thanks?

31 Whether therefore ye eat, or drink, or whatsoever ye do, do all to the glory of God.

32 Give none offence, neither to the Jews, nor to the Gentiles, nor to the church of God:

33 Even as I please all men in all things, not seeking mine own profit, but the profit of many, that they may be saved.

Chapter 11

1 Be ye followers of me, even as I also am of Christ.

2 Now I praise you, brethren, that ye remember me in all things, and keep the ordinances, as I delivered them to you.

3 But I would have you know, that the head of every man is Christ; and the head of the woman is the man; and the head of Christ is God.

4 Every man praying or prophesying, having his head covered, dishonoureth his head.

faidheadóireachd dhi do bhéir sí náire dhá ceann: óir is ionann sin agus a bheith beárrtha dhi.

6 Oír muna raibh folach ar *cheann* na mná, beárrtha í mar an gcéudna: achd mas granna do mhnáoi bheith beárrtha nó lom, cuireadh sí folach uirthé.

7 Oír ní cóir don fhíor a cheann dfolach, do bhrígh gur ab é iomháigh ghlóire Dé é: achd a sí an bhean glóir an fhir.

8 Oír ní ón mhnáoi an fear; achd ón fhíor an bhean.

9 Oír ní ar son na mná do crúthuigheadh an fear; achd an bhean ar son an fir.

10 Uime sin is cóir don mhnáoi folach do bheith ar a ceann ar son na naingeal.

11 Gidheadh ní bhfuil an fear a néugmhais na mná, ná an bhean a néugmhais a nfir, sa Dtighearna.

12 Oír amhail mar is ón bhfear an bhean, mar an gcéudna as tríd an mnáoi an fear; achd is ó Dhía na huile neithe.

13 Measaidh ionnuibh féin: an cubhaidh do mhnáoi gan folach ar a *ceann* Dúa do ghuidhe?

14 A né nach bhfuil an nádúr féin dá theagusg dhíbh, gur nár dfíor gruág fhada do bheith air?

15 Gidheadh dá raibh grúag fada ar mhnáoi, as glóir dhí é: óir is mar fholach tugadh a grúag dhi.

16 Achd ma bhíonn éanduine cóinntinneach, ní bhfuil a leithid sin do ghnás aguinne, nó ag eaglaisibh Dé.

17 Agus agá fhoillsiughadh so dhamh ní mholaim *sibh*, fá theachd a gceann a chéile dhíbh ní chum bhur leasa, achd chum bhur naimhleasa.

18 Oír ar tús, ar gcrúinniughadh dhíbh a gceann a chéile sa neaglais, do chluinim go mbíd síósmadha eadruibh; agus creidim é a ccáil.

19 Oír is éigin fós eiriceachd do bheith bhur measgsa, chum na druinge atá dearbhtha eadruibh bheith follus.

20 Uime sin ar gcrúinniughadh dhíbh a gceann a chéile ann éan ait, ní hé sin saipéir an Tighearna do chaitheamh.

21 Oír íthidh gach áon a shuipéir fein air tús: agus bí ocarus ar dhuine aguibh, agus duine eile ar misge.

22 A né nach bhfuil tighthe aguibh chum íthe agus íbhte? nó an bhfuil ag tarcaisniughadh eaglaisi Dé, agus ag tabhairt náire don druinge atá gan éainní? Créud a déura mé libh? an molfad sibh? ní mholaim *sibh* sa gcássa.

23 Oír is ón Dtighearna fuáir misi a ní thug mé dhíbhse mar an gcéudna, Gur ghalc an Tighearna Iosa arán sa noidhche ionar bráitheadh é:

5 But every woman that prayeth or prophesieth with her head uncovered dishonoureth her head: for that is even all one as if she were shaven.

6 For if the woman be not covered, let her also be shorn: but if it be a shame for a woman to be shorn or shaven, let her be covered.

7 For a man indeed ought not to cover his head, forasmuch as he is the image and glory of God: but the woman is the glory of the man.

8 For the man is not of the woman; but the woman of the man.

9 Neither was the man created for the woman; but the woman for the man.

10 For this cause ought the woman to have power on her head because of the angels.

11 Nevertheless neither is the man without the woman, neither the woman without the man, in the Lord.

12 For as the woman is of the man, even so is the man also by the woman; but all things of God.

13 Judge in yourselves: is it comely that a woman pray unto God uncovered?

14 Doth not even nature itself teach you, that, if a man have long hair, it is a shame unto him?

15 But if a woman have long hair, it is a glory to her: for her hair is given her for a covering.

16 But if any man seem to be contentious, we have no such custom, neither the churches of God.

17 Now in this that I declare unto you I praise you not, that ye come together not for the better, but for the worse.

18 For first of all, when ye come together in the church, I hear that there be divisions among you; and I partly believe it.

19 For there must be also heresies among you, that they which are approved may be made manifest among you.

20 When ye come together therefore into one place, this is not to eat the Lord's supper.

21 For in eating every one taketh before other his own supper: and one is hungry, and another is drunken.

22 What? have ye not houses to eat and to drink in? or despise ye the church of God, and shame them that have not? What shall I say to you? shall I praise you in this? I praise you not.

23 For I have received of the Lord that which also I delivered unto you, That the Lord Jesus

24 Agus ar mbreith bhuidheachais dó, do bhrís sé é, agus a dubhairt sé, Glacaidh, íthidh: a sé so mo chorp, bhrisdear ar bhur sonsa: déunaidh so mar choimhniughadh oramsa.

25 Agus an cupán mar an gcéudna, tar éis suipéir, ag rádh, A sé an cupánsa an tiomna núadh trém fhuilse: déunaidh so, dhá mhioncachd íbhthi é, mar choimhniughadh oramsa.

26 Oír ní bhfuil dá mhionca íosas sibh an taránsa, agus íobhthas sibh an cupánsa, nach bhfoillsigheann sibh bás an Tighearna go teachd dhó?

27 Uime sin gidh bé íosas an taránsa, nó íobhthas cupán an Tighearna, go neimhiomchubhaidh, bíaidh sé cionntach do chorp agus dfuil an Tighearna.

28 Ar a nadhbharsin dearbhadh gach áonduine é féin, agus mar sin ítheadh sé do naránsa, agus íbheadh don chupánsa.

29 Oír gidh bé ítheas agus íbheas go neimhiomchubhaidh, íthidh agus íbhidh sé damnughadh dho féin, an tan nach déun sé eirdhealughadh eidir chorp an Tighearna agus bhíadh eile.

30 Dá bhrígh so atáid mórán meirbh agus ar dhíth neirt eadruibh, agus morán ar néug.

31 Oír dá mbeith breathnughadh aguinn oruinn féin, ní bhéarthaoi breath oruinn.

32 Gidheadh an tan bheirtheair breath oruinn, is ris an Tighearna smachdaightheair sinn, deagla ar ndamnaighthe maille ris a tsáoghal.

33 Uime sin, a dhearbhráithreacha, ar dteachd díbh a gceann a chéile chum íthe, fuirighidh ré chéile.

34 Agus dá ráibh ocarus ar éinneach, ítheadh sé agá thigh; deagla theachd dáuibh a gceann a chéile chum damnaighthe. Agus ar dteachd damh cuirfe mé gach ní eile nórdughadh.

Caibidil 12

Gu bhfuil na tiodhluicthe neimh-ionann arson tairbhe na nuile, 12 mar bhallaibh an chuirp nadurdha.

1 Achd a dtáobh neithibh spioradálta, a dhearbhráithreacha, ní háill leam bheith dháuibh ainbhfeasach.

2 Atá a fhios aguibh go rabhabhair bhur Gcineadhachaibh, ar bhur dtarruing go hiodhaluibh balbha, do réir mar do treóruigheadh sibh.

3 Uime sin foillsighim dháuibh, nach abair éinneach labhrus ó Spioruid Dé Iósa do bheith mallaighe: agus nach féidir dáoinneach a rádh gur bé Iósa an Tighearna, achd trés an Sbiorad Náomh.

the same night in which he was betrayed took bread:

24 And when he had given thanks, he brake it, and said, Take, eat: this is my body, which is broken for you: this do in remembrance of me.

25 After the same manner also he took the cup, when he had supped, saying, This cup is the new testament in my blood: this do ye, as oft as ye drink it, in remembrance of me.

26 For as often as ye eat this bread, and drink this cup, ye do shew the Lord's death till he come.

27 Wherefore whosoever shall eat this bread, and drink this cup of the Lord, unworthily, shall be guilty of the body and blood of the Lord.

28 But let a man examine himself, and so let him eat of that bread, and drink of that cup.

29 For he that eateth and drinketh unworthily, eateth and drinketh damnation to himself, not discerning the Lord's body.

30 For this cause many are weak and sickly among you, and many sleep.

31 For if we would judge ourselves, we should not be judged.

32 But when we are judged, we are chastened of the Lord, that we should not be condemned with the world.

33 Wherefore, my brethren, when ye come together to eat, tarry one for another.

34 And if any man hunger, let him eat at home; that ye come not together unto condemnation. And the rest will I set in order when I come.

Chapter 12

1 Now concerning spiritual gifts, brethren, I would not have you ignorant.

2 Ye know that ye were Gentiles, carried away unto these dumb idols, even as ye were led.

3 Wherefore I give you to understand, that no man speaking by the Spirit of God calleth Jesus accursed: and that no man can say that

4 Atáid tiodhlaice éugsamhla ann, achd ní bhfuil achd ein Sbiorad amháin.

5 Agus atáid miniosdrálachda éugsamhla ann, gidheadh ní bhfuil achd éin Tighearna amháin.

6 Agus atá oibriughadh éugsamhla ann, gidheadh a sé an táon Ndia oibrigheas na huile neithe sna huilibh.

7 Agus do gheibh gach áon foillsiughadh na Sbioraide chum tairbhe.

8 Oír do gheibh neach bríathar éagna trés an Sbioruid; agus neach eile bríathar eóluis trés an sbioruid chéudna;

9 Neach éile creideamh trés an Sbioruid chéudna; agus neach éile tabhartus leighis trés an Sbioruid chéudna;

10 Agus neach eile oibriughadh míorbhuileadh; agus neach eile faidheadóireachd; agus neach eile breathnúghadh sbiorad; agus neach eile *morán* do ghnéithibh teangthadh; agus neach eile míniughadh teangthadh:

11 Agus as áoin Sbiorad amháin oibrigheas na neithesi uile, ag roinn ré gach áon fó leith do réir mar as áill ris.

12 Oir amhuil mar as áon an corp, agus morán do bhallaibh aige, agus buill a néunchuirp uile; biodh gur ab iomdha íad, nach bhfuil ionnta achd éanchorp amháin: as mar an gcéudna atá Críosd.

13 Oír is tré aoin Sbioruid do baisdeadh sinn uile chum éunchoirp, más Iúduighe sinn nó Gréugaigh, más sáor nó daor sinn; agus tugadh deoch dhuinn uile ré a hÍbhe chum éin Sbioruide.

14 Oír ní héanbhall an corp, achd mórán.

15 Dá nabradh an chos, Do bhrígh nách mé an lámh, ní don chorp mé; a né nach don chorp í ar a shon sin?

16 Agus dá nabradh an chluas, Do bhrígh nách mé an tsúil, ní don chorp mé; a né nách don chorp í ar a shon sin?

17 Dá *mbíadh* an corp uile na shúil, cá háit a *mbíadh* an téisdeachd? Dá *mbíadh* sé uile na éisdeachd, cá háit a *mbíadh* an boltanus?

18 Achd a nois do chuir Día na buill sa gcorp gach ball díobh fo léith, do réir a thola féin.

19 Achd dá mbeídís uile na néanbhall, cá háit a *mbíadh* an corp?

20 Gidheadh a nois *atáid síad* na morán ball, biodh *nach bhfuil* achd éanchorp amháin.

21 Agus ní héidir ris an tsúil a rádh ris an lámh, Ní bhfuil feidhm agum ort: nó a rís don cheann ris na cosaibh, Ní bhfuil féidhm agum oraibhse.

22 Achd, go mórmhór buill an chuirp, ré ar cosmhuile bheith ró lag, atá feidhm orrtha:

Jesus is the Lord, but by the Holy Ghost.

4 Now there are diversities of gifts, but the same Spirit.

5 And there are differences of administrations, but the same Lord.

6 And there are diversities of operations, but it is the same God which worketh all in all.

7 But the manifestation of the Spirit is given to every man to profit withal.

8 For to one is given by the Spirit the word of wisdom; to another the word of knowledge by the same Spirit;

9 To another faith by the same Spirit; to another the gifts of healing by the same Spirit;

10 To another the working of miracles; to another prophecy; to another discerning of spirits; to another divers kinds of tongues; to another the interpretation of tongues:

11 But all these worketh that one and the selfsame Spirit, dividing to every man severally as he will.

12 For as the body is one, and hath many members, and all the members of that one body, being many, are one body: so also is Christ.

13 For by one Spirit are we all baptized into one body, whether we be Jews or Gentiles, whether we be bond or free; and have been all made to drink into one Spirit.

14 For the body is not one member, but many.

15 If the foot shall say, Because I am not the hand, I am not of the body; is it therefore not of the body?

16 And if the ear shall say, Because I am not the eye, I am not of the body; is it therefore not of the body?

17 If the whole body were an eye, where were the hearing? If the whole were hearing, where were the smelling?

18 But now hath God set the members every one of them in the body, as it hath pleased him.

19 And if they were all one member, where were the body?

20 But now are they many members, yet but one body.

21 And the eye cannot say unto the hand, I have no need of thee: nor again the head to the feet, I have no need of you.

22 Nay, much more those members of the

23 Agus is ar *bhailaibh* an chuirp, noch sháoilmid do bheith neamhonórach, as mó chuirmid donóir; agus ar na *ballaibh* as neimhdheisi aguin as mó chuirmid do dheisi.

24 Oír ní bhí ar mbuill deasa na ríachdanus: achd do chomuisg Dá an corp ar a chéile, ar dtabhairt na honóra as mó don *chuid* ó dteasdaigh sí:

25 Ionnis nach bíadh siosma sa gcorp; achd go mbíadh an cúram céudna ag na ballaibh ar son a chéile.

26 Uime sin dá bhfuilngidh éunbhall, comhfhuilngid na buill uile; nó dá bhfaghuidh éunbhall onóir, do níd na buill uile gáirdeachas má ráon ris.

27 Agus as sibhse corp Chríod, agus buill fó leith.

28 Agus do órduigh Dá dream áirighe sa neaguis, ar tús absduil, na dhiáigh sin fáidhe, an treas uáir luchd teaguis, a rís luchd míorbhuile do dhéunamh, na dhiáigh sin luchd leighis, luchd cobhartha, luchd ríaghalta, agus *iomad* do ghnéithibh teangthadh.

29 An *bhfuilid* uile na nabsdaluibh? an *bhfuilid* uile na bhfáidhibh? an *bhfuilid* uile na luchd teaguis? an cúmhachdach íad uile *ar mhíorbhuilibh do dhéunamh*?

30 An *bhfuilid* tiodhlaice leighis aca uile? an labhruid uile ré teangthuibh? an ndéanuid uile eidirhniughadh?

31 Achd bíodh mían na súbhailceadh as fearr oraibh: agus foillseochaidh mé slighe dhíbh ré mbéura sibh bárr.

Caibidil 13

Búaidh, agus scathan na carthanachda.

1 Gíodh go laibhéoruinn ré teangthuibh dháoine agus aingeal, agus gan grádh ionnam, ní bhfuilim achd *mar* phrás ag déunamh fuáime, nó *mar* chimbal ag cluigineachd.

2 Agus bíodh go mbeith fáidheadóireachd agam, agus go mbeith fios na nuile ruindíamhradh, agus gach uile éolas *agam*; agus bíodh go mbeith an creideamh uile agam, ar ghléus go bhféudfuinn sléibhte athrughadh, agus mé bheith gan ghrádh, ní bhfuil éifeachd ionnam.

3 Agus bíodh go gcaithfinn a bhfuil agam ré *bochdaibh* do chothughadh, agus go dtuibhruinn mo chorp da losgadh, agus mé bheith gan grádh, ní bhfuil tarbha dhamh ann.

4 Atá an grádh fadfhoighideach, deaghchróidheach; ní ghabhann an grádh

body, which seem to be more feeble, are necessary:

23 And those members of the body, which we think to be less honourable, upon these we bestow more abundant honour; and our uncomely parts have more abundant comeliness.

24 For our comely parts have no need: but God hath tempered the body together, having given more abundant honour to that part which lacked:

25 That there should be no schism in the body; but that the members should have the same care one for another.

26 And whether one member suffer, all the members suffer with it; or one member be honoured, all the members rejoice with it.

27 Now ye are the body of Christ, and members in particular.

28 And God hath set some in the church, first apostles, secondarily prophets, thirdly teachers, after that miracles, then gifts of healings, helps, governments, diversities of tongues.

29 Are all apostles? are all prophets? are all teachers? are all workers of miracles?

30 Have all the gifts of healing? do all speak with tongues? do all interpret?

31 But covet earnestly the best gifts: and yet shew I unto you a more excellent way.

Chapter 13

1 Though I speak with the tongues of men and of angels, and have not charity, I am become as sounding brass, or a tinkling cymbal.

2 And though I have the gift of prophecy, and understand all mysteries, and all knowledge; and though I have all faith, so that I could remove mountains, and have not charity, I am nothing.

3 And though I bestow all my goods to feed the poor, and though I give my body to be burned, and have not charity, it profiteth me nothing.

4 Charity suffereth long, and is kind; charity

tnúth; ní dhéanann an ghradh ní ar bith go neamhchóir, ní máoithmheach é,

5 Ní dhéanann ní ar bith ré tarcuise, ní iarran sé na neithe bheanus ris féin, ní sobhrosduighe é chum feirge, ní smuáineann sé ar a nolc;

6 Ní dhéanann gáirdeachus sa néugcóruidh, achd gabhuidh sé gáirdeachus sa bhfirinne;

7 Fuilngidh sé na huile neithe, creidigh sé na huile neithe, bí muinighin aige as na huile neithibh, iomchraidh ris na huile neithibh.

8 Ní théid an grádh ar gcúl choidhche: bíodh go rachaidh fáidheadóireachd ar gcúl, agus go gcoisgfid, na teangtha; agus go gcuirfighthear an téolas ar gcúl.

9 Oír ní bhfuil a nois aguinn achd gné éoluis, agus gné faidheadóireachda.

10 Achd an tan thiucfus a ní iomlán, cuirfighthear an tansin a ní easbhuidheach ar gcúl.

11 An tan do bhí mé am náoidhean, do labhair mé mar náoidhean, do thuig mé mar náoidhean: as ciall náoidhin do bhí agum: achd ar dteachd damh go háois iomláin, do chuir mé na neithe leanbuidhe ar gcúl.

12 Oír is radharc spéucláire dorcha, atá aguinn a nois; achd a núairsin bíam ar aghaidh a chéile: a nois atá gné aithne agam; achd an tan sin aithéonad do réir mar atá aithne oram.

13 Agus a nois fanaid na trí neithesi, creideamh, dóthchas, agus grádh; gidheadh a sé an grádh is mó dhíobh so.

Caibidil 14

Labhartha choitchionn na heagluise ar na riaghlughadh.

1 Leanuidh an grádh, agus bíodh mían na neitheann sbioradálta oraibh, achd go madh mó go ndéanadh sibh fáidheadóireachd.

2 Oír an tí labhrus a dteanguidh choimhthighe ní ré dáoinibh labhrus sé, achd ré Día: oír ní thuigeann éanduine é; bíodh go labhrann sé ruindíamhradh san sbioruid.

3 Achd an tí do ní fáidheadóireachd as ré dáoinibh labhrus sé chum follamnuighthe, chum teaguisg, agus chum comhfhurtachda.

4 An tí labhrus a dteanguidh choimhthighe a sé féin fhollumnuigheas sé; achd an tí do ní faidheadóireachd follamnuighidh sé a neagluis.

5 Agus do bfearr leam go labhradh sibh uile ré teangthuibh, achd bá fonnmhaire leam ná sin sibh do dhéunamh fáidheadóireachda: oír is mó an tí do ní fáidheadóireachd ná an tí labhrus ré teangthuibh, achd muna ccuiridh sé a gcéill íad, chum follamnuighthe dfagháil don neagluis.

6 Agus á nois, a dhearbhráithreacha, dá dtigidh mé chugaibh ag labhairt ré

envieth not; charity vaunteth not itself, is not puffed up,

5 Doth not behave itself unseemly, seeketh not her own, is not easily provoked, thinketh no evil;

6 Rejoiceth not in iniquity, but rejoiceth in the truth;

7 Beareth all things, believeth all things, hopeth all things, endureth all things.

8 Charity never faileth: but whether there be prophecies, they shall fail; whether there be tongues, they shall cease; whether there be knowledge, it shall vanish away.

9 For we know in part, and we prophesy in part.

10 But when that which is perfect is come, then that which is in part shall be done away.

11 When I was a child, I spake as a child, I understood as a child, I thought as a child: but when I became a man, I put away childish things.

12 For now we see through a glass, darkly; but then face to face: now I know in part; but then shall I know even as also I am known.

13 And now abideth faith, hope, charity, these three; but the greatest of these is charity.

Chapter 14

1 Follow after charity, and desire spiritual gifts, but rather that ye may prophesy.

2 For he that speaketh in an unknown tongue speaketh not unto men, but unto God: for no man understandeth him; howbeit in the spirit he speaketh mysteries.

3 But he that prophesieth speaketh unto men to edification, and exhortation, and comfort.

4 He that speaketh in an unknown tongue edifieth himself; but he that prophesieth edifieth the church.

5 I would that ye all spake with tongues, but rather that ye prophesied: for greater is he that prophesieth than he that speaketh with tongues, except he interpret, that the church may receive edifying.

6 Now, brethren, if I come unto you speaking

teangthuibh, créud é an sochar do dhéunad díbh, muna labhra mé ribh a bhfoillsiughadh, nó a néolas, nó a bhfáidheadóireachd, nó a dteagusg?

7 Tuilleadh eile fós na neithe gan anam do ní fuáim, mas píob nó cláirseach, muna ndéarna síad eaidirdhealughadh ann a ngothuibh, cionnus do géubhthar a fhios créud shinntear ar an bpíob nó ar an gcláirsigh?

8 Mar an gcéudna má bheir an trompa fuáim neimhchinnte úadh, cía uillmhéochas é fein chum catha?

9 As amhluidh sin sibhse, muna labhartháoi bríathra sothuigsiúnacha tres an dteanguidh, cionnus aithéontar a ní labharthar; oir is fá a naiéur laibhéorus sibh.

10 Atáid, (do réir mar thárrla ann,) a noiread sin do ghnéithibh gothann sa domhan, agus ní bhfuil éunghuth dhíobh gan chéill.

11 Uime sin muna dtuige mé brígh an ghótha, bíáidh mé barbartha ag an tí labhrus, agus bíáidh an tí labhrus barbartha agumsa.

12 As mar sin sibhse, mar an gcéadna, do bhrigh go sanntuigheann sibh *neithe* sbioradálta, iarraidh bárr do bhreith chum follamnuighthe na heagluisi.

13 Uime sinn an tí labhrus a dteanguidhe *choimhthighe* guidheadh sé go madh éidir leis ní éidirmhíniughadh.

14 Oir má ním urnuighe a dteanguidh *choimhthighe*, do ní mo sbiorad urnuighe, gidheadh atá mo thuigsi neamhthoruidheach.

15 Créud eile maseadh? do dheuna mé urnuighe ris an sbioruid, gidheadh do dhéana mé urnuighe ris a tuigsi mar an gcéudna: do dhéuna mé céol ris an sbioruid, achd fós do dhéuna mé céol ris an tuigse.

16 Nó má bheir tú buidheachas ris an spioruid, cionnus a déuruidh an tí atá a náit an túata Amén ré breith bhuidheachais duiti, agus nach feas dó créud a deir tú?

17 Oir go deimhin as maith bheireas tusa buidheachas, gidheadh ní fhaghann neach eile a fhollamnughadh.

18 Beirim a bhuidhe rém Dhía, gur mó labhruim do theangthuibh ná sibh uile.

19 Gidheadh do bfearr leam cúig focail maille rém thuigsi do labhairt sa neagluis, chum daóineadh eile do theaguisg mar an gcéudna, na deich míle focal a dteanguidh *choimhthighe*.

20 A dhearbhráithreacha, na bighidh bhur leanbuibh a dtuigsi: achd a dtáobh dhrochmhéine bighidh bhur leanbuibh, gidheadh a dtúigse bighidh fairfe.

with tongues, what shall I profit you, except I shall speak to you either by revelation, or by knowledge, or by prophesying, or by doctrine?

7 And even things without life giving sound, whether pipe or harp, except they give a distinction in the sounds, how shall it be known what is piped or harped?

8 For if the trumpet give an uncertain sound, who shall prepare himself to the battle?

9 So likewise ye, except ye utter by the tongue words easy to be understood, how shall it be known what is spoken? for ye shall speak into the air.

10 There are, it may be, so many kinds of voices in the world, and none of them is without signification.

11 Therefore if I know not the meaning of the voice, I shall be unto him that speaketh a barbarian, and he that speaketh shall be a barbarian unto me.

12 Even so ye, forasmuch as ye are zealous of spiritual gifts, seek that ye may excel to the edifying of the church.

13 Wherefore let him that speaketh in an unknown tongue pray that he may interpret.

14 For if I pray in an unknown tongue, my spirit prayeth, but my understanding is unfruitful.

15 What is it then? I will pray with the spirit, and I will pray with the understanding also: I will sing with the spirit, and I will sing with the understanding also.

16 Else when thou shalt bless with the spirit, how shall he that occupieth the room of the unlearned say Amen at thy giving of thanks, seeing he understandeth not what thou sayest?

17 For thou verily givest thanks well, but the other is not edified.

18 I thank my God, I speak with tongues more than ye all:

19 Yet in the church I had rather speak five words with my understanding, that by my voice I might teach others also, than ten thousand words in an unknown tongue.

20 Brethren, be not children in understanding: howbeit in malice be ye children, but in understanding be men.

21 Atá sgríobhtha sa reachd, Laibhéora mé ris an bpobalsa a dteangthuibh agus a núrlabhra eile; agus mar sin fós ní chluinfid mé, a deir an Tighearna.

22 Uime sin as mar chómhartha atáid na teangtha *coimhthigheacha*, ní don druing chreideas, achd don druing atá air dhíth creidimh: gidheadh ní don druing atá gan chreideamh *fhoghnus* fáidheadóireachd, achd don druing chreideas.

23 Uime sin da gcruinnighe a neagluis uile a gceann a cheile ann éin áit, agus go laibhéoruid uile ré teangthuibh *choimhthigheacha*, agus go dtiucfuid túatadha no *dáoine* ar dhíth creidimh a sdeach, a né nach aibéoruid síad go bhfuil sibh air buile?

24 Gidheadh dá rabhuid uile ag fáidheadóireachd, agus duine gan chreideamh, nó túata do theachd a sdeach, sbreagthar úatha uile é, agus do níd uile breitheamhnus air:

25 Agus mar sin foillsighthear neithe folaigheacha a chroidhe; agus amhluidh sin ar dtuitim ar a aghaidh dhó do bhéura sé onóir do Dhía, ag foillsiughadh go bhfuil Día eadruibhse go fírinneach.

26 Maseadh créd é sin, a dhearbhráithreacha? ar dteachd a gceann a cheile dhíbh, atá salm, atá teagusg, atá teanguidh, atá foillsiughadh, atá míniughadh ag gach duine agaibh. Déuntar na huile neithe chum follamnuighthe.

27 Dá labhruidh áonduine a dteanguidh *choimhthighe*, *labhradh* días, no tríur an chuid is mó dhe, agus *sin* a ndiáigh a chéile; agus déunadh áon éidirmhíniughadh.

28 Achd muna mbiáidh fear éidirmhínighthe ann, bíodh sé na thochd sa neagluis; agus labhradh ris féin, agus ré Día.

29 Agus labhradh días nó tríur do na faidhibh, agus déunadh an chuid eile breitheamhnus.

30 Achd má ghéibh *faidh* eile shuidheas na naice, taisbéunadh bíodh an céudduine na thochd.

31 Oír is féidir libh uile fó leith fáidheadóireachd do dhéunamh chum foghlama, agus comhfhurtachda dfagháil díbh uile.

32 Agus atáid Sbiorada na bhfáidheadh úmhal do na fáidhibh.

33 Oír ní hé Dia *úghdar* na buáidheartha, achd na siothchana, mar (as léir) a nuile eagluisibh na náomh.

34 Bíodh bhur mná na dtocd sna heagluisibh: oír ní ceaduigheach dhóibh labhairt; achd a bheith úmhal, amhuil a deir an reachd mar an gcéudna.

35 Agus dá raibh fonn éinneithe dfoghluim orrtha, fiafruighidís a stigh dha bhfearaibh é: oír as nár do mhnaói labhairt sa neagluis.

21 In the law it is written, With men of other tongues and other lips will I speak unto this people; and yet for all that will they not hear me, saith the Lord.

22 Wherefore tongues are for a sign, not to them that believe, but to them that believe not: but prophesying serveth not for them that believe not, but for them which believe.

23 If therefore the whole church be come together into one place, and all speak with tongues, and there come in those that are unlearned, or unbelievers, will they not say that ye are mad?

24 But if all prophesy, and there come in one that believeth not, or one unlearned, he is convinced of all, he is judged of all:

25 And thus are the secrets of his heart made manifest; and so falling down on his face he will worship God, and report that God is in you of a truth.

26 How is it then, brethren? when ye come together, every one of you hath a psalm, hath a doctrine, hath a tongue, hath a revelation, hath an interpretation. Let all things be done unto edifying.

27 If any man speak in an unknown tongue, let it be by two, or at the most by three, and that by course; and let one interpret.

28 But if there be no interpreter, let him keep silence in the church; and let him speak to himself, and to God.

29 Let the prophets speak two or three, and let the other judge.

30 If any thing be revealed to another that sitteth by, let the first hold his peace.

31 For ye may all prophesy one by one, that all may learn, and all may be comforted.

32 And the spirits of the prophets are subject to the prophets.

33 For God is not the author of confusion, but of peace, as in all churches of the saints.

34 Let your women keep silence in the churches: for it is not permitted unto them to speak; but they are commanded to be under obedience, as also saith the law.

35 And if they will learn any thing, let them ask

36 Aneadh? an úaibhse tháinic bríathar Dé? no an chugaibhse amháin ráinic sí?

37 Más dóigh ré héinneach gur fáidh, nó *duine* sbioradálta é féin, bíodh a fhios aige na neithe sgríobhuimse chuguibh gur ab íad aitheanta an Tighearna íad.

38 Achd an tí atá ainbhfeasach, bíodh ainbhfeasach.

39 Uime sin, a dhearbhráithre, bíodh ro fhonn oruibh fáidheadoireachd do dhéunamh, agus ná cuiridh toirmeasg fá labhairt ré teangthuibh.

40 Déuntar na huile neithe go deagmhaiseach agus do réir orduighe.

Caibidil 15

Dearbhadh na heiseirghe, 35 agus samhul na ccorp do bhias ag na dáoinibh.

1 Tuilleadh eile, a dhearbhráithre, atáim ag foillsiughadh an tsoisgéil díbh noch do sheanmóir mé dhíbh *cheana*, noch do ghabhabhair chugaibh, agus ann a seasbhui ghe mar an gcéudna;

2 Agus tré a slánaighthear sibh fós, dá gcongmuidh sibh an bhríathar ionar sheanmóir mé dhíbh é, munar chreideabhair go diomhaóin.

3 Oír tug mé dhíbh ar tús an ní fuáir me mar an gcéadna, eadhon go bhfuáir Críós bás ar son ar bpeacaidhne do réir na sgríobtúr;

4 Agus gur hadhlaiceadh é, agus gur éiridh sé an treas lá do réir na sgríobtúr:

5 Agus do bhfacas é ré Céphas, agus na dhiáigh sin ris an dá fhear dhéug:

6 Ná dhiáigh sin, fuáir ós cionn chuig céud dearbhráthair radharc air a naóinfheachd; agá bhfuil a lán díobh na mbeathaidh gus a nois, agus dream eile na gcodladh.

7 Ná dhiáigh sin, do chonnairc Séumus é; a rís na habsduile uile

8 Agus na ndiáigh uile do chonnairc misi féin é, mar neach rugadh a nanam.

9 Oír as mé as lúgha do na habsdaluibh, agus ní fíu mé absdal do ghairm dhíom, do bhrígh go ráibh mé ag géirleanmhuin Eagluisi Dé.

10 Achd tré ghrás Dé atáim mar atáim: agus ní raibh a ghrásasan *do tiodhlaiceadh* dhamh gan bhrígh; oír is mó an saothar do rinne mé ná iadsan uile: biodh nach misi fós, achd grás Dé maile riom.

11 Uime sin gíodh bé *dhínn* misi nó iadsan, as amhluidh so do nímíd seanmóir, agus as amhluidh so do chreideabhairsi.

12 Agus má nithear Críós a sheanmóir gur éiridh sé ó mharbhuibh, cionnus a deir cuid aguibhse nach bhfuil éiseirghe na marbh ann?

their husbands at home: for it is a shame for women to speak in the church.

36 What? came the word of God out from you? or came it unto you only?

37 If any man think himself to be a prophet, or spiritual, let him acknowledge that the things that I write unto you are the commandments of the Lord.

38 But if any man be ignorant, let him be ignorant.

39 Wherefore, brethren, covet to prophesy, and forbid not to speak with tongues.

40 Let all things be done decently and in order.

Chapter 15

1 Moreover, brethren, I declare unto you the gospel which I preached unto you, which also ye have received, and wherein ye stand;

2 By which also ye are saved, if ye keep in memory what I preached unto you, unless ye have believed in vain.

3 For I delivered unto you first of all that which I also received, how that Christ died for our sins according to the scriptures;

4 And that he was buried, and that he rose again the third day according to the scriptures:

5 And that he was seen of Cephas, then of the twelve:

6 After that, he was seen of above five hundred brethren at once; of whom the greater part remain unto this present, but some are fallen asleep.

7 After that, he was seen of James; then of all the apostles.

8 And last of all he was seen of me also, as of one born out of due time.

9 For I am the least of the apostles, that am not meet to be called an apostle, because I persecuted the church of God.

10 But by the grace of God I am what I am: and his grace which was bestowed upon me was not in vain; but I laboured more abundantly than they all: yet not I, but the grace of God which was with me.

13 Till we all come in the unity of the faith, and of the knowledge of the Son of God, unto a perfect man, unto the measure of the stature of the fulness of Christ:

14 That we *henceforth* be no more children, tossed to and fro, and carried about with every wind of doctrine, by the sleight of men, and cunning craftiness, whereby they lie in wait to deceive;

15 But speaking the truth in love, may grow up into him in all things, which is the head, *even* Christ:

16 From whom the whole body fitly joined together and compacted by that which every joint supplieth, according to the effectual working in the measure of every part, maketh increase of the body unto the edifying of itself in love.

17 This I say therefore, and testify in the Lord, that ye henceforth walk not as other Gentiles walk, in the vanity of their mind,

18 Having the understanding darkened, being alienated from the life of God through the ignorance that is in them, because of the blindness of their heart:

19 Who being past feeling have given themselves over unto lasciviousness, to work all uncleanness with greediness.

20 But ye have not so learned Christ;

21 If so be that ye have heard him, and have been taught by him, as the truth is in Jesus:

22 That ye put off concerning the former conversation the old man, which is corrupt according to the deceitful lusts;

23 And be renewed in the spirit of your mind;

24 And that ye put on the new man, which after God is created in righteousness and true holiness.

25 Wherefore putting away lying, speak every

25 Uime sin ar ndealughadh ris an mbréig dháobh, lábhradh gach áon aguibh a nfrinne ré ná chomharsuin: óir as buill dá chéile sinn.

26 Bíodh fearg oruibh, gidheadh ná déunuidh peacadh: ná maireadh bhur bhfearg go dul na gréine fáoi:

27 Agus ná tuguidh áit do diábhal.

28 An tí do rinne goid ná gadadh ní sá mhó: achd go madh luáithe dheánas sé sáothar, ag oibriughadh maitheasa ré na lámhuibh féin, ionnus go mbíadh ní aige ré thabhairt don tí air bhfuil ríachdanus.

29 Ná tigeadh bríathar ar bith thruáillighe amach as bhur mbéul, achd gidh bé bríathar fhoghnas chum follamnuighthe, ionnus go dtíubhradh grása don luchd éisdeacha.

30 Agus ná cuiridh doilgheas ar Sbioruid náomtha Dé, lér cuireadh séula oruibh go lá an fhúasgluighthe.

31 Bíodh gach uile shearbhus, agus gach aingidheachd, agus gach fearg, agus gach gárrtha, agus gach ithiomradh, ar ná thogbháil uáibh, maille ris a nuile olc:

32 Bighidh sochroidhtheach, trócaireach dhá chéile, ag tabhairt maitheamhnus uáibh, amhuil tug Día mar an gcéudna maitheamhnus dáobhse a Gcríod.

Caibidil 5

Go bhfuil Iosa inleanmhuinne, a ngrádh agus a nglan dleasdanas do gach neach; 25 agus an pósadh na scathan ar cheangal agus ionnanus Chríod ré na eagluise.

1 Uime sin bighidhse bhur luchd leanmhana Dé, mar chloinn ghrádhuih;

2 Agus siúbhluidh a ngrádh, amhuil do ghrádhuih Críod sinne, agus tug sé é féin air ar son a ofráil agus na iodhbairt dheagbhaluidh do Dhía.

3 Gidheadh sdrióbachas, nó neamhghloine ar bith, nó sáinnt, ná hainmnighthe ar amháin bhar measg iad, mar as iomchubhaidh do náomhuibh;

4 Ná gáirreamlachd, ná comhrádh báoth, ná cnáid chainte, noch is neithe neamhchubhaidh: achd go madh fearr libh breith bhuidheachais.

5 Oír atá a fhios so aguibh, nach bhfuil oighreachd a ríoghachd Chríod agus Dé, ag sdríopuidh ar bith, aig neach neamhghlan, ná ag duine sanntach, noch as fear íodhaladhruigh,

6 Ná mealladh éainneach sibh ré bríathruibh diomháoineacha: óir tug fearg Dé ar son na neitheansa ar chloinn na heasúmlachda.

7 Uime sin ná bíghídh na gcumann.

man truth with his neighbour: for we are members one of another.

26 Be ye angry, and sin not: let not the sun go down upon your wrath:

27 Neither give place to the devil.

28 Let him that stole steal no more: but rather let him labour, working with *his* hands the thing which is good, that he may have to give to him that needeth.

29 Let no corrupt communication proceed out of your mouth, but that which is good to the use of edifying, that it may minister grace unto the hearers.

30 And grieve not the holy Spirit of God, whereby ye are sealed unto the day of redemption.

31 Let all bitterness, and wrath, and anger, and clamour, and evil speaking, be put away from you, with all malice:

32 And be ye kind one to another, tenderhearted, forgiving one another, even as God for Christ's sake hath forgiven you.

Chapter 5

1 Be ye therefore followers of God, as dear children;

2 And walk in love, as Christ also hath loved us, and hath given himself for us an offering and a sacrifice to God for a sweetsmelling savour.

3 But fornication, and all uncleanness, or covetousness, let it not be once named among you, as becometh saints;

4 Neither filthiness, nor foolish talking, nor jesting, which are not convenient: but rather giving of thanks.

5 For this ye know, that no whoremonger, nor unclean person, nor covetous man, who is an idolater, hath any inheritance in the kingdom of Christ and of God.

6 Let no man deceive you with vain words: for because of these things cometh the wrath of God upon the children of disobedience.

7 Be not ye therefore partakers with them.

8 Oír do bhábhair ar uáiribh bhar ndorchadus, achd a nois bhár solas sa Dtíghearna: siubhluidh mar chloinn an tsolais.

9 (Oír atá toradh na Sbioruide sa nuile mhaith agus fhíreuntachd agus fhírinne;

10 Ar mbeith dháoiibh ag dearbhadh créd é an ní iona mbí deagthoil an Tíghearna.

11 Agus ná bíodh cumann aguibh ré hoibrighibh neamhtharbhacha an dorchaduis, achd go madh luáithe ríbh dhá lochdughadh.

12 Oír as gráineamhuil ré a ninnisin amháin na neithe do níd síad ós íseal.

13 Gidheadh bíd na huile neithe follas ar mbeith dhóibh diomolta ón tsolas: oír a sé an solas do ní gach ní foillsighe.

14 Uime sin a deir sé, Músguil a dhuine atá ad chodladh, agus éirigh ó na mharbhuibh, agus do bhéura Críosa solas duit.

15 Uime sin tábhruidh dá bhur náire cionnas do thiucfadh ribh siúbhal go haireach: ní mar dhruing gan eagna, achd mar dhruing eagnuidhe,

16 Ag fúasgladh na haimsire do bhrígh go bhfuilid na laethe go hól.

17 Uime sin na bíghidh neamhghlic, achd tuigidh créd í toil an Tíghearna.

18 Agus ná bíghidh ar meisge ó fhíon, iona bhfuil cráos; achd bíghidh ar bhur líonadh don Sbioruid;

19 Ag lábhairt ré chéile a salmuibh agus a bhfonnuibh diagma, agus a gcaintighibh sbioradálta, ag seinm agus ag déunamh ceoil do Tíghearna ann bhur geróidhthibh.

20 Ag breith bhuídheachais do shíor ré Día agus an Tathair, a nainm ar Dtíghearna Iósa Críosa, ar son na nuile neitheann;

21 Ag déunamh úmlachda dhá chéile a neagla Dé.

22 A mhná, bíghidh úmhal dá bhur bhfearuibh féin, amhuil *do bhíadh sibh* don Tíghearna.

23 Ar a nadhbharsin gur ab é an fear ceann na mná, amhuil a sé Críosa ceann na heagluise: agus is é slánaightheóir na cuirpé.

24 Uime sin amhuil atá a neagluis úmhal do Chríosa, go madh hamhluidh sin *bhías* na mná dá bhfearuibh féin a ngach éinní.

25 A fhiora, bíodh grádh aguibh dá bhur mnáibh, mar do ghrádhugh Críosa a neagluis, agus tug sé é féin air a son;

26 Ionnis go ndéanadh náomhtha í ar na glanadh dhó a nighe uisge tréas an mbréithir,

27 Chum a déunta dhó féin na heagluis ghlórmhuir, gan cháidhe, gan chasadh, ná ní as cosmhuil ríu sin; achd ionnis go mbiadh sí náomhtha neimhchionntach.

28 As amhluidh sin as cóir do na fearuibh a mná do ghradhughadh mar a gcorpuibh féin. An tí ghrádhugheas a bhean a sé féin ghrádhugheas sé.

8 For ye were sometimes darkness, but now *are ye* light in the Lord: walk as children of light:

9 (For the fruit of the Spirit *is* in all goodness and righteousness and truth;)

10 Proving what is acceptable unto the Lord.

11 And have no fellowship with the unfruitful works of darkness, but rather reprove *them*.

12 For it is a shame even to speak of those things which are done of them in secret.

13 But all things that are reprov'd are made manifest by the light: for whatsoever doth make manifest is light.

14 Wherefore he saith, Awake thou that sleepest, and arise from the dead, and Christ shall give thee light.

15 See then that ye walk circumspectly, not as fools, but as wise,

16 Redeeming the time, because the days are evil.

17 Wherefore be ye not unwise, but understanding what the will of the Lord *is*.

18 And be not drunk with wine, wherein is excess; but be filled with the Spirit;

19 Speaking to yourselves in psalms and hymns and spiritual songs, singing and making melody in your heart to the Lord;

20 Giving thanks always for all things unto God and the Father in the name of our Lord Jesus Christ;

21 Submitting yourselves one to another in the fear of God.

22 Wives, submit yourselves unto your own husbands, as unto the Lord.

23 For the husband is the head of the wife, even as Christ is the head of the church: and he is the saviour of the body.

24 Therefore as the church is subject unto Christ, so *let* the wives *be* to their own husbands in every thing.

25 Husbands, love your wives, even as Christ also loved the church, and gave himself for it;

26 That he might sanctify and cleanse it with the washing of water by the word,

27 That he might present it to himself a glorious church, not having spot, or wrinkle, or any such thing; but that it should be holy and without blemish.

28 So ought men to love their wives as their own bodies. He that loveth his wife loveth himself.

29 Oír ní thug éunduine ríamh fós fúath dhá fheoil féin; achd do bheir beatha agus clúdhadh dhi, do réir mar do bheir an Tighearna don neagluis.

30 Oír as buill dá chorpsan sinne, dá fheoil, agus dá chnámhuibh.

31 Dá bhrígh so fúigfidh duine a athair agus a mhathair, agus bíaidh sé ceanguilte dhá mhnáoi, agus béid a ráon na náoin fheoil.

32 As seicréid mhór so: achd as air Chríod agus a neagluis lábhruimse.

33 Uime sin gráidheadh gach áon aguibh a bhean mar é féin; achd go mbíadh an bhean eaglach riomh an bhféar.

29 For no man ever yet hated his own flesh; but nourisheth and cherisheth it, even as the Lord the church:

30 For we are members of his body, of his flesh, and of his bones.

31 For this cause shall a man leave his father and mother, and shall be joined unto his wife, and they two shall be one flesh.

32 This is a great mystery: but I speak concerning Christ and the church.

33 Nevertheless let every one of you in particular so love his wife even as himself; and the wife see that she reverence *her* husband.

Caibidil 6

Ríaghlaighte *tigheadhais.* 10 Agus
náomhairm *chothuighthe na beatha*
cogthachsa.

Chapter 6

1 A chlann, bíghidh úmhal dá bhur naithribh agus da bhur maithribh sa Dtighearna: oír as cóir so.

2 Tabhair onóir dod athair agus dod mhathair; (noch as é an chéud áithne maille ré geallamhuin;)

3 Ionnis go mbíadh rath ort, agus go mbíadh fad-sáoghail agad ar an dtalamh.

4 Agus, a aithreacha, ná brosdúighe bhur gclann chum feirge: achd tógbhuidh súas iad a dteagusg agus a bhfoirtheadal an Tíghearna.

5 A shearbhfoghantuighidh, bíghidh úmhal dá *bhur* maighisdríbh do réir na féola, maille ré faitcheas agus ré criothnughadh, a bhfíorghloine bhur geroidheadh, amhuil *do bhíadh sibh*, do Chríod;

6 Ní ag déunamh seirbhíse don tsúil, mar an luchd do ní toil na ndáoine; achd mar shearbhfoghantuighibh Chríod, ag déunamh toil Dé ó chróidhe;

7 Maille ré deaghtoil ag déunamh seirbhíse, amhuil do Tíghearna, agus ní do dháoinibh:

8 Ar mbéith a fheasa aguibh gidh bé maith do dhéunas gach áon, go bhfuighe sé a lúaidheachd ón Dtighearna, más dáor nó sáor é.

9 Agus, a mhaighisdrí, déunuidhse na neithe céudna dhóibhsion, ag cur bagair ar gcúl: ar mbeith a fheasa aguibh go bhfuil bhur Maighisdir féin air neamh mar an gcéudna; agus nach bhfuil féuchuin do phearsuinn seach a chéile aige.

10 Fá dheóigh, a dhearbhráithreacha, bíghidh neartmhar sa Dtighearna, agus a gcúmhadh a neirtsion.

1 Children, obey your parents in the Lord: for this is right.

2 Honour thy father and mother; (which is the first commandment with promise;)

3 That it may be well with thee, and thou mayest live long on the earth.

4 And, ye fathers, provoke not your children to wrath: but bring them up in the nurture and admonition of the Lord.

5 Servants, be obedient to them that are *your* masters according to the flesh, with fear and trembling, in singleness of your heart, as unto Christ;

6 Not with eyeservice, as menpleasers; but as the servants of Christ, doing the will of God from the heart;

7 With good will doing service, as to the Lord, and not to men:

8 Knowing that whatsoever good thing any man doeth, the same shall he receive of the Lord, whether *he be* bond or free.

9 And, ye masters, do the same things unto them, forbearing threatening: knowing that your Master also is in heaven; neither is there respect of persons with him.

10 Finally, my brethren, be strong in the Lord, and in the power of his might.

11 Put on the whole armour of God, that ye may be able to stand against the wiles of the devil.

11 Cuiridh iomuibh armáil Dé go huilidhe, ionnus go madh féidir libh seasamh a nadhuigh shlightheadóireachd an Diabhail.

12 Oír ní ré fuil agus ré féoil do níomuid sbáirn, achd ré húachdaranuibh, ré cúmhachduibh, ré prionnsuidhibh an domhuin dhorchaduis an tsáoghailse, ré drochsbiordanuibh, noch atá sna *hionaduibh* árda.

13 Uime sin glacuidh chuguibh armáil Dé go huilidhe, chum go madh-féidir libh cur na nadhuigh a ló an ríachdanuis, agus seasamh ar gcríochnughadh, na nuile neitheann dáoiuibh.

14 Uime sin seasuidh, ar mbeith dá bhur leasrachuibh ar na gcreaslughadh ré firinne, agus ar gcur éidigh uchda na fíreantachda iomuibh;

15 Agus bróga ullmhuighthe shoisgéil na siothchána fá bhur gcosaibh;

16 Agus tar gach uile ní, glacuibh chuguibh, sgiath an chreidimh, tré na dtiucfuidh dhíbh uile gháethe tinntighe na drochsbiordanuibh mhúchadh.

17 Agus gabhuidh chuguibh clogud na sláinte, agus cloidheamh na Sbiordanuibh, eadhon bríathar Dé.

18 Ar mbeith díbh ag úrnuighe do shíor ré gach áoin ghné úrnuighe agus athchuinghe tré an Sbiordáil, agus ag féire sá ní gcéudna maille ré gach uile bhúanas agus ghuidhe ar son na nuile náomh;

19 Agus ar mo shonsa, ionnus go dtiubhartháoi dhamh cumas labhartha, a nosgladh mo bhéil maille ré danachd, chum seiceide an tsoisgéil do fhoillsiughadh dhamh,

20 Dá bhfuilim um theachdaire a ngéibheann: ionnus go ndéanuinn dánachd labhartha as, mar as éigean damh lábhairt.

21 Achd ionnus go mbíadh fios aguibhse air na neithibh bheanas riomsa, agus créid do nim, foillseóchuidh Tichicus, dearbhráthair grádach agus minisdir díleas sa Dúghearna, na huile neithe dhibh:

22 Noch do chur mé chuguibh a dtimchioll a nádhbhairse féin, ionnus go mbíadh fios na neitheann bheanus rinne aguibhse, agus go dtiubhradh cómhfhurtachd dá bhur gcróidhthibh.

23 Siothcháin ris na dearbhráithribh, agus grádach maille ré creideamh, ó Dhía Athar agus ón Dúghearna Iósa Críost.

24 Grása maille ris na huile dháoinibh ghrádhugheas ar Dúghearna Iósa Críost maille ré neamhthruáilleadh. Amén.

12 For we wrestle not against flesh and blood, but against principalities, against powers, against the rulers of the darkness of this world, against spiritual wickedness in high *places*.

13 Wherefore take unto you the whole armour of God, that ye may be able to withstand in the evil day, and having done all, to stand.

14 Stand therefore, having your loins girt about with truth, and having on the breastplate of righteousness;

15 And your feet shod with the preparation of the gospel of peace;

16 Above all, taking the shield of faith, wherewith ye shall be able to quench all the fiery darts of the wicked.

17 And take the helmet of salvation, and the sword of the Spirit, which is the word of God:

18 Praying always with all prayer and supplication in the Spirit, and watching thereunto with all perseverance and supplication for all saints;

19 And for me, that utterance may be given unto me, that I may open my mouth boldly, to make known the mystery of the gospel,

20 For which I am an ambassador in bonds: that therein I may speak boldly, as I ought to speak.

21 But that ye also may know my affairs, and how I do, Tychicus, a beloved brother and faithful minister in the Lord, shall make known to you all things:

22 Whom I have sent unto you for the same purpose, that ye might know our affairs, and *that* he might comfort your hearts.

23 Peace *be* to the brethren, and love with faith, from God the Father and the Lord Jesus Christ.

24 Grace *be* with all them that love our Lord Jesus Christ in sincerity. Amen.

Epistil Phoil absdail chum na Bhfilipianach

The Epistle of Paul to the Philippians

William O'Domhnuill New Testament
of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611
1769 Edition

Caibidil 1

Guidhe arson méudughadh seirce agus sair-eóluis 27 agus impidhe ar bi crúadalach cróidhetrén fa leathtrom.

1 Pol agus Timotéus, searbhfhoghantuighidh Iósa Críosa, chum na nuile náomh a Níosa Críosa nach atá a Bhfilippi, maille ris na heasbhuigh agus ris na deacanuigh:

2 Grasa maille ribh, agus síothcháin, ó Dhía ar Nathair, agus *on* Dtíghearna Iósa Críosa.

3 Beirim buidheachas ré mó Dhía gach uair choimhuighim oruibhse,

4 Ag sírdhéanamh úrnuighe maille ré gáirdeachas um uile ghuidhe ar bhur sonna uile,

5 Do bhrígh bhur gcumuinn ris a tsoisgéul ón gcéud lá gus a nois;

6 Ar mbeith dhamh dearbhtha as an ní céudnasa, *eadhon* an tí do thionnsguin obair mhaith ionnuibh go gcuirfe sé críoch *uirrthe* go lá Iósa Críosa:

7 Már as cóir dhamh an breathnughadhsa do bheith agum oruibh uile, do bhrígh go bhfuil sibh agam um chróidhe; go rabhabhair uile páirteach ré mo ghrása, ré linn mo ghéibheann, agus mo chosanta agus mo dhaingnighthe ar a tsoisgéul.

8 Oír atá Día dfiadhnuise agum, ar mhéud mo dhúile ionnuibh uile ó fhréumhach mo chróidhe a Níosa Críosa.

9 Agus íarruim so dathchuinghe, bhur ngrádhsa do líonadh fós ní sa mhó ná chéile a neólas agus a nuile thuigse;

10 Ionnuis go ndearbhadh sibh na neithe as fearr; as go mbíadh sibh fíorghlan gan tuisleadh ar bith go lá Chríosa;

11 Ar mbeith líonta do thórrthuibh fíréuntachda, noch tré Iósa Críosa, *lionus* chum glóire agus molta Dé.

12 Agus as mían riom a fhios do bheith aguibh, a dhearbhráithre, na neithe *thárrlá* dhamh gur éiridh ríu barr oirdhearcuis do chur ar a tsoisgéul;

13 Ionnuis go bhfuilid mo chuibhrighthese ar son Chríosa óirdheirc ar feadh an Phálais uile, agus sna huile *áitibh* eile;

Chapter 1

1 Paul and Timotheus, the servants of Jesus Christ, to all the saints in Christ Jesus which are at Philippi, with the bishops and deacons:

2 Grace *be* unto you, and peace, from God our Father, and *from* the Lord Jesus Christ.

3 I thank my God upon every remembrance of you,

4 Always in every prayer of mine for you all making request with joy,

5 For your fellowship in the gospel from the first day until now;

6 Being confident of this very thing, that he which hath begun a good work in you will perform *it* until the day of Jesus Christ:

7 Even as it is meet for me to think this of you all, because I have you in my heart; inasmuch as both in my bonds, and in the defence and confirmation of the gospel, ye all are partakers of my grace.

8 For God is my record, how greatly I long after you all in the bowels of Jesus Christ.

9 And this I pray, that your love may abound yet more and more in knowledge and *in* all judgment;

10 That ye may approve things that are excellent; that ye may be sincere and without offence till the day of Christ;

11 Being filled with the fruits of righteousness, which are by Jesus Christ, unto the glory and praise of God.

12 But I would ye should understand, brethren, that the things *which happened* unto me have fallen out rather unto the furtherance of the gospel;

13 So that my bonds in Christ are manifest in all the palace, and in all other *places*;

14 Ionnis gur móide dánachd na coda as mó do na dearbhraithribh sa Dtíghearna, chum na bréithré do labhairt go neimheaglach, an mheisneach do ghabhadar chuca as mo chuibhrighthibhse.

15 Do ní dream áirighe go dhearbhta Críod do sheanmórughadh tré thnúth agus tre chonsbóid; agus dream eile tré dheagthoil:

16 Do ní dream aca Críod do sheanmórughadh trés chonsbóid, ní ó inntinn ghloin, ag saóilsin dóibh go gcuirfid tuilleadh buáidheartha a gceann na gcuibhreach atá oramsa:

17 Achd dreim eile ó ghrádh, ar mbeith a fheasa aca, go bhfuilimse ar mo chur chum féasda ar son an tsoisgél.

18 Créd eile máseadh? atá Críod fós dá sheanmórughadh ar gach éunchor, más a riochd *fírinne* nó fós a bhfírinne féin; agus do nímse dhá bhrígh so gáirdeachas, agus fós, do dhéunad gáirdeachas.

19 Oír atá a fhios agum go rachuid so chum slánuighthe dhamh tré bhur núrnúighthese, agus tré chungnadh iomlán Sbioruide Iósa Críod,

20 Do réir mar atá mo shúil agus mo mhuinighin go géur ris, nách ccuirfhear adhnáire oram a náoin ní, achd maille ré gach uile dhóthchas, amhuil *do tharrla dhamh* a ríamh, go náirdeochar Críod a nois mar an gcéudna um chorp, más tré bheatha, nó tré bhás é.

21 Oír as éudáil damhsa Críod, más beatha no bás damh.

22 Agus dá *dteagmhuigh dhamh* bheith beó sa gcoluinn, *biáidh sé* tarbhach dhamh: agus créd do bhéuruinn do roghain ní eadair mé.

23 Oír atáim a gcúmghach ar gach táobh, ar mbeith dhamh fonnmhar ar bheith fá réir, agus ar bheith a bhfochair Chríod; óir ní bhfuil ann ní as fear ná sin:

24 Gidheadh as riachdanuigh dhibhsé mé fhuireach sa gcoluinn.

25 Agus atá a fhios dearbhtha so agum go bhfanfad agus go ndéunad comhnuidhe bhur bhfochairse uile, chum sibhse chur ar bhur nadhuigh, agus chum gáirdeachais créidimh;

26 Ionnis go líonfadh bhur luathgháirse a Níosa Críod dom tháobhsa ó bheith dhamh a rís a láthair agaibh.

27 Amháin iomchruidh sibh féin go cubhaidh do shoisgél Chríod: ionnas dá dtigidh mé agus go bhfaicfeadh sibh, nó dá raibh mé uáibh, go bhfuighead sgéula oruibh, go bhfuilte ag fuireach a náoin Sbioruid, agus ag cur lé chéile déininntinn a gcreideamh an tsoisgél;

28 Agus ná bíodh eagla na druinge chuireas bhur nadhuigh oruibh a gcáil ar bith: noch is

14 And many of the brethren in the Lord, waxing confident by my bonds, are much more bold to speak the word without fear.

15 Some indeed preach Christ even of envy and strife; and some also of good will:

16 The one preach Christ of contention, not sincerely, supposing to add affliction to my bonds:

17 But the other of love, knowing that I am set for the defence of the gospel.

18 What then? notwithstanding, every way, whether in pretence, or in truth, Christ is preached; and I therein do rejoice, yea, and will rejoice.

19 For I know that this shall turn to my salvation through your prayer, and the supply of the Spirit of Jesus Christ,

20 According to my earnest expectation and *my* hope, that in nothing I shall be ashamed, but *that* with all boldness, as always, so now also Christ shall be magnified in my body, whether *it be* by life, or by death.

21 For to me to live is Christ, and to die is gain.

22 But if I live in the flesh, this is the fruit of my labour: yet what I shall choose I wot not.

23 For I am in a strait betwixt two, having a desire to depart, and to be with Christ; which is far better:

24 Nevertheless to abide in the flesh is more needful for you.

25 And having this confidence, I know that I shall abide and continue with you all for your furtherance and joy of faith;

26 That your rejoicing may be more abundant in Jesus Christ for me by my coming to you again.

27 Only let your conversation be as it becometh the gospel of Christ: that whether I come and see you, or else be absent, I may hear of your affairs, that ye stand fast in one spirit, with one mind striving together for the faith of the gospel;

28 And in nothing terrified by your adversaries: which is to them an evident token

comhartha sgriosda dhóibhsion, achd sláinte dhíbhse, agus sin ó Dhía.

29 Oír tugadh dhíbhse a naisgidh ar son Chríod, ní hé amháin creideamh dhíbh ann, achd mar an gcéudna fulang ar a shon;

30 Ar mbeith do chómhrac chéudna aguibhse noch do chonncabhair ionnamsa, agus a nois do chluintí bheith ionnam.

Caibidil 2

Impidhe chum ionnanus, 8 umhlachd; 12 agus slainte an anam do shaóthruhadh le dithchioll.

1 Uime sin mar atá cómhfhurtachd ar bith a Gcríod, má atá sólas ar bith grádha, má atá cumann ar bith Sbioruide, má atá truáighe ar bith nó trócaire,

2 Coimhlíonuidh mo gháirdeachasa, ré bheith díbh déinntinn, dáonghrádh, déuntoil, agus déinbheitheamhnas.

3 Gan éinni tré chonnsbóid ná tré ghlóir dhíomháoin; achd a númhlachd inntinne measadh gach áon gur fearr neach eile na é féin.

4 Nár ab íad na neithe bheanais ris féin bhéuras gach áon dá aire, achd gach áon na neithe fós bheanas ré dáoinibh eile.

5 Uime sin bíodh a ninntinn chéudna ionnuibh, noch do bhí fós a Níosa Críod:

6 Noch, ar mbeith dhó a bhfoirm Dé, nár mheas sé na shlad bheith dhó coimhionnun ré Día:

7 Achd do chuir sé é féin a neamhshúim, ar ndul dó a riochd shearbhfoghantúighe, ar na dhéunamh cosmhail ré dáoinibh:

8 Agus ar na fhagháil a bhfioghair mar dhuine, do ísligh sé é féin, ar mbeith dhó ar ná dhéunamh úmhal gus an mbás eádhon bás na croiche.

9 Ar a nadhbarsin do árduigh Día é go ro árd mar an gcéudna, agus tug sé ainm dhó ós cionn gach uile anma:

10 Ionnus go ccromthadh gach uile ghlún dainm Iósa, eadhon glúine na neitheann atá ar neamh, agus ar talamh, agus fáoi an dtalamh;

11 Agus go naidmheóchadh gach uile theanguidh gur ab é Iósa Críod an Tíghearna, chum glóire Dé Athar.

12 Uime sin, a cháirde, amhuil tug sibh úmhlachd uáibh a gcomhnuidhe, ní hé amháin dom láthairse, achd a nois go mórmhór ar mbeith dhamh bhur bhféugmhuis, sáothruighe bhur slánughadh féin maille ré faitchéas agus ré criothnughadh.

13 Oír a sé Día oibrigheas ionnuibh an toil agus an gníomh do réir a dheagthola.

of perdition, but to you of salvation, and that of God.

29 For unto you it is given in the behalf of Christ, not only to believe on him, but also to suffer for his sake;

30 Having the same conflict which ye saw in me, and now hear to be in me.

Chapter 2

1 If there be therefore any consolation in Christ, if any comfort of love, if any fellowship of the Spirit, if any bowels and mercies,

2 Fulfil ye my joy, that ye be likeminded, having the same love, being of one accord, of one mind.

3 Let nothing be done through strife or vainglory; but in lowliness of mind let each esteem other better than themselves.

4 Look not every man on his own things, but every man also on the things of others.

5 Let this mind be in you, which was also in Christ Jesus:

6 Who, being in the form of God, thought it not robbery to be equal with God:

7 But made himself of no reputation, and took upon him the form of a servant, and was made in the likeness of men:

8 And being found in fashion as a man, he humbled himself, and became obedient unto death, even the death of the cross.

9 Wherefore God also hath highly exalted him, and given him a name which is above every name:

10 That at the name of Jesus every knee should bow, of things in heaven, and things in earth, and things under the earth;

11 And that every tongue should confess that Jesus Christ is Lord, to the glory of God the Father.

12 Wherefore, my beloved, as ye have always obeyed, not as in my presence only, but now much more in my absence, work out your own salvation with fear and trembling.

13 For it is God which worketh in you both to will and to do of his good pleasure.

14 Déunuidh na huile neithe gan mhonbhar agus gan challóid:

15 Ionnis go mbiáidh sibh neimhchiontach agus neamhurchóideach, bhur gcloinn neamhlochduigh ag DÍA, a meas dhroichchinidh chrosda, eidir a bhfuil sibh ag deallrughadh mar lóchrannuibh soilse sa tsáoghal;

16 Ag síneadh bhréithre na beatha uáibh amach; ionnis go dtiucfadh dhíomsa mórdháil do dhéunamh a ló Chríod, nár riath mé go díomháoin, agus nár sháothruidh mé go díomháoin.

17 Achd fós, bíodh go bhfuilim dom íodhbairt ar muin íodhbhartha agus sheirbhíse bhur greidimhse, atá lúathgháir oram, agus gáirdeachas má ráon libhse uile.

18 Ar son a nadhbhair chéudna déanuighse fós lúathgháir, agus gáirdeachas má ráon riomsa.

19 Agus atá muinighin agum sa Dtíghearna Iósa ré Timoteus do chur chuguibh go haithghearr, ionnis go mbéinn deighmheisnigh, ar bhfagháil fheasa créud as cor dhíbhse.

20 Oír ní bhfuil a shamhuil agum ar fheabus a inntinne, noch ar a mbiadh cúram na neitheann bheanas ribhse go dúthrachdach.

21 Oír síad na neithe bheanas ríu féin iarruid na huile, agus ní híaid na neithe bheanas ré Híosa Críod.

22 Achd atá fios a dhearbthachdsan aguibhse, eadhon go ndearna sé miniosdrálachd um fhochairse sa tsoisgéul, amhuil do dhéunadh mac a bhfochair a athar.

23 Uime sin atá súil agum ris a bhfeansa do chur *chuguibh*, cómhluath agus bhías a fhios agus créud bhus cor dhamh féin.

24 Agus atá muinighin agum sa Dtíghearna go dtiucfuidh mé féin mar an gcéudna chuguibh go haithghearr.

25 Gidheadh do mheas mé gur riachdanach mo dhearbhráthair Epaphroditus, do chur chuguibh, mo chomhoibrighe, agus mo choimhfhíor coguidh, agus bhur dteachdairese, agus an tí do fhóir oram a nám mo riachdanuis.

26 Oír do bhí fonn a chróidhe ionnuibhse uile, agus do líonadh é do thuirse, tré na chlos dáobhse go raibh sé lag.

27 Agus go deimhin do bhí sé lag a bhfogus don bhás: gidheadh do rinne DÍA trócaire air; agus ní hair amháin, achd oramsa mar an gcéudna, ionnis nach bíadh doilgheas ar muin doilghis oram.

28 Uime sin bá moide mo dhúthrachd fá na chur chuguibh, ionnis ar na fhaicsin a rís daóibh, go ngéubha gáirdeachas sibh, agus go madh lúghaide mo dhoilgheassa é.

14 Do all things without murmurings and disputings:

15 That ye may be blameless and harmless, the sons of God, without rebuke, in the midst of a crooked and perverse nation, among whom ye shine as lights in the world;

16 Holding forth the word of life; that I may rejoice in the day of Christ, that I have not run in vain, neither laboured in vain.

17 Yea, and if I be offered upon the sacrifice and service of your faith, I joy, and rejoice with you all.

18 For the same cause also do ye joy, and rejoice with me.

19 But I trust in the Lord Jesus to send Timotheus shortly unto you, that I also may be of good comfort, when I know your state.

20 For I have no man likeminded, who will naturally care for your state.

21 For all seek their own, not the things which are Jesus Christ's.

22 But ye know the proof of him, that, as a son with the father, he hath served with me in the gospel.

23 Him therefore I hope to send presently, so soon as I shall see how it will go with me.

24 But I trust in the Lord that I also myself shall come shortly.

25 Yet I supposed it necessary to send to you Epaphroditus, my brother, and companion in labour, and fellowsoldier, but your messenger, and he that ministered to my wants.

26 For he longed after you all, and was full of heaviness, because that ye had heard that he had been sick.

27 For indeed he was sick nigh unto death: but God had mercy on him; and not on him only, but on me also, lest I should have sorrow upon sorrow.

28 I sent him therefore the more carefully, that, when ye see him again, ye may rejoice, and that I may be the less sorrowful.

29 Ar a nadhbharsin gabhuidh chúguibh é sa Dtighearna maille ris a nuile gháirdeachás; agus bíodh cion mór aguibh ar shamhuilsion:

30 Do bhrígh go dtáinic sé go garr don bhás ar son oibre Chríod, agus nár chuir suim ann a anam, ionnus go gcoimhlíonfadh sé a nuireasbhaidh do bhí oramsa a dtáobh bhur seirbhíse.

Caibidil 3

Bíodh gur choimhed Pól an dlighe tar chách, nior tháobh sé ris; achd mheasadh na dhioghbhail é, agus gach éinní eile arson Chríod do tharbhughadh.

1 Tuilleadh eile, a dhearbhrathre, dénuidh gáirdeachas sa Dtighearna. Go deimhin ní léisg leam na neithe céudna do sgríobhadh chuguibh, agus as ní sabhála dhíbhse é.

2 Coimhéduigh sibh féin ar mhadruighibh, coimhéduigh sibh féin ar dhrochluchd oibre, coimhéduigh sibh féin ar an gcoimhghearradh.

3 Oír as sinne an timchillghearradh, noch do ní seirbhís do Dhía a sbíoruid, agus do ní gáirdeachas a Níosa Críod, agus nach ccuireann ar muinighin sa bhfeoil.

4 Bíodh gur féidir leamsa fós bheith muinighineach as an bhfeoil. Má shaóileann éinneach eile go bhféudann sé muinighin do chur sa bhfeoil, as mó ná sin fhéudaimse:

5 Ar mbeith dhamh timchillghearrtha an tochdmhadh lá, do chineadh Isráel, do threibh Bhenjamin, am Eabhraidhe do na Heabhruighibh, am Fhairísineach, do réir an reachda;

6 Ré hiomad grádha, do rinne mé gérlanmhuin air a neaglus; do réir an cheirt atá sa réachd, do bhí mé neimhchiontach.

7 Achd na neithe do bhí na néudáil agam, do mheas mé gur dhioghbháil iad ar son Chríod.

8 Agus fós go deimhin, measuim gur dioghbháil na huile neithe, ar son éolais ro oirdheirc Iósa Críod mo Thighearna: agár léig mé dhíom na huile neithe ar a shon, agus measuim nach bhfuil ionnta *achd* aóileach, ionnus go ngnodhachuinn Críod,

9 Agus go bhfuighthí annsan mé, gan bheith dom fhiréuntachd féin, *thig* ón reachd agám, achd a nfhiréuntachd *thig* tré chreideamh Chríod, an fhiréuntachd *atá* ó Dhía tré chreideamh:

10 Ionnus go mbíadh aithne agum airsion, agus ar chúmhachd a eiséirghe, agus ar chumann a pheannuide, ar mbeith dhamh dom chur a gcosamhlachd chrotha ré na bhás;

29 Receive him therefore in the Lord with all gladness; and hold such in reputation:

30 Because for the work of Christ he was nigh unto death, not regarding his life, to supply your lack of service toward me.

Chapter 3

1 Finally, my brethren, rejoice in the Lord. To write the same things to you, to me indeed is not grievous, but for you *it is safe*.

2 Beware of dogs, beware of evil workers, beware of the concision.

3 For we are the circumcision, which worship God in the spirit, and rejoice in Christ Jesus, and have no confidence in the flesh.

4 Though I might also have confidence in the flesh. If any other man thinketh that he hath whereof he might trust in the flesh, I more:

5 Circumcised the eighth day, of the stock of Israel, of the tribe of Benjamin, an Hebrew of the Hebrews; as touching the law, a Pharisee;

6 Concerning zeal, persecuting the church; touching the righteousness which is in the law, blameless.

7 But what things were gain to me, those I counted loss for Christ.

8 Yea doubtless, and I count all things *but* loss for the excellency of the knowledge of Christ Jesus my Lord: for whom I have suffered the loss of all things, and do count them *but* dung, that I may win Christ,

9 And be found in him, not having mine own righteousness, which is of the law, but that which is through the faith of Christ, the righteousness which is of God by faith:

10 That I may know him, and the power of his resurrection, and the fellowship of his sufferings, being made conformable unto his death;

11 *Dá fhéuchain* an dtiucfadh dhíom ar éunchor rochdain go heiséirghe na marbh.

12 Ní hé go ráinic mé cheana, nó go bhfuilim fos ar dteachd chum críche: achd atáim ag rioth, *dféuchain* an dtiucfadh dhíom fós breith *uirrthe* do bhrígh go rugadh oram cheana ré Iósa Críosd.

13 A dhearbhráithre, ní mheasuim gur rug mé fós uirrthe: achd *do ním* éinní amháin, ar mbeith dhamh ag dearmad na neitheann atá ar mo chúl, agus ag déunamh mo dhíthchill chum na neitheann atá romham,

14 Riothuim go díán chum an chomhartha do mhían luáidhreachda árdghárma Dé a Níosa Críosd.

15 Uíme sin, an mhéid dhínn atá diongmhalta, biodh a ninntinnse aguinn: achd má tá sibh ar atharrach inntinne, foillséochuidh DÍA a ní céudna dhíbh.

16 Gidheadh, siubhlam air ar nadhuigh sa ní chum a dtangamar, do réir áon ríaghla amháin, agus bímid déinintinn.

17 A dhearbhráithre, bíghidh ré chéile bhur luchd leanmhana agumsa, agus tabhruidh aire don druing shiúbhlas do réir na heasumplára do bheirmídne dhíbh.

18 Oír atáid mórán ag siúbhal, fár labhair mé ribh go minic, agus fá a bhfuilim ag gul a nois dá innisín díbh, *gur* naimhde *íad* do chroich Chríosd:

19 Agár ab damnughadh a gcríoch dheigheanach, agus agár ab é a Ndía a mbolg, agus agá *dtéid* an ghlóir a náire dhóibh, noch smuáineas ar neithibh talmhuidhe.

20 Achd as ar neamh atá ar gcoinbhearsáidne; an tionad as a bhfuil súil aguinn fós ré teachd an Tslánaighthéora, an Tíghearna Iósa Críosd:

21 Noch chuirfeas an gcorp truáillighe a nátharrach crótha, chum a dhéunta cómhchosmhuil ré na chorp glórmhar féin, tres a noibriughadh lér féidir leis na huile neithe fós do chur faói féin.

Caibidil 4

Na neithe móra inleanmhana, 11 agus sásughadh Phóil ris gach ein inmhic.

1 Uime sin, a dhearbhráithre dílghrádhacha dá bhfuil toil mo chroidhe, mo sholás agus mo choróin, seasuidh mar so sa Dtíghearna, a *dhearbhráithre* dílghradhacha.

2 Sírim dathchuinghe ar Ebhódias, agus guídhim Sintiche, bheith déinintinn sa Dtíghearna.

3 Agus sírim dathchuinge ortsa, mar an gcéudna, a chompanuigh charthanaigh, cunnamh ris na mnáibh noch do rinne díthchioll maille riomsa sa tsoisgéul, agus fós maille ré Clemens, agus ris an gcuid eile dom

11 If by any means I might attain unto the resurrection of the dead.

12 Not as though I had already attained, either were already perfect: but I follow after, if that I may apprehend that for which also I am apprehended of Christ Jesus.

13 Brethren, I count not myself to have apprehended: but *this* one thing *I do*, forgetting those things which are behind, and reaching forth unto those things which are before,

14 I press toward the mark for the prize of the high calling of God in Christ Jesus.

15 Let us therefore, as many as be perfect, be thus minded: and if in any thing ye be otherwise minded, God shall reveal even this unto you.

16 Nevertheless, whereto we have already attained, let us walk by the same rule, let us mind the same thing.

17 Brethren, be followers together of me, and mark them which walk so as ye have us for an ensample.

18 (For many walk, of whom I have told you often, and now tell you even weeping, *that they are* the enemies of the cross of Christ:

19 Whose end is destruction, whose God is *their* belly, and *whose* glory is in their shame, who mind earthly things.)

20 For our conversation is in heaven; from whence also we look for the Saviour, the Lord Jesus Christ:

21 Who shall change our vile body, that it may be fashioned like unto his glorious body, according to the working whereby he is able even to subdue all things unto himself.

Chapter 4

1 Therefore, my brethren dearly beloved and longed for, my joy and crown, so stand fast in the Lord, *my* dearly beloved.

2 I beseech Euodias, and beseech Syntyche, that they be of the same mind in the Lord.

3 And I intreat thee also, true yokefellow, help those women which laboured with me in the gospel, with Clement also, and *with* other my

luchd cabhartha, agá *bhfuilid* a nanmanna a leabhar na beatha.

4 Dénuidh gáirdeachas do shíor sa Dtíghearna: a deirim a rís, Dénuidh gáirdeachas.

5 Bíodh suáimhneas bhur ninntinne follas do na huile dhaóinibh. *Atá* an Tíghearna láimh ribh.

6 Ná bíodh ró chúram neithe ar bith oruibh; achd sa nuile ní biodh bhur níarratus foillsighthe do Dhía a nurnuighe agus a nathchuinge maille ré breith buidheachais.

7 Agus coimhéudfuigh siothcháin Dé sháruigheas a nuile thuigse, bhur gcroidhthe agus bhur ninntinneacha a Níosa Críosa.

8 Tuille eile, a dhearbhraithre, gidh bé ar bithe neithe atá firinneach, gidh bé neithe *atá* trómgha, gidh bé neithe *atá* ceart, gidh bé neithe atá glan, gidh be neithe as fíu grádh, gidh bé neithe ar a bhfuil deaghteisid; ma tá súbhailcighe ar bith, agus má tá moladh, go madh híaad bhías sibh a smuáineadh.

9 Ná neithe fós, do fhóghluim sibh, agus do ghlacabhair, agus do chúalabhair, agus do chonncabhair ionnamsa, deunuidh íad: agus bíaidh Día na síothchána maille ribh.

10 Agus do ghabh gáirdeachas go mór sa Dtíghearna mé, do bhrígh gur éiridh dhíbh fá dheireadh mo chúramsa do bheith oruibh; fós an ní do bhí na chás oruibh, achd nach bhfúarabhair ám.

11 Ní tré riachdanus a deirim so: óir do fhoghluim misi, bheithe sásuigh, ris an staid ann a bhfuilim.

12 As éol damh bheith uiríseal, agus as éol damh bheith iomlán: sa nuile áit agus sna huile neithibh do teaguisgeadh mé ré bheith sáitheach agus ré bheith ocarach, ré bheith líonta agus ré bheith a riachdanus.

13 Tig dhíom na huile neithe do dhéunamh tré Chríosa noch do neartuigheas mé.

14 Thairis sin is maith do rinneabhairse, bheith páirteach rém bhuáidhirtse.

15 Agus fós, atá a fhios aguibhse a Philippianacha, a dtosach an tsoisgéal, an tan do fhág mé Macedonia, nár roinn eaglais ar bith rium a gcunntus tabhartha agus gabhála, achd sibhse amháin.

16 Oír *ar mbeith dhamh* fós a Dtessalonica do chuireabhair chugam uáir nó dhó fóirighin mo riachdanuis.

17 Ní hé go bhfuilim ag íarruidh tabhártuis: achd amháin ag íarruidh toruidh ro líonmhuir chum bhur gconntuise.

18 Fuáir mé a nois na huile neithe, agus atá mo theannsháith agum: do líonadh mé, ar nglacadh dhamh ó Epaphrodítus na neithe

fellowlabourers, whose names *are* in the book of life.

4 Rejoice in the Lord always: *and* again I say, Rejoice.

5 Let your moderation be known unto all men. The Lord *is* at hand.

6 Be careful for nothing; but in every thing by prayer and supplication with thanksgiving let your requests be made known unto God.

7 And the peace of God, which passeth all understanding, shall keep your hearts and minds through Christ Jesus.

8 Finally, brethren, whatsoever things are true, whatsoever things *are* honest, whatsoever things *are* just, whatsoever things *are* pure, whatsoever things *are* lovely, whatsoever things *are* of good report; if *there be* any virtue, and if *there be* any praise, think on these things.

9 Those things, which ye have both learned, and received, and heard, and seen in me, do: and the God of peace shall be with you.

10 But I rejoiced in the Lord greatly, that now at the last your care of me hath flourished again; wherein ye were also careful, but ye lacked opportunity.

11 Not that I speak in respect of want: for I have learned, in whatsoever state I am, *therewith* to be content.

12 I know both how to be abased, and I know how to abound: every where and in all things I am instructed both to be full and to be hungry, both to abound and to suffer need.

13 I can do all things through Christ which strengtheneth me.

14 Notwithstanding ye have well done, that ye did communicate with my affliction.

15 Now ye Philippians know also, that in the beginning of the gospel, when I departed from Macedonia, no church communicated with me as concerning giving and receiving, but ye only.

16 For even in Thessalonica ye sent once and again unto my necessity.

17 Not because I desire a gift: but I desire fruit that may abound to your account.

tháinic uáibhse, an baladh dheaghbhaluidh, an níodhbairt thaitneamhach, ar a bhfuil gean ag Día.

19 Agus fóirfidh mó Dhíasa gach uile uireasbhuidh dhá mbía oruibhse do réir a sháidhbhris maille ré glóir a Níosa Críosa.

20 Agus glóir do Dhía eadhon ar Nathairne go sáoghal na sáoghal. Amen.

21 Teannuidh ribh gach uile náomh a Níosa Críosa. Cuirid na dearbhraithre atá um fhochairse a mbeannachd chuguibh.

22 Cuirid na naóimh uile a mbeannachd chuguibh, agus go mórmhór an dream atá do luchd tige Shéusair.

23 Grása ar Dtíghearna Íosa Críosa maille ribh uile. Amen.

18 But I have all, and abound: I am full, having received of Epaphroditus the things *which were sent* from you, an odour of a sweet smell, a sacrifice acceptable, wellpleasing to God.

19 But my God shall supply all your need according to his riches in glory by Christ Jesus.

20 Now unto God and our Father *be* glory for ever and ever. Amen.

21 Salute every saint in Christ Jesus. The brethren which are with me greet you.

22 All the saints salute you, chiefly they that are of Caesar's household.

23 The grace of our Lord Jesus Christ *be* with you all. Amen.

Epistil Phoil absdail chum na Gcolossianach

The Epistle of Paul to the Colossians

William O'Domhnuill New Testament
of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611
1769 Edition

Caibidil 1

Chapter 1

*An Críosa firinneach, 18 ceann na heaghuise;
26 noch a nallod bhi diamhar ar na
cineadhachaibh.*

1 Pol, absdal Iosa Críosa tré thoil Dé, agus an dearbhrathair Timotéus,
2 Chum na náomh agus na ndearbhráthar ndíleas a Níosa Críosa a Gcolosse: Grása maille ribh, agus siothcháin, ó Dhía Athair agus ón Dtíghearna Iosa Críosa.
3 Beirmíd a bhuidhe ré Día agus ré Hathair ar Dtíghearna Iosa Críosa, ag déunamh urnuighe do shíor ar bhur sonsa,
4 On tráth fá gcúalamar iomrádh bhur greidimh a Níosa Críosa, agus bhur ngrádh do na huile náomhuibh,
5 Ar son ná muinighne atá ar na cur a gcoimhéud bhur noirchill air neamh, agá bhfuárabhair a túarásgháil roimhe a mbréithir fhírinne an tsoisgéal;
6 Noch tháinic chuguibhse, comhmaith ris an ndomhan uile; agus do bheir toradh úadha, mar do bheir bhur measgsa, ón lá fá gcúalabhair, agus fá bhfuárabhair éolas air ghrás Dé go firinneach:
7 Amhuil fós do fhoghlaim sibh ó Epaphras ar gcoimhshearbhfhoghantuidh grádhach, noch atá ar bhur sonsa na mhinisdir díleas ag Críosa;
8 Noch fós do fhoillsigh dhúinne bhur ngrádhosa tré an Sbioruid.
9 Uime sin, ón lá fá gcúalamar, ní sguirmíd dá bheith ag úrnuighe ar bhur son, agus ag athchuinghe sibhse do bheith líonta déolas a thoilesion a nuile éagna agus thuigse sbioradalta;
10 Ionnis go siúbhfad sibh mar as cubhaidh don Tíghearna maille ré na thoil do dhéunamh sna huile neithibh, ag tabhairt toruidh uáibh sa nuile dheaghobair, agus ag fás a néolas Dé;
11 Ar bhur neartughadh maille ris a nuile neart, tré na chúmhachd glórmharsan, chum na huile fhoighide agus fhulaing maille ré gáirdeachas;

1 Paul, an apostle of Jesus Christ by the will of God, and Timotheus *our* brother,
2 To the saints and faithful brethren in Christ which are at Colosse: Grace *be* unto you, and peace, from God our Father and the Lord Jesus Christ.
3 We give thanks to God and the Father of our Lord Jesus Christ, praying always for you,
4 Since we heard of your faith in Christ Jesus, and of the love *which ye have* to all the saints,
5 For the hope which is laid up for you in heaven, whereof ye heard before in the word of the truth of the gospel;
6 Which is come unto you, as *it is* in all the world; and bringeth forth fruit, as *it doth* also in you, since the day ye heard *of it*, and knew the grace of God in truth:
7 As ye also learned of Epaphras our dear fellowservant, who is for you a faithful minister of Christ;
8 Who also declared unto us your love in the Spirit.
9 For this cause we also, since the day we heard *it*, do not cease to pray for you, and to desire that ye might be filled with the knowledge of his will in all wisdom and spiritual understanding;
10 That ye might walk worthy of the Lord unto all pleasing, being fruitful in every good work, and increasing in the knowledge of God;
11 Strengthened with all might, according to his glorious power, unto all patience and longsuffering with joyfulness;

12 Ag breith bhuídhachais ris a Nathair, noch do rinne sinne iomchubhaidh chum coda dóighreachd na náomh sa tsoillse:

13 Noch do sháor sinn ó chúmhachduibh an dorchaduis, agus do atharruigh *sinn* go rioghachd a Mhic ionmhuin féin:

14 Ion a bhfuil an fúasgladh aguinn tré na fhuil, *eadhon* maithmheachas na bpeacadh:

15 Noch atá na iomháigh don Día dofhaicsigh, na chéidghin na nuile chreatúr:

16 Oír is leisean do crúthuigheadh na huile neithe, noch atá ar neamh, agus ar talamh, sófhaicsigh agus dófhaicsigh, más árdchaithreacha *iad*, nó tíghearnuis, nó úachdaránachd, nó cúmhachda: as leision agus ar a shonsan, do crúthugheadh *iad* uile:

17 Agus atá féin roimh na huile neithibh, agus is trídson sheasaid na huile neithe a bhfochair a chéile.

18 Agus as eision ceann chuirp, na heagluisi: agar ab é an tosach é, an chéidgin ó mharbhuibh; chum airdcheannuis do bheith aige ós cionn na huile.

19 Oír do thogair an Tathair a nuile iomláine do chómhnuidhe annsan:

20 Agus, na huile neithe do dhéunamh réidh ris féin thrídson, ar ndéunamh siothchána tré fhuil a chroichesean; mas air talamh *iad*, no air neamh.

21 Agus sibhse, do bhí a nallód bhur goimhightheachuibh agus bhur náimhdíbh ann *bhur* ninntinn tré drochóibrighibh, do réidhigh sé a nois daóibh

22 A gcorp a fhéola féin tré bhás, chum bhur ndéunta náomhtha glan agus neimhchiontach na fhiadhnuise féin:

23 Má chómhnuigheann sibh go fonndameinteach daingean sa gcreideamh, gan bheith dhíbh ar bhur nathrughadh ó mhuinighin an tsoisgéal, noch do chúalabhair, agus do rinneadh sheanmóir dá gach uile chreatúr atá faói neamh, dá bhfuilimse Pól am mhinidir;

24 Noch do ní a nois gairdeachas ann sna neithibh fhuilingim ar bhur sonsa, agus choimhlíonas fuigheall buáidheartha Chríod am fheoil ar son a chuirpsion, eadhon a neagluis:

25 Dá ndearnadh minidir dhíom, do réir fheadhmanntuis Dé tugadh dhamh bhur dtáobhsa, chum breithre Dé do choimhlíonadh;

26 An ruindiamhair do bhí folaighthe ó thús an domhuin agus ó ré na sinnsear, achd a nois atá ar na fhoillsiughadh dhá naómhuibhsion:

27 Dar thogair Día a fhoillsiughadh créd é siadhbhread ghlóire an ruindiamhairse a measg na Gcineadhach; agár ab é Críod é bhur measgsa, muinighin na glóire:

12 Giving thanks unto the Father, which hath made us meet to be partakers of the inheritance of the saints in light:

